



An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide

C

O

M

08

R

E

G

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Arna chur i láthair ag an Aire Cumarsáide,
Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha de réir
Alt 32 an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002.

Ráiteas Misin

Éascaíonn ComReg
forbairt iomaíoch
agus dhinimiciúil ar
earnáil chumarsáide
in Éirinn agus tugann
an chumhacht do
thomhaltóirí roghanna
eolasacha a dhéanamh.

Clár

| | |
|---|----|
| 1. Maidir le ComReg | |
| a. Na Coimisinéirí | 2 |
| b. An Fhoireann Bainistíochta Fheidhmeach | 3 |
| c. Struchtúr agus Ról ComReg | 4 |
| d. Athbhreithniú an Chathaoirligh | 6 |
| 2. Sracfhéachaint ar an Earnáil Chumarsáide | 8 |
| 3. Cúrsaí Iomaíochta | 12 |
| 4. Nuáil agus Bainistiú Speictrim | 18 |
| 5. Na Tomhaltóirí | 22 |
| 6. Ceadúnú maidir le Speictream an Raidió | 28 |
| 7. Uimhreacha | 34 |
| 8. Rialáil Poist | 38 |
| 9. Gnóthaí Idirnáisiúnta | 44 |
| 10. Seirbhísí Corparáideacha | 46 |
| 11. Cumarsáid agus Foilseacháin | 48 |
| 12. Rialachas Corparáide | 48 |
| 13. Ráitis Airgeadais | 49 |
| 14. Aguisín 1 Liosta na gcáipéisí arna bhfoilsiú ag ComReg i rith na bliana | 68 |

Na Coimisinéirí



John Doherty
An Cathaoirleach
Coimisinéir



Mike Byrne
Coimisinéir




Alex Chisholm
Coimisinéir

An Fhoireann Bainistíochta Fheidhmeach



1. George Merrigan
Stiúrthóir
An Rannán don Chreat Margaidh

2. Donal Leavy
Stiúrthóir
An Rannán Mórdhíola



3. Shay O'Malley
Stiúrthóir
An Rannán do Sheirbhísí
Miondíola agus Tomhaltóirí

4. Yvonne White
Stiúrthóir
An Rannán do Sheirbhísí
Corparáideacha

Struchtúr agus ról na heagraíochta

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) an 1 Nollaig 2002. Is faoi stiúir tríúr Coimisinéirí atá ComReg faoi láthair, John Doherty (An Cathaoirleach), Mike Byrne agus Alex Chisholm. Tá sé comhdhéanta de cheithre Rannán le tacaíocht ó Chomhairleoir Dlí Sinsearach agus Comhairleoir Eacnamaíochta. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmiúla a bhíonn ag obair go hildisciplíneach.

Is é ComReg, mar chomhlacht reachtúil, atá freagrach as rialáil na hearnála cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, raidióchumarsáid agus craolachán) agus na hearnála poist. Is é ComReg údarás rialála náisiúnta na n-earnálacha seo de réir Dlí an AE agus Dlí na hÉireann.

Tá ComReg freagrach as iomaíochas a chur chun cinn, tomhaltóirí a chosaint agus nuáil a spreagadh. Bímid ag plé le saincheisteanna casta maidir le dlí, eacnamaíocht agus teicneolaíocht agus cinntimid go mbíonn gach cinneadh a ndéanaimid mínithe go soiléir. Is mar chomhlacht coláisteach a fheidhmíonn ComReg agus déanann na Coimisinéirí na cinntí i gcomhar le chéile. Feictear dúinn gur rud tábhachtach é sin a dhéantar i spiorad an Achta um Rialáil Cumarsáide 2002, faoinar bunaíodh an Coimisiún.

Toisc gurb é ComReg an tÚdarás Rialála Náisiúnta, tá raon leathan freagrachtaí air maidir le seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonaigh agus le cúrsaí poist agus speictrim a bhainistiú. Leagtar na freagrachtaí sin amach i roinnt de na reachtanna agus sa reachtaíocht thánaisteach. Cuireadh go mór le freagrachtaí agus cumhachtaí ComReg agus leis na bearta forfheidhmithe a bhí ar fáil dó sa bhliain 2007, faoin Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007. Tugadh cumhacht ach go háirithe do ComReg i gcúrsaí comhiomaíochta maidir le cumarsáid leictreonaigh agus seirbhísí leictreonaigh.

Áirítear iad seo a leanas ar shainchúraimí ComReg maidir le líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide:

- Seanchóras na dteileafón;
- Líonraí soghluaiste trína gcuirtear seirbhís teileafón agus seirbhís sonraí ar fáil;
- Raidióchumarsáid lena n-áirítear seirbhís fhosaitheach gan sreang lena gcuirtear raon de sheirbhísí éagsúla;
- Tarchur teilifíse agus raidió ar an seanchóras;
- Teilifís chábla;
- Oibríochtaí MMDS agus sraonaire trina soláthraítear seirbhís teilifíse;
- Scéimeanna ceadúnais Tástála agus Trialach;
- Creat ceadúnaithe do Sheirbhísí Satailíte in Éirinn.

Ina theannta sin, faoi Alt 10 agus Alt 12 den Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, tá raon feidhmeanna agus cuspóirí ag ComReg maidir le líonraí cumarsáide leictreonaigh, seirbhísí cumarsáide leictreonaigh a sholáthar mar aon leis na saoráidí agus cúrsaí poist a bhaineann leo.

Áirítear orthu sin:

- A chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí;
- Iomaíocht a chur chun cinn;
- Cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh;
- Leasanna na n-úsáideoirí sa Chomhphobal Eorpach a chur chun cinn;
- A chinntiú go ndéantar an speictream minicíochta raidió agus na huimhreacha ón scéim uimhrithe náisiúnta a bhainistiú go héifeachtúil agus a úsáid;
- Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn, go háirithe an fáil atá ar sheirbhís uilíoch ar phraghas inacmhainneach sa Stát agus isteach agus amach as an Stát, ar mhaithe le húsáideoirí agus daoine faoi mhíchumas ina measc.

Leagtar amach an Tuarascáil seo le gur féidir gníomhaíochtaí ComReg maidir leis na réimsí sin go léir a léiriú. Déanann ComReg an bealach isteach san earnáil chumarsáide a éascú, chun iomaíocht a chumasú, trí sholáthar líonraí agus seirbhísí a údarú go ginearálta agus tríd an rochtain ar líonraí a rialú le go mbeidh rogha níos fearr ar fáil do thomhaltóirí gnó agus príobháideacha. Is earnáil í seo ina bhfuil cúrsaí teicneolaíochta agus cumarsáide araon ag athrú go rí-thapa agus is faoi ComReg atá sé creat a chur ar fáil a thabharfaidh raon seirbhísí nua isteach, lena n-áirítear mar shampla Líonraí den Chéad Ghluin Éile, 3G agus Córais Leathanbhanda gan Sreang i Réimsí Logánta (FWALA) chomh maith le Scéim Ceadúnais Tástála agus Trialach.

Is é an fócas rialaithe maidir leis an tseirbhís phoist, atá ag feidhmiú i margadh nach bhfuil go hiomlán léirscaoilte, an Oibleagáid Seirbhíse Uilíche (USO) a chothabháil agus a chinntiú go mbíonn praghsanna an Phoist bunaithe ar chostais. Tá ComReg freagrach freisin as feabhsúcháin maidir le cáilíocht seirbhíse a mhaoirsiú trí spriocanna seachadta poist a shocrú agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht feidhmíochta na seirbhíse agus na spriocanna a chur i gcomparáid leis na caighdeáin Eorpacha.

Dírítear ár ngníomhaíochtaí ar úsáideoirí agus ar oibreoirí cumarsáide gnó agus baile. Sa Tuarascáil Bhliantúil seo léirítear ár bpríomhghníomhachtaí idir lúil na bliana 2007 agus deireadh mhí Meithimh na bliana 2008.

Oifig an Choimisinéara

An Coimisinéir John Doherty (An Cathaoirleach)

An Coimisinéir Mike Byrne

An Coimisinéir Alex Chisholm

Déan teagmháil le Marie Cussen

Cúntóir Feidhmiúcháin an Choimisiúin ag 01 8049689

Déan teagmháil le Colette Andrews

Cúntóir an Choimisiúin ag 01 8049644

Rannáin ComReg:

Stiúrthóir an Rannáin don Chreat Margaidh

George Merrigan

Tá an Rannán don Chreat Margaidh freagrach as an speictream raidió a bhainistiú. Ina theannta sin, déanann sé córas údaraithe ginearálta na hearnála cumarsáide leictreonaí in Éirinn a mhaoirsiú agus déanann sé faireachán ar chomhlíonadh na gcoinníollacha údaraithe ginearálta. Tá sé freagrach chomh maith as rialáil na hEarnála Poist. Déanann an Rannán don Chreat Margaidh an speictream raidió a bhainistiú agus eisíonn thart ar 19,000 ceadúnas Raidió-Teileagrafaíochta le cuideachtaí éagsúla agus le daoine aonair éagsúla. Ina theannta sin, riarann an Rannán don Chreat Margaidh an Plean Uimhrithe Náisiúnta d'Éirinn agus cuireann creat ar fáil lenár féidir táirgí rialála nua a thabhairt isteach sa mhargaidh fhosaithe agus gan sreang araon.

Déan teagmháil le Sinéad Devey,

Cúntóir Rannáin an Choimisiúin ag 01 8049621

Stiúrthóir an Rannáin Mhórdhíola

Donal Leavy

Déanann an Rannán Mórdhíola na saincheisteanna go léir a bhaineann le rialáil an mhargaidh theileachumarsáide mhórdhíola a láimhseáil, lena n-áirítear nithe ar nós idirnasc, réiteach díospóidí, díchuachadh na lúibe áitiúla agus praghsáil na dtáirgí mórdhíola rialaithe. Tá baint aige freisin le cúrsaí imscartha leathanbhanda agus líonraí leathanbhanda den chéad ghlúin eile. Tá an Rannán Mórdhíola freagrach as comhlíonadh na ndualgas teileachumarsáide. Tá an Rannán freagrach freisin as cúrsaí rialála airgeadais na hearnála teileachumarsáide agus as cúrsaí airgeadais agus feidhmeanna bainistíochta riosca ComReg féin chomh maith.

Déan teagmháil le Claire Kelly,

Cúntóir Rannáin an Choimisiúin ag 01 8049710

Stiúrthóir an Rannáin do Sheirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí

Shay O'Malley

Déanann an Rannán do Sheirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí na polasaithe maidir le hidirghníomhaíocht dhíreach idir tomhaltóirí agus díoltóirí seirbhísí a láimhseáil. Áirítear air seo réimsí ar nós rochtain uilíoch ar sheirbhís teileachumarsáide a chur ar fáil, cearta tomhaltóra, gnéithe ar leith a bhaineann le praghsáil mhiondíoltóirí agus tuairimí na dtomhaltóirí agus an lucht gnó i dtaobh margadh na cumarsáide leictreonaí agus an phoist a bhailiú trí shuirbhéanna agus a chur i láthair. Tá an Rannán freagrach freisin as an idirghníomhaíocht a dhéanamh thar ceann ComReg le hInstitiúidí an AE agus le Grúpa Rialtóirí na hEorpa ina measc. Tá an Rannán freagrach freisin as comhairle eacnamaíoch a chur ar fáil don Choimisiún. Tá an Rannán do Sheirbhísí Miondíola agus Tomhaltóirí freagrach as faireachán a dhéanamh ar cháilíocht seirbhíse na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ) agus áirítear faireachán ar cháilíocht seirbhíse soláthraí SFGÉ mar chuid den fhreagracht sin freisin.

Déan teagmháil le Michelle Townshend,

Cúntóir Rannáin an Choimisiúin ag 01 8049654

Stiúrthóir an Rannáin do Sheirbhísí Corparáideacha

Yvonne White

Déanann an Rannán seo gnóthaí corparáide agus straitéisí cumarsáide den scoth a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le go gcuirfead le feidhmíocht agus éifeachtacht na heagraíochta. Tá sé freagrach as acmhainní daonna, córais faisnéise, saoráil faisnéise, caidrimh phoiblí agus gnáthfheidhmeanna bainistíochta na saoráide. Tá roinnt dámhachtainí móra bainte amach ag ComReg i réimse na nAcmhainní Daonna agus áirítear An Scoth Trí Dhaoine agus dámhachtain náisiúnta oiliúna Fhoras Oiliúna agus Forbartha Éireann orthu sin. Tugann na dámhachtainí mór le rá seo aitheantas d'eagraíochtaí a léiríonn dea-chleachtas i gcúrsaí Acmhainní Daonna agus tiomantas leanúnach i bhforbairt na n-acmhainní daonna.

Déan teagmháil le Sharon Ward,

Cúntóir Rannáin an Choimisiúin ag 01 8049720

An tAonad Cumarsáide

Eisíonn an tAonad Cumarsáide preas ráiteas, teachtaireachtaí agus ráitis eile chuig na meáin agus chuig an bpobal thar ceann ComReg. Ina theannta sin, déanann an tAonad seo ár láithreán gréasáin a bhainistiú, ár gcomhdhálacha a eagrú agus ár dTuarascáil Bhliantúil agus foilseacháin eile, nuachtlitir ComReg ina measc, a fhoilsiú.

Déan teagmháil le Tom Butler,

Bainisteoir Cumarsáide an Choimisiúin ag 01 8049639

Athbhreithniú an Chathaoirligh



John Doherty
An Cathaoirleach

Ba iomaíocht láidir agus forbairt sheasta príomhthréithe na hearnála cumarsáide leictreonaí sa bhliain 2008. Bhí fás láidir ar an líon tomhaltóirí atá ag fáil leathanbhanda agus bhí níos mó iomaíochta tras-ardán san earnáil línte fosaithe agus san earnáil shoghluaiste.

Tá sé riachtanach go bhfanann margadh na cumarsáide leictreonaí agus an phoist in Éirinn bríomhar, in ainneoin na timpeallachta oibríochta níos dúshlánaí, le go ndéanfar an infheistíocht agus an nuálaíocht a bhfuil gá leo chun tacú lenár riachtanais eacnamaíochta, sóisialta agus oideachais. Is é sainordú ComReg margadh iomaíoch a chruthú, tomhaltóirí a chosaint agus a chur ar an eolas agus nuáil a chothú.

Chruthaigh an earnáil chumarsáide leictreonach ioncam de thart ar €4.46 billiún ag deireadh mhí an Mheithimh 2008. Ba fás leanúnach an mhargaidh leathanbhanda, lena n-áirítear leathanbhanda soghluaiste agus cumarsáid shoghluaiste is mó a chuir dlús leis an bhfás agus an iomaíocht.

Leathanbhanda

D'fhás sciar an leathanbhanda go láidir i rith na bliana toisc níos mó margaíochta a bheith a dhéanamh ag líon níos mó de sholáthraithe seirbhíse idirlín (ISPs), toisc ríomhaire a bheith ag níos mó daoine agus toisc infheistíocht leanúnach a dhéanamh ar ardán eile mar shampla Rochtain Fosaitheach Gan Sreang agus Cábla.

Bhí breis is 1 milliún síntiúsóir idirlín ag úsáid teicneolaíocht leathanbhanda faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008 agus bhí borradh de bhreis is 50% ar an líon daoine a bhí ag fáil leathanbhanda agus is é sin an ráta fáis is airde a thairfeadaigh an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), le linn na tréimhse athbhreithnithe.

Díchuachadh na Lúibe Áitiúil (LLU)

Feabhsaíodh an tSraith Táirgí LLU go mór an bhliain seo caite mar thoradh ar idirghabháil a rinne ComReg. Cuireadh an tSraith Táirgí LLU agus na próisis feabhsaithe ar fáil don mhargadh i mí Mheán Fómhair 2007 mar a bhí comhaontaithe le Eircom. Tháinig méadú i muintín an mhargaidh sa táirge mar thoradh ar na feabhsúcháin sin. Táthar ag obair go leanúnach i bhFóram Tionscail LLU le gur féidir tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh leis an LLU, sa mhéid a bhaineann le Dearbhú na Seirbhíse ach go háirithe. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008 bhí suas le 20,000 líne díchuachta.

Seirbhísí Soghluaiste

Lean an margadh soghluaiste in Éirinn ag fás i rith na bliana atá faoi athbhreithniú agus b'fhiú 120% a ráta sciar. Laghdaigh ioncam bliantúil an mhargaidh shoghluaiste go €1.96bn i mí an Mheithimh 2008, áfach, mar thoradh ar níos mó iomaíochta sa mhargadh, laghdaithe san ioncam ó fhánaíocht mar thoradh ar uasteorainneacha praghaís nua ón AE, níos mó lascaín ar sheirbhísí laistigh de chuachadh agus laghdaithe i rátaí scoir maidir le seirbhís shoghluaiste. Is seirbhís réamhíochta atá i gceist i gcás 71% de shíntiús le haghaidh seirbhísí soghluaiste. Ba iad seo a leanas scaireanna na bpríomhoibreoirí den mhargadh le linn na tréimhse athbhreithnithe: Vodafone 43%, O2 33%, Meteor 19% agus 3 Ireland 5%. Tá an tseirbhís teachtaireachta SMS seirbhís an-cháiliúil in Éirinn i gcónaí agus seolann gach síntiúsóir thart ar 157 teachtaireacht SMS sa mhí. Ina theannta sin, tá dhá oibreoir MVNO sa mhargadh freisin, Tesco agus Eircom Mobile. Tá sé tugtha le fios ag an bPost go bhfuil sé i gceist acu teacht isteach sa mhargadh go luath freisin, i gcomhar le Vodafone.

Tionscnaimh ar mhaithe le Tomhaltóirí

Is gné lárnach de chuid oibre ComReg é an tomhaltóir a chosaint agus a chur ar an eolas faoin a gcearta maidir leis na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist. Bhí ComReg dírithe go láidir ar shaincheisteanna tomhaltóra i rith an ama.

Leanfaidh ComReg ag obair le lucht tionscail agus gníomhaireachtaí iomchuí eile lena chinntiú go bhfuil raon leathan eolais ar fáil do thomhaltóirí a chabhróidh leo na táirgí nó seirbhísí cumarsáide cuí a roghnú.

Rinne ComReg dul chun cinn ar roinnt tionscadal lárnach ar mhaithe le tomhaltóirí agus áiríodh tionscnamh chun cabhrú le tomhaltóirí a mbillí a léamh agus a thuiscint i gceart ar na tionscadail sin. Sheol ComReg caighdeán cáilíochta maidir le leagan amach na mbillí teileachumarsáide, arna forbraíodh i gcomhpháirtíocht le Cumann Barr Feabhais Cáilíochta na

hÉireann, i mí na Samhna 2007. Forbraíodh an caighdeán seo chun dea-chleachtas a chur chun cinn agus chun oibreoirí a spreagadh chun billí iomlán soiléir agus sothuigthe a chur ar fáil do thomhaltóirí.

Lean ComReg freisin den obair a bhí ar bun aige, ag cinntiú go mbíonn riachtanais chumarsáide dhaoine faoi mhíchumas á sásamh. Bhunaigh ComReg agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) fóram i gcomhar le chéile ar sheirbhísí teileachumarsáide do dhaoine faoi mhíchumas. Chuir ComReg agus an NDA cruinniú eolais ar siúl ar fheasacht san earnáil teileachumarsáide maidir le mhíchumas i mí Dheireadh Fómhair agus ansin i mí na Samhna, chuireadar ceardlann ar siúl maidir le dearadh uilíoch uilechuimsitheach a chruthú a bheadh oiriúnach do gach aon úsáideoir. Bhí sé mar chuspóir na ceardlainne na hoibreoirí teileachumarsáide a oiliúint maidir le na riachtanais na dtomhaltóirí go léir.

Lean ComReg ag foilsiú táscairí feidhmíochta Eircom faoina hOibleagáidí Seirbhíse Uilíche. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil do thomhaltóirí le go mbeidh gach eolas acu maidir le soláthar seirbhísí bunúsacha teileafóin, lena n-áirítear an t-am a ghlactar chun iad a shuiteáil agus lochtanna a dheisiú. Leag ComReg spriocanna éigeantacha síos i mí Bealtaine 2008 maidir le soláthar na línte, lochtrátaí agus rátaí deisithe lochtanna le go mbeadh ar Eircom feabhsúcháin a dhéanamh sna réimsí sin.

Speictream agus Nuáil

Tá ról tábhachtach ag an earnáil teileachumarsáide gan sreang i ngeilleagar na hÉireann. Bhí breis agus 30,000 duine fostaithe go díreach san earnáil seo sa bhliain 2006 de réir meastachán a rinne ComReg i rith na bliana 2008 agus chuir an earnáil raidió tuairim is €3billiún leis an ngeilleagar sa bhliain chéanna, bunaithe ar mheastachán coimeádach. Is ionann é sin agus 1.67% d'Olltáirgeacht Intíre (GDP) na hÉireann sa bhliain chéanna.

Chuaigh ComReg i ndáil comhchomhairle maidir lena ráiteas straitéise speictrim agus d'fhoilsigh é, i rith na bliana 2008. Sa ráiteas seo leagtar amach an straitéis atá aige chun úsáid an speictrim raidió a bhainistiú in Éirinn idir 2008 agus 2010, lena chinntiú gur féidir le húsáideoirí deiridh na tairbhí straitéiseacha, eacnamaíochta agus sóisialta is mó a ghíaráil ó úsáid an speictrim raidió. Cuimsítear na seirbhísí go léir sa straitéis agus tugtar moltaí ComReg ann maidir leis na gnímh atá beartaithe acu don dhá bhliain amach romhainn.

Thug ComReg an Tábla Leithroinntí Minicíochtaí Náisiúnta cothrom le dáta le linn na tréimhse athbhreithnithe, sa chaoi go dtaispeánfaí cinntí is déanaí an Choimisiúin Eorpaigh i dtaobh comhchuibhiú an speictrim raidió agus na mionathruithe sa ráta úsáide náisiúnta mar shampla, oscailt an nascbanda fosaithe 80 GHz.

Chuir ComReg tús leis an gclár forbartha speictrim sa bhliain 2008 chun buntáiste nádúrtha na hÉireann ó thaobh acmhainní speictrim raidió atá réasúnta saor ó thrasnaíocht a chur chun cinn. Rinne ComReg an-obair i rith na bliana 2008 le go mbeadh fios ag a líon mór geallsealbhoirí faoin mbuntáiste seo agus chur sé an scéim ceadúnaithe Tástála agus Trialach chun cinn mar shlí ina bhféadadh Éirinn a bheith mar phríomhát tástála do thástáil córais gan sreang agus do sheirbhísí thrialach.

Tar éis ceadúnas tástála seirbhísí a fháil maidir le Cumarsáid Shoghluaiste ar Aerárthaí (MCA), cuireadh comhchomhairle ar bun maidir le córas rialála seasta do sheirbhísí MCA. Foilsíodh freagra na comhchomhairle i mí na Bealtaine agus glacadh le hIonstraim Reachtúil Uimhir 178 de 2008 i mí an Mheithimh agus tríd sin tugadh díolúine do na seirbhísí seo ar choinníoll go gcomhlíontar na riachtanais aeracmhainneachta agus go bhfuil údarú ginearálta ag soláthraí na seirbhíse.

Cúrsaí Poist

Is é ComReg an tÚdarás Rialála Náisiúnta i gcomhair na hearnála Poist in Éirinn. Tá sé mar chuspóir reachtúil ag ComReg forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus fáil ach go háirithe ar Sheirbhís Uilíoch Poist sa Stát agus isteach agus amach as an Stát, ar phraghas inacmhainneach ar mhaithe leis na húsáideoirí go léir.

Foilsíodh an Tríú Treoir Poist de chuid an Aontais Eorpaigh i mí Feabhra 2008 inar tugadh sainordú i leith na margadí poist a oscailt ó thaobh iomaíochta tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2010. Dar le ComReg tá trí shaincheist lárnach ann a chinnteoidh cén tairbhe a bhainfidh le tomhaltóirí mar gheall ar iomaíocht a thabhairt isteach i margadh poist na hÉireann. Is iad an smacht ar phraghsanna, cáilíocht na seirbhíse agus soláthar seirbhíse uilíoch na saincheistanna sin. In oirchill na bhforbairtí sin, d'fhoilsigh ComReg a ráiteas straitéise poist i gcomhair na trí bliana amach romhainn sa mhí chéanna.

Sa ráiteas déantar cur síos ar phlean ComReg maidir le seachadadh rathúil na bpríomhthosaíochtaí a aithníodh thar na trí bliana seo agus tá Plean Gnímh bliantúil ag dul leis ina leagtar amach sonraí na ngníomhaíochtaí a bhfuil tús áite acu agus an creat ama ina ndéanfar iad. Taispeánann ComReg sa phlean gur cheart ról agus dualgais ComReg faoin reachtaíocht a léiriú sa ráiteas straitéise agus gur cheart go mbeadh solúbthacht go leor ann le dúshláin na timpeallachta oibríochta síorathraithe ina bhfeidhmíonn sé a chomhlíonadh.

Sracfhéachaint ar an earnáil chumarsáide

Forléargas

- Lean an iomaíocht i margadh cumarsáide na hÉireann ag forbairt sa bhliain 2007 de réir mar a bhí oibreoirí ag forbairt táirgí agus seirbhísí nua mar shampla táirgí gutha, sonraí agus teilifíse cuachta chomh maith le leathanbhanda. Ina theannta sin tháinig roinnt oibreoirí nua isteach sa mhargadh, mar atá Tesco Mobile, Eircom Mobile agus 3PlayPlus agus rinneadh socruithe comhaontais agus cumaisc idir príomhoibreoirí an mhargaidh mar shampla fáil Perlico i gcás Vodafone, GlanTeil i gcás Magnet agus Irish Broadband i gcás Imagine. Chruthaigh an earnáil chumarsáide leictreonach ioncam de thart ar €4.46 billiún ar bhonn bliantúil go deireadh mí an Mheithimh 2008. Ag deireadh na tréimhse sin, b'ionann an earnáil línte fosaithe (lena n-áirítear leathanbhanda) agus 52% den mhargadh seo, b'ionann ioncam ón earnáil shoghluaiste agus 44% agus b'ionann an 4% a bhí fágtha agus an t-ioncam ón margadh craolacháin.
- Bhí claonadh níos mó ann fón póca a úsáid mar príomhghléas cumarsáide agus mar gheall air sin ní raibh tithe príobháideacha ach go háirithe ag brath chomh mór sin ar línte fosaithe. Léiríonn taighde¹ ComReg go raibh línte fosaithe ag thart ar 68% de thithe príobháideacha faoi Bhealtaine 2008 agus go raibh fón póca ag 90% de dhaoine fásta. De réir mar a laghdaíonn na líonta tí nach bhfuil ag roghnú línte fosaithe, bíonn éileamh ar na seirbhísí leathanbhanda soghluaiste agus gan sreang mar shlí mhalartach chun leathanbhanda a fháil.
- D'fhás sciar an leathanbhanda go láidir le linn na tréimhse toisc go raibh níos mó margaíochta á dhéanamh ag líon méadaithe de Sholáthraithe Seirbhíse Idirlíne (ISP), go bhfuil níos mó daoine ann a bhfuil ríomhairí acu, go bhfuil tuilleadh infheistíocht á dhéanamh i gcónaí ar ardáin eile ar nós Rochtain Fosaitheach Gan Sreang agus móideim cábla chomh maith le na táirgí soghluaiste leathanbhanda nua atá á bhforbairt ag na soláthraithe táirge soghluaiste. Faoi mí Bealtaine 2008², bhí ceangal leathanbhanda leis an Idirlíne ag 76% de thithe ina raibh seirbhís idirlín.
- Bhí sciar de 120% ag na seirbhísí soghluaiste faoi dheireadh mhí an Mheithimh, toisc go raibh níos mó ná cárta SIM amháin ag daoine, gur tugadh cártaí sonraí leathanbhanda soghluaiste agus móideimí isteach sa mhargadh a úsáideann teicneolaíocht ar nós HSDPA (Paicéad Sonraí Rochtana Ardluais) agus ina theannta sin bhí soláthraithe ar nós Tesco Mobile ag teacht isteach sa mhargadh freisin.
- D'fhás an líon tí ina raibh seirbhís teilifíse dhigiteach go tréan agus faoi mhí an Mheithimh 2008, bhí seirbhís dhigiteach ag suas le 57% de thithe ina raibh teilifís in ionad seirbhís cábla nó líonra satailíte teilifíse.

Líon na nOibreoirí

Ní mór d'oibreoirí in Éirinn é a chur in iúl do ComReg go bhfuil sé i gceist acu líonraí nó seirbhísí a sholáthar do tríú páirtithe, de réir an phróisis údaraithe. Chláraigh ComReg 431 fógraí dá leithéid faoi mhí an Mheithimh 2008.


Sciar den Mhargadh Fosaithe

Léiríonn sonraí maidir le hoibreoirí a fuarthas tríd an tsuirbhé don Tuarascáil Ráithiúil gurb ionann sciar na nOibreoirí Údaraithe Eile (OAOanna) agus 32% de mhargadh iomlán na línte fosaithe ó thaobh ioncain faoi Mheitheamh 2008³.

Seirbhís Línte Fosaithe: CPS & WLR

Is féidir líonraí línte fosaithe a rochtain go hindíreach ag úsáid Seirbhís Réamhroghnaithe Iompróra (CPS) áit a mbíonn an tseirbhís ghlaio á chur ar fáil ag oibreoir trí líonra an oibreora a bhfuil an tseirbhís sin ina shealbh. Íocann an custaiméir cíos na líne leis an dara oibreoir. Is féidir le hoibreoir an tSeirbhís Líne ar Cíos Mórdhíola (WLR) a chur ar fáil don tomhaltóir freisin faoina dhéantar cíos na líne fosaithe agus costais na nglaoanna ó líne fhosaithe ar fad curtha san áireamh sa bhille amháin. Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008 b'ionann sciar WLR agus 77% de na línte curtha ar fáil go hindíreach, sciar ar ionann é agus 75% ag deireadh mhí Meithimh 2007, rud a léirigh gurb fhearr le tomhaltóirí bille amháin a fháil ó sholáthróir na seirbhíse. De réir suirbhé⁴ a rinne ComReg ar thithe príobháideacha idir Aibreán agus Bealtaine 2008, b'ionann an meánchaiteachas démhíósúil ar ghlaonna ó líne fhosaithe agus €95.36, cé gur €97.20 a bhí ann bliain roimhe sin.

Fíor 1.1: Rochtain Indíreach: CPS agus WLR
Seirbhís Réamhroghnaithe Iompróra agus Seirbhís Cíos Líne Mórdhíola



¹ Suirbhé a rinne Millward Brown IMS, is féidir teacht air ach cliceáil ar an nasc seo a leanas: http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0849.pdf

² Suirbhé a rinne Millward Brown IMS, is féidir teacht air ach cliceáil ar an nasc seo a leanas: http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0849.pdf

³ Bunaithe ar mheascán cothrom de sruthanna ioncain, mar atá idirnáisc, caolbhanda miondhíola, línte ar léas & sonraí bainistithe, leathanbhanda agus de sruthanna ioncain fosaithe eile.

⁴ Suirbhé a rinne Millward Brown IMS, is féidir teacht air ach cliceáil ar an nasc seo a leanas: http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0849.pdf

Rochtain ar Theileachumarsáid Fhosaithe

Bhí breis agus dhá mhilliún bealach rochtana díreach agus indíreach i margadh na hÉireann trí PSTN agus ISDN sa dara ráithe den bhliain 2008. Is ionann rochtain indíreach trí sheirbhís WLR nó CPS agus 22% den rochtain i margadh na seirbhíse fosaithe. Bhí 19,568 bealach rochtana díchuachta ar fad ann faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008.

Seirbhísí Soghluaiste/ Fón Póca

Ag deireadh mhí an Mheithimh 2008, bhí líon de 5.2 milliún síntiús curtha isteach ar sheirbhísí teileachumarsáide soghluaiste in Éirinn, sciar arb ionann é agus 120%. Bhí meánráta an AE ag 120% thar an tréimhse chéanna.


Is é an téacs teachtaireachta an fheidhm is cáiliúla a bhaineann le seirbhísí soghluaiste. Sheol an gnáththomhaltóir in Éireann 157 teachtaireacht sa mhí, i ráithe deiridh na tréimhse go deireadh mhí an Mheithimh 2008. D'fhoghlaim ComReg freisin gurb ionann Gnáthúsáid seirbhísí soghluaiste an ghnáthshíntiúsóra in Éirinn agus 241 nóiméad sa mhí. Ní áirítear úsáid na seirbhísí sonraí ar nós téacs teachtaireachta san fhigiúr seo.

De réir an grúpa Yankee Group, is ionann an Meánioncam ón Úsáideoir (ARPU) agus €40.87 i mí Meithimh 2008, agus tá sé seo laghdaithe i gcomparáid le meánioncam de €44.07 ón úsáideoir i mí an Mheithimh 2007. Rinne ComReg suirbhéanna ar dhaoine i dtithe príobháideacha i rith na bliana freisin agus léiríonn torthaí na suirbhéanna sin gur ionann meánchaiteachas míosúil an tomhaltóra príobháideach ar sheirbhísí soghluaiste agus thart ar €45 agus is laghdú é seo ar meánchaiteachas míosúil de €53 sa bhliain 2007⁵.

Sciar den Mhargadh Soghluaiste

Bhí sciar síntiúsóirí Meteor Ireland méadaithe go 19% agus sciar síntiúsóirí 3 Ireland méadaithe go 5.4% faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008. Bhí an sciar is mó den mhargadh soghluaiste ag Vodafone Ireland agus ag O2 i gcónaí. D'áirigh ComReg cártaí sonraí leathanbhanda soghluaiste agus móideimí agus sciar an mhargaidh shoghluaiste á ríomh aige ó bhí mí Mheán Fómhair 2007 ann. Ba chóir a thabhairt ar aird freisin nach bhfuil sciar Tesco Mobile agus Eircom Mobile den mhargadh san áireamh i gcomhair na tréimhse seo cé gur tháinig siad isteach sa mhargadh sa bhliain 2007.


Fíor 1.3: Sciar na Síntiúsóirí sa Mhargadh Soghluaiste
Sciar den Mhargadh de réir Síntiús, Ráithe 2 2006 – Ráithe 2 2008



Foinse: Príomhshonraí Ráithiúla

Fíor 1.2: Sciar na Seirbhísí Soghluaiste

Sciar na Seirbhísí Soghluaiste, Ráithe 2, 2004 – Ráithe 2, 2008



Foinse: Suirbhé Príomhshonraí Ráithiúil


⁵ Suirbhé a rinne Millward Brown IMS, is féidir teacht air ach clíceáil ar an nasc seo a leanas: http://www.comreg.ie/_fileupload/publications/ComReg0849.pdf

Sracfhéachaint ar an earnáil chumarsáide ar lean

An Idirlíon

Tá líon na ndaoine atá ag baint úsáide as ceangal idirlín caolbhanda ag dul i laghad i gcónaí (i gcomhréir leis líon iomlán na húsáideoirí idirlín in Éirinn) toisc go bhfuil úsáideoirí ag aistriú ó sheirbhísí diailithe go seirbhísí leathanbhanda ar nós ADSL. Níorbh ionann ach 21.5% den mhargadh idirlín iad síntiúsóirí na seirbhísí caolbhanda, idir seirbhísí ráta socraithe agus íoc-mar-a-úsáidtear (seirbhísí ar mhéadar), faoi mhí an Mheithimh 2008.

Fíor 1.4: An Líon Síntiúsóirí Idirlín Caolbhanda agus Leathanbhanda, 2006-2008
Caolbhanda ar Mhéadar, Caolbhanda ar Ráta Socraithe, DSL agus Síntiús Leathanbhanda eile



Leathanbhanda

Bhí breis is 1 milliún síntiúsóir idirlín ag úsáid teicneolaíocht leathanbhanda faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008. Bhí córas Línte Digiteacha Síntiúsóra (DSL), a raibh líon de thart ar 612,000 síntiús aige, ar an gceangal leathanbhanda is mó a bhí ag daoine ag deireadh na tréimhse. Bhí ardáin leathanbhanda eile ag fás go láidir áfach, sa dhá mhí dhéag atá caite agus faoi dheireadh na tréimhse. Bhí 220,000 síntiús ann ar sheirbhísí soghluaiste, bhí thart ar 120,000 síntiús ar sheirbhísí Rochtana Raidió Fosaithí (FWA) agus bhí 91,462 síntiús ar sheirbhís cábla. Ba ionann leathanbhanda soghluaiste agus/nó gan sreang thart ar 32.5% in iomlán den mhargadh leathanbhanda iomlán in Éirinn. Ba le córas DSL 58% de shíntiús le haghaidh seirbhís leathanbhanda. Cuirtear sonraí tagarmharcála sciar an leathanbhanda in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile de chuid an OECD thíos.

In éineacht le líon na síntiús leathanbhanda dá dtagraítear thuas, tá os cionn 3,122 pointe rochtana WiFi⁶ in Éirinn, rud a chiallaíonn gur féidir leathanbhanda a fháil ar fud fad na tíre agus tá sé ar ceann de na leibhéil is airde san Eoraip.

Fíor 1.5: Síntiús leathanbhanda agus ráta fás de réir ardán

| Ardán | Síntiús i Ráithe 2 08 | An Fás sa Ráithe R1 08-R2 08 | An Fás ó Bhliain go Bliain R207- R208 |
|---------------------------|-----------------------|------------------------------|---------------------------------------|
| DSL | 611,594 | +4.2% | +29.4% |
| Cábla | 91,462 | +3.2% | +32.8% |
| FWA | 120,301 | -1.3% | +17.4% |
| Eile | 9,233 | +9.2% | +3.9% |
| Fo-Iomlán | 832,590 | +3.3% | +27.5% |
| Leathanbhanda Soghluaiste | 222,330 | +19.5% | +39.4% |
| Iomlán | 1,054,920 | +6.4% | +51.2% |

Craolachán

Faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2008 bhí suas le 545,325 síntiúsóir ag seirbhísí cábla/ MMDS in Éirinn. Bhí breis agus milliún síntiús do sheirbhísí íoctha teilifíse ann in iomlán agus bhí 70% de na síntiús sin le haghaidh seirbhísí teilifíse digiteacha. Tá an t-aistriú ó sheirbhísí teilifíse analógach go seirbhísí teilifíse dhigiteach ag tarlú i gcónaí agus tá seirbhís dhigiteach ag thart ar 59% de na líonta tí a bhfuil teilifís acu.


Taraifí

Bhí na taraifí PSTN agus soghluaiste in Éirinn sách iomaíoch sa tréimhse seo de réir tomhas shraith de chiseáin phraghsanna ceadaithe a rinne an OECD.

Tháinig Éire sa deichiú háit i mí na Bealtaine 2008, leibhéal amháin níos fearr ná meánphraghas an AE i gcás praghas ciseáin do ghlaonna ó thithe príobháideacha in éineacht le cíós na líne.

Fíor 1.6: PSTN Ciseán na dTithe Príobháideacha


Ciseán Náisiúnta an OECD maidir le Tithe Príobháideacha - Bealtaine '08



⁶ Is féidir le duine a bhfuil gléas Wi-Fi aige nó aici, leithéid ríomhaire, teileafón nó cuntóir digiteach pearsanta (PDA), ceangal leis an Idirlíon nuair atá an duine sin gar do phointe rochtana. Is gnách na pointí rochtana seo a shuíomh in áiteanna poiblí ar nós óstán agus aerfort.

Bailíonn ComReg sonraí freisin maidir le taraifí roinnt ciseán soghluaiste lena n-áirítear an rogha bille cibé an ráta íseal, meán nó ard úsáide atá i gceist agus an rogha réamhíochta d'fhonn comparáid a dhéanamh. Toisc gur seirbhís réamhíochta atá i gceist i gcás breis is dhá thrian de shíntiúis le haghaidh seirbhísí soghluaiste in Éirinn, cuirtear an chiseán seo i láthair thíos áit a ndéantar anailís chomparáideach idir na taraifí maidir le seirbhísí soghluaiste trasna na hEorpa. Tháinig Éire sa hochtú áit i mí Bealtaine 2008, trí leibhéal níos fearr ná meántaraifí eile san AE.


Fíor 1.7: Ciseán na Seirbhísí Soghluaiste Réamhíochta
Ciseán an OECD maidir le Seirbhísí Réamhíochta – Bealtaine 2008



FOINSE: Teligen
Tabhair ar aird: Seasann an uimhir idir líubíní don áit ar tháinig gach Ballstát san ord i mí Feabhra 2008

Taispeántar na costais chumarsáide sa chairt thíos agus léirítear an íslíú atá tagtha ar phraghsanna na teileachumarsáide thar na ndéich mbliana atá caite cé go bhfuil na praghsanna i gcoitinne ardaithe.

Fíor 1.8: Treoir-Uimhir Praghsanna na Cumarsáide i gcoibhneas le Treoir-Uimhir Iomlán Phraghsanna na hÉireann
Treoir-Uimhir Praghsanna na Cumarsáide in Éirinn
Eanáir 1997 – Eanáir 2008





CÚRSAÍ IOMAÍOCHTA

“ Rinne ComReg athbhreithniú ar phraghsáil Mhórdhíola an Leathanbhanda. Laghdaigh Eircom a bpraghsanna mórdhíola mar thoradh air sin. Bhain feidhm le laghduithe praghsanna mórdhíola Eircom ón 1 Márta, 2008 agus cuireadh é seo in iúl i nDoiciméad ComReg 08/12. Laghdaíodh na praghsanna mórdhíola, a bhíonn ar fáil ag lascaine ó phraghsanna miondíola, faoi thart ar 8% do sheirbhís 1 mbs. Bhí laghdú chomh mór le 26% ar phraghsanna táirgí bandaleithid níos airde. ”

Leathanbhanda


Bhí dul chun cinn suntasach sa mhargadh leathanbhanda in Éirinn sa bhliain a chríochnaigh i mí an Mheithimh 2008. Bhí sciar an leathanbhanda in Éirinn beagnach ag teacht leis na meánleibhéil taifeadta ag an OECD. Tá leathanbhanda ag 60% de thithe príobháideacha de réir mheastachán ComReg. Tugadh isteach na feabhsúcháin maidir leis an táirge do Dhíchuachadh na Lúibe Áitiúla (LLU) agus a fógraíodh i mí na Bealtaine 2007, i rith na bliana. Tugadh faoi roinnt tionscnamh suntasach eile a bhain le praghas táirgí leathanbhanda mórdhíola rialaithe.

Sciar an Leathanbhanda


Tháinig ardú ar sciar foriomlán an leathanbhanda (gan seirbhísí soghluaiste a áireamh) atá mar chéatadán den daonra, ó 15.1% i mí Meithimh 2007 go 19.2% i mí an Mheithimh 2008. Bhí ráta fáis sciar an leathanbhanda in Éirinn ar cheann de na rátaí is gaiste (sa 6ú háit) i measc na 25 tír san AE idir Mhárta 2007 agus Mhárta 2008, de réir Chumann Teileachumarsáid Iomaíoch na hEorpa (ECTA). Nuair a chuirtear leathanbhanda soghluaiste san áireamh, tháinig ardú ar sciar an leathanbhanda in Éirinn ó 16.5% go 24.3% idir Mheitheamh 2007 agus Mheitheamh 2008. Agus leathanbhanda soghluaiste á chur san áireamh, tháinig ardú ar líon iomlán na síntiúsóirí a cheannaigh leathanbhanda ó 697,946 go 1,054,920 thar na tréimhse athbhreithnithe.

Sa léaráid a thaispeánann líon na síntiús do leathanbhanda, tá leathanbhanda soghluaiste san áireamh cé nach gcuireann an OECD é san áireamh sna comparáidí tras-tíortha a dhéanann sé.

Rátaí Sciar an Leathanbhanda i dTithe Príobháideacha R1 '07 - R1 '08




AE 27 - Sciar an Leathanbhanda, R1 '08



Cúrsaí Iomaíochta ar lean


Struchtúr an Mhargaidh

Síntiúis Leathanbhanda de réir Ardán



Bhí 58% de sciar an leathanbhanda (leathanbhanda soghluaiste san áireamh) á bhí á chur ar fáil trí lúba umha agus chóras DSL i mí 2008 – laghdú ó 68% i mí Meithimh 2007. Thit sciar miondíola leathanbhanda Eircom den mhargadh ó 45% i mí Meithimh 2007 go 40% i mí Meithimh 2008. Ba é an fás i líon na síntiúisóirí do sheirbhísí leathanbhanda soghluaiste go 223,330 an rud ba shuntasá faoin tréimhse suas le mí Meithimh 2008, ardú ó 65% sa mhargadh Leathanbhanda go 21%. Eatarthu b'fhiú an leathanbhanda soghluaiste agus an leathanbhanda fosaithe gan sreang agus 32% den mhargadh leathanbhanda iomlán. Tugann seo fothaca do pholasaí ComReg a thugann tacaíocht agus spreagadh do cibé cén mhéid ardán inmharthana agus is féidir. Maidir leis an earnáil DSL-bhunaithe, is iad Eircom nó oibreoirí malartacha eile ag úsáid táirge leathanbhanda mórdhíola Eircom a chur an leathanbhanda ar fáil. B'ionann sciar Eircom den mhargadh miondíola DSL agus 69% i mí an Mheithimh 2008 agus seo ardú ó 67.2% sa bhliain 2007. Bhí an chuid is mó den sciar a bhí fágtha (27.8%) curtha ar fáil trí tháirge leathanbhanda mórdhíola Eircom. Cuireadh an 3.2% deireadh ar fáil thrí Dhíchuchadh na Lúibe Áitiúil (LLU). Is ábhar inniú ag ComReg i gcónaí an sciar íseal atá ag LLU.

Sciar Margaidh an Mhargaidh Leathanbhanda Iomlán




An Fáil ar Leathanbhanda

I mí Bealtaine 2007, d'fhógair an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha pleananna chun Scéim Leathanbhanda Náisiúnta (NBS) a thabhairt isteach a bheadh dírithe ar sheirbhísí leathanbhanda a fháil do na háiteanna sa tír nach bhfuil fáil ar sheirbhís leathanbhanda. Ní raibh oibreoirí leathanbhanda ag freastal ar na háiteanna seo go ginearálta ós rud é gur measadh nach margadh inmharthana a bheadh ann toisc daonra níos lú agus níos scaipthe a bheith lonnaithe ann.

Chuir an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) agus cabhair á fháil acu ó ComReg, tús le próiseas soláthair chun soláthraí amháin a aimsiú a chuireadh seirbhísí leathanbhanda ar fáil faoin scéim NBS.

An Soláthar maidir le Rochtain ar DSL



Lean ComReg ag tabhairt tacaíochta don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i rith na bliana, lena hiarracht an Scéim Leathanbhanda Náisiúnta a chur i bhfeidhm. Chuir ComReg speictream breise ar fáil ar an mbanda 3.5GHz (i nDoiciméad ComReg 07/42) chun cuidiú leis an Roinn sa phróiseas sin, rud a chiallaigh gur cuireadh 5 chainéal nua ar fáil do sholáthraithe leathanbhanda agus coinneofar ceann acu sin ar leataobh ar mhaithe le soláthraí an NBS i gceantair NBS má bhíonn gá leis.

Cúrsaí Praghsála

Tháinig Éire sa tríú háit laistigh den 27 tír san AE maidir le ciseán miondíola 1 – 4 mbs do thithe príobháideacha (pacáiste tosaithe leathanbhanda Eircom do thithe príobháideacha) i mí an Mheithimh 2008, de réir sonraí curtha ar fáil ag an gcuideachta chomhairleoireachta, Teligen.

Saincheisteanna maidir le Rialáil

Bíonn na príomhionchuir mhórdhíola a úsáideann go leor oibreoirí chun táirgí leathanbhanda a chur ar fáil á rialáil ag ComReg. Déanann ComReg rialáil ar tháirge leathanbhanda mórdhíola Eircom ach go háirithe agus ar Dhíchuachadh na Lúibe Áitiúil chomh maith.

An Leathanbhanda Mórdhíola

Is é seo an táirge, a nglaoitear sruth giotán air freisin, trína fhaigheann oibreoirí malartacha leathanbhanda ar cíós ó Eircom. Cuirtear é seo ar fáil ag úsáid teicneolaíocht DSL trí lúba umha áitiúla de ghnáth (na cáblaí umha a cheanglaíonn malartán le teach nó le háitreabh. Faoin rogha seo, cuireann Eircom an trealamh leathanbhanda (ar a ghlaitear DSLAM) ar fáil, mar aon le rochtain chuig an úsáideoir deiridh tríd an Lúb Áitiúil agus cuid den aisiompar a bhaineann leis freisin. Cé gur táirge tábhachtach é an sruth giotán tá míbhuntáiste aige toisc gur dheacair é a chumrú más mian le hoibreoir táirgí agus seirbhísí a athrú ón mbun tairiscint. Is ar an gcúis seo go bhfuil sé mar pholasáí ag ComReg a chinntiú go bhfuil fáil ag oibreoirí ar Dhíchuachadh na Lúibe Áitiúil.

Mar atá luaite thuas, is modh iompair leathanbhanda an-tábhachtach é an sruth giotán i gcónaí agus is tríd a seachadadh 16.1% de sheirbhísí leathanbhanda ar an iomlán sa dara ráithe den bhliain 2008 agus 26.9% de sheirbhísí leathanbhanda a sholáthar cuideachtaí seachas Eircom. Seo 41.5% de sholáthar línte fosaithe trí oibreoirí malartacha.

Rinne ComReg athbhreithniú ar phraghsáil Mhórdhíola an Leathanbhanda. Laghdaigh eircom a bpraghsanna mórdhíola mar thoradh ar seo. Bhain feidhm le laghduithe praghsanna mórdhíola eircom ón 1 Márta, 2008 agus cuireadh é seo in iúl i nDoiciméad ComReg 08/12. Laghdaíodh na praghsanna mórdhíola, a bhíonn ar fáil ag lascaine ó phraghsanna miondíola, faoi thart ar 8% do sheirbhís 1 mbs. Bhí laghdú chomh mór le 26% ar phraghsanna táirgí bandaleithid níos airde.

Thug ComReg treoir do Eircom an 14 Meán Fómhair, gan táirge leathanbhanda mórdhíola a mbeadh a phraghas bunaithe ar chumas a sheoladh go dtí go mbeadh ComReg sásta go raibh Eircom ábalta taispeáint go raibh a dhualgais rialála á gcomhlíonadh. Tharraing Eircom an táirge siar ina dhiaidh sin.

Díchuachadh na Lúibe Áitiúil (LLU)

Is príomhtháirge mórdhíola de chuid na teileachumarsáide é Díchuachadh na Lúibe Áitiúla a chuireann ar chumas na n-oibreoirí sin nach sealbhóirí líonraí iad táirgí leathanbhanda nua agus nuálacha a chuir ar fáil. Tugann an taithí i dtíortha eile le fios gurb é LLU is mó a imríonn tionchar ar nuáil i gcúrsaí leathanbhanda agus is mó a chuireann dlús le sciar an leathanbhanda. Ba léir ó bheith ag obair go dlúth le hoibreoirí ag lorg rochtana ar LLU nach raibh an próiseas a mbeadh gá leis chun táirge LLU a bheadh oiriúnach don fheidhm a éascú ag tarlú sách gasta agus nach raibh muinín na n-oibreoirí ag méadú maidir lena úsáid. Leag ComReg amach cúig phríomhréimse a gcaithfí dul i ngleic leo agus chuir an dualgas ar Eircom réiteach na saincheisteanna seo a chur ar fáil faoi Mheán Fómhair 2007. Réitíodh formhór na saincheisteanna seo agus bhí ComReg ag obair in éineacht leis an lucht tionscail ar aon saincheist gan réiteach faoi dheireadh na tréimhse tuairiscithe seo.

Líonraí den Chéad Ghluin Eile (NGN)

Chuir ComReg béim ar an tsaincheist thábhachtach seo ag fóram NGN a d'eagraigh sé i mí an Mhárta 2007. Ba é aidhm an fhóram tionscail a éascú trí Líonraí den Chéad Ghluin Eile a phlé, treochtaí reatha a thuiscint agus an méid atá tarlaithe trasna na hEorpa sa tionscal céanna a staidéar. Mhol ComReg roinnt prionsabal ginearálta maidir le polasáí a chaithfí a chur san áireamh. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Tionscail i gcomhair NGN (NISG) ina dhiaidh sin i mí Aibreáin. Bunaíodh dhá fhoghrúpa, mar atá Croighrúpa Oibre i gcomhair NGN agus Grúpa Oibre do Rochtain ar NGN, an tráth céanna. Ba ghrúpa tras-tionscal é an NISG a rinne staidéar ar na saincheisteanna teicniúla, idirnáisc, rialála agus tráchtála a bhaineann le NGN.

Cúrsaí Iomaíochta ar lean

D'fhoilsigh ComReg Staidpháipéar (Doiciméad ComReg 07/40) i mí Iúil 2007 ar na cuspóirí seo a leanas: plé le haon éiginnteacht a shamhlaítear a bheith ann maidir le rialáil; foráil ag an leibhéal is doimhne is féidir d'íomaíocht sa bhonneagar chun infheistiú éifeachtach a éascú; treoir a thabhairt ar sheasamh agus ar pholasaí ComReg maidir leis an tsraith táirgí mórdhíola rialaithe atá ann faoi láthair; agus na príomh-shaincheisteanna a bhaineann leis na táirgí mórdhíola a mbeifear ag féachaint orthu amach anseo in athbhreithnithe margaidh atá le teacht a leagan amach.

Rinne ComReg tuarascáil de chuid comhairleoirí WIK a choimisiúnú inar moladh creat do rochtain ar sruth giotán in Éirinn. Chuir staid eacnamaíochta an mhargaidh moill ar an bpróiseas áfach, agus chuaigh ComReg i mbun teagmhála leis an lucht tionscail le gur féidir an príomh-shaincheist áirithe seo a bhrú ar aghaidh.

Táirgí Gutha

Déanann ComReg an margadh gutha mórdhíola agus an margadh mórdhíola do rochtain ar chaolbhanda araon a rialáil. Léirigh ComReg i nDoiciméad ComReg 07/31 go laghdódh praghsanna na seirbhísí gutha mórdhíola arna soláthar ag Eircom faoi thart ar 10% ar an meán. I nDoiciméad ComReg 07/31, d'fhógair ComReg ardú ó 10% go 14% sa chorrloch atá ceadaithe d'oibreoirí malartacha a bhaineann úsáid as táirge Líne ar Cíos Mórdhíola de chuid Eircom. Chuaigh ComReg i mbun teagmhála le Eircom freisin i rith na bliana maidir le hUasteorainn Praghais Mhórdhíola a thabhairt isteach do sheirbhísí gutha mórdhíola.

Thug ComReg an anailís ar an margadh mórdhíola a bhí ar bun aige maidir le pointí tosaithe, críochnaithe agus idirthurais na nglanna (is é sin na margaidh ghutha mhórdhíola) chun críche i rith na bliana. Thaispeáin na torthaí go raibh ceannasacht ag Eircom i ngach cás agus leagadh roinnt réiteach éagsúil orthu.

Seirbhísí Sonraí

Déanann ComReg roinnt margadh a rialáil ina mbíonn soláthar seirbhísí sonraí ó-phointe-rochtana-go-pointe-rochtana i gceist agus ar a ghlaitear 'línte ar léas' uaireanta. Is seirbhísí iad seo a chuireann bandaleithead ar fáil ar leithligh don úsáideoir deiridh (bíonn cumas á roinnt nó bíonn úsáideoirí i "gcoimhlint" i gcás an leathanbhanda). Le linn na tréimhse athbhreithnithe, rinne ComReg an tseirbhís 2 mbs nó faoi línte ar léas miondíola agus gach líne ar léas mórdhíola a rialáil. Ba hiad líne ar léas mórdhíola nó ciorcad páirtphríobháideach na táirgí rialaithe a bhí le fáil.

Chuir ComReg tús le hanailís ar na margaidh seo i rith na bliana, i nDoiciméad ComReg 07/77. Mhol ComReg na línte ar léas miondíola go léir a dhírrialáil mar aon leis na pacáistí línte ar léas mórdhíola.

WACC

Is príomhuimhir rialála é an Meánchostas Ualaithe Caipitil (WACC) atá ag Eircom toisc gurb ionann é agus ráta an aischair atá ceadaithe d'Eircom san áit a bhfuil smacht ar phraghsanna maidir le seirbhísí rialaithe. Chuaigh ComReg i ndáil comhchomhairle le go gcinntí an uimhir seo (i nDoiciméad ComReg 07/880) agus d'eisigh treoir i nDoiciméad ComReg 08/35 an 22 Bealtaine, 2008, inar laghdaíodh an ráta ó 11.5% go 10.2%.

Seirbhísí Soghluaiste/ Fón Póca

I gcás na margaidh shoghluaiste, déanann ComReg na margaidh mórdhíola maidir le pointí críochnaithe na nglanna a rialáil, áit a bhfuarthas go raibh ceannasacht ag trí oibreoirí ina margaidh féin sa réimse sin. Vodafone, O2 agus Meteor a bhí i gceist.

D'fhógair ComReg an 16 Lúnasa 2007 gur baineadh comhaontas amach leis na hoibreoirí seo agus go ngearrfaidís a bpraghas foirceanta go €0.799 faoin 1 Eanáir, 2012. Thug ComReg le fios gurb ionann seo agus coigilt arb fhiú suas le €100m sa bhliain d'úsáideoirí deiridh, dá n-aistreofaí an choigilt chuig thomhaltóirí.

Eile

Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála (SFGÉ)

Tugadh freagracht do ComReg freisin as faireachán a dhéanamh ar cháilíocht seirbhíse na Seirbhíse Freagartha Glaonna Éigeandála in Éirinn san Acht um Rialáil Cumarsáide 2007. Tugann an reachtaíocht le fios gur ainmníodh Eircom mar oibreoir eatramhach maidir leis an tSeirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála a oibriú go dtí go gceapann Aire na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha oibreoir SFGÉ níos fadtéarmaí ina áit.

Is féidir le ComReg an táille láimhseála glaonna iníoctha leis an soláthraí seirbhíse a shocrú. Bainfidh an táille láimhseála glaonna le gach cumarsáid leictreonach (ar nós glao teileafóin) a chuirtear ar aghaidh ó ghnóthas chuig an soláthraí SFGÉ lena tarchur ar aghaidh chuig seirbhís éigeandála.

Chinn ComReg i nDoiciméad ComReg 07/43, go bhféadfadh Eircom €1.55 in aghaidh an ghlaio a ghearradh mar tháille Mhórdhíola na seirbhíse seo.

Iniomparthacht na nUimhreacha

Thug ComReg le fios le linn na tréimhse athbhreithnithe, gur cheart go mbeadh teorainn ar na táillí i gcás uimhir a iompar sna hearnálacha fosaithe agus soghluaiste nach rachadh thar chostas bhreise an tsoláthair (Doiciméad ComReg 07/98). Thug ComReg le fios freisin nár cheart na táillí i gcás uimhir a iompar a ghearradh go díreach ar shíntiúsóirí.

Comhaontú Ceadúnais maidir le Faisnéis san Eolaire

Is ceadúnas é an Comhaontú Ceadúnais maidir le Faisnéis san Eolaire (DILA) a rialaíonn rochtain ar fhaisnéis i mBunachar Sonraí Náisiúnta an Eolaire (NDD). Caithfidh ComReg an comhaontas seo a cheadú de réir téarmaí agus coinníollacha luaite i Rialachán 4 (3) de Rialacháin na Seirbhíse Uilíche.

D'eisigh ComReg Doiciméad 07/79 ina bhforáiltear do laghdúithe sna táillí ar féidir le Eircom a ghearradh ar úsáid na seirbhíse seo.

NUÁIL AGUS BAINISTIÚ SPEICTRIM



“ Measadh gur chuir úsáid speictrim raidió beagnach €3 billiún ar fad le GDP na hÉireann in 2006, nó thart ar 1.67% de GDP iomlán na bliana sin, de réir taighde a rinne ComReg bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí sa bhliain 2008. ”

Is acmhainn nádúrtha uathúil agus fhinideach é an speictream raidió-mhínicíochta a mbaineann an tsochaí tairbhe as. Baineann raon feidhmiúchán, idir phríobháideach, thráchtála, thomhaltóirí, chosanta, shlándála, eolaíochta agus shlándála poiblí, a bhfuil rochtain acu ar an acmhainn speictrim leas as na tairbhí sin.

Tá ComReg freagrach as an bpríomhacmhainn seo a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach agus iomaíocht a chur chun cinn san áireamh.

Aithnítear ComReg go hidirnáisiúnta toisc go spreagann sé nuáil maidir le húsáid an speictrim raidió agus trína scéim ceadúnais tástála agus trialach ach go háirithe.

De bhrí go bhfuil teicneolaíochtaí agus seirbhísí gan sreang ag forbairt go tapa ar fud an domhain bíonn níos mó éilimh ar an acmhainn speictrim agus de réir mar a éiríonn cumarsáid níos soghluaiste, méadóidh an t-éileamh sin. Le linn thréimhse an phlean straitéise⁷ speictrim seo, táimid ag súil le húsáidí speictrim nua agus nuálaíochta a fheiceáil in go leor réimsí, lena n-áirítear léirscaoileadh na mbandaí speictrim GSM, ceadúnú Teilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) trasna na hÉireann agus tuilleadh díospóireachta maidir le poitéinseal na Díbhinne Digití a bheidh mar thoradh ar sin agus cén tslí is fearr é sin a úsáid ar mhaithe le gach úsáideoir deiridh.

Luach an Speictrim Raidió d'Éirinn


Measadh gur chuir úsáid speictrim raidió beagnach €3 billiún ar fad le GDP na hÉireann in 2006, nó thart ar 1.67% de GDP iomlán na bliana sin, de réir taighde a rinne ComReg bunaithe ar shonraí a bhí ar fáil go poiblí sa bhliain 2008.

Tá fás suntasach tagtha ar an méid a chuireann speictream leis an ngeilleagar le ceithre bliana anuas, i dtéarmaí iomlána agus mar sciar coibhneasta den gheilleagar, cé gur thréimhse d'fhás mór eacnamaíoch a bhí ann go ginearálta. B'ionann ráta fáis bliantúil an méid a chuir speictream leis an ngeilleagar agus 14.1% agus b'ionann ráta fáis an GDP agus 6.1%, idir na blianta 2003 agus 2006. Mar sin, fiú amháin i dtréimhse ina raibh fás eacnamaíoch an-tapa ann, d'fhás speictream níos tapúla fós agus is cuid tábhachtach den gheilleagar é.

Léiríonn Fíor 1 thíos an gaol atá idir GDP iomlán na hÉireann sa tréimhse idir 2002 agus 2006 agus an méid comhiomlán

a chuir an earnáil raidió leis sa tréimhse chéanna. Tháinig méadú de thart ar 17.2% gach bliain ar an bhfás, i dtéarmaí réadacha. Tá an méid a chuireann seirbhísí raidió leis an ngeilleagar fós ag rianú an méadú comhréireach ar an bhfás eacnamaíoch laistigh de gheilleagar na hÉireann le cúig bliana anuas.

Fíor 1: An méid a chuireann an Earnáil Raidió le GDP na hÉireann



Is foinse fostaíochta suntasach agus foinse atá ag fás é an speictream chomh maith. De réir meastachán coimeádach a rinneadh ar líon na bhfostaithe in Éirinn bhí breis agus 30,000 duine fostaíochta sa bhliain 2006 a bhfuil a bpost ag braith ar úsáid an speictrim raidió. Léiríonn an figiúr sin tábhacht an speictrim raidió do gheilleagar na hÉireann. Tá buntáistí móra sóisialta ag baint le húsáid an speictrim raidió chomh maith. Braitheann feidhmiú éifeachtúil na nGardaí, na seirbhísí dóiteáin agus otharchairr ar chumarsáid shoghluaiste iontaoifa, agus tá tábhacht ollmhór leis an raidió i gcumas na bhFórsaí Cosanta a ndualgas a chomhlíonadh.

Ní féidir iompar aeir, farraige nó talún a dhéanamh go sábháilte gan raidió. Ina theannta sin, tá ról ríthábhachtach ag Éirinn maidir le trácht raidió idirnáisiúnta a bhainistiú san earnáil aer-loingseoireachta, ag déileáil leis na heitiltí go léir idir an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh. Is léir, mar sin, go mbíonn an méid a chuireann na hearnálacha cosanta, sábháilteachta poiblí, iompair agus craolacháin leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar ag brath go mór ar rochtain ar speictream raidió atá saor ó thrasnaíocht.

Seo a leanas roinnt samplaí de na réimsí ina raibh ComReg gníomhach i rith na bliana seo caite:

⁷ Féach Doiciméad ComReg 08/50 "Ráiteas Straitéise maidir le Bainistiú Speictrim 2008 – 2010"

Nuáil agus Bainistiú Speictrim ar lean

An Clár Forbartha Speictrim

Tá príomhbhuntaíste nádúrtha ag Éirinn toisc í a bheith suite ar imeall iarthair na hEorpa agus toisc an dlúis daonra íseal, is é sin go bhfuil flúirse speictream neamhúsáidte aici. Nuair a chuirtear córas ceadúnaithe Tástála agus Trialach ComReg san áireamh, tugann an buntáiste nádúrtha seo deis do thaighdeoirí agus d'fhorbróirí teicneolaíochtaí gan sreang a thástáil agus a thriail ar réimse éagsúil bandaí minicíochta, lena n-áirítear na bandaí soghluaiste agus craolacháin.

Chuir ComReg tús leis an gClár Forbartha Speictrim i rith na bliana ar mhaithe leis an mbuntáiste nádúrtha seo a chur chun cinn. Tugadh ar aird an líon mór geallsealbhoirí, lena n-áirítear an rialtas, gníomhaireachtaí stáit eile, eagraíochtaí tráchtála agus institiúidí tríú leibhéal, go raibh deis ag Éire an buntáiste seo a neartú agus a bheith ina phríomhthástála maidir le nuáil sa réimse córas gan sreang.

Speictream 26 GHz ar Ceant

Tá an teicneolaíocht rochtana raidió fosaithí ag dul chun cinn i gcónaí agus tá sé ríthábhachtach maidir le haisiompar a sholáthar do líonraí soghluaiste agus leathanbhanda agus do cheangail rochtana ar leathanbhanda. Tá cur chuige ilghnéitheach curtha i bhfeidhm ag ComReg in oscailt an nascbhanda fosaithe 26 GHz mar thoradh ar an gcineál éilimh atá ann agus tá sé scartha faoi thrí chuid. Cuireadh speictream 280 MHz ar leataobh ar mhaithe le seirbhísí Rochtana Raidió Fosaithí (FWA) faoin scéim ceadúnais. Cuireadh bloc 224 MHz ar leataobh ar mhaithe le ceadúnú aonair agus briseadh an speictream 952 MHz a bhí fágtha síos i seacht mbloc déag de cheadúnais féinbhainistithe náisiúnta.

D'fhógair ComReg i mí an Mheithimh 2008 tar éis ceant na seacht mbloc déag gur tugadh trí chainéal náisiúnta déag faoi cheadúnas do chúig táirgeoir éagsúla ar mhaithe le hiarratais ar rochtain náisiúnta ó-phointe-go-pointe agus ar rochtain ó-phointe-go-hilphointí.

Mairfidh gach ceadúnas deich mbliana agus cuirfidh ar chumas oibreoirí na líonraí atá ann agus a bheidh ann amach anseo a uasghrádú le gur féidir táirgí agus seirbhísí nuálacha a chur ar fáil don tomhaltóir.

Seirbhísí Leathanbhanda trí Rochtain Fosaitheach Gan Sreang

Chuaigh ComReg i ndáil comhchomhairle chun teacht ar a thuilleadh bealaí le solúbthacht níos mó a thabhairt isteach sa scéim Seirbhís Limistéir Áitiúil do Rochtain Raidió Fhosaitheach (FWALA) (Doiciméad ComReg 07/73) mar chuid dá thacaíocht leanúnach do mhargadh tábhachtach an rochtain ar leathanbhanda gan sreang.

Cé gur bhain an scéim ceadúnais limistéir áitiúil FWALA cuspoirí ComReg amach i dtaobh iomaíocht mhéadaithe agus leathanbhanda a leathadh amach, tharla sé de bharr nádúr na scéime ceadúnais go bhfuil 'spotáí dubha' nó 'criosanna mairbh' ann idir na limistéir cheadúnaithe nach féidir a

thuilleadh ceadúnais FWALA a eisiúint ann ar an mbanda céanna. Ba é príomhthoradh na comhchomhairle gur thug ComReg Limistéir Seirbhíse Geografacha isteach a cheadódh d'oibreoirí ag feidhmiú i limistéir seirbhíse taobh le chéile nó buailte anuas ar a chéile iad sin a chur le chéile i limistéar níos mó amháin le go bhfeabhsófaí an clúdach foriomlán agus go laghdófaí na criosanna mairbh.

Ina theannta sin, thug ComReg Meabhrán Tuisceana chun críche le rialtóir teileachumarsáide na RA, Ofcom, maidir leis an mbealach inar féidir minicíocht bhandaí na FWALA a chomhordú sna limistéir teorann lena chinntiú gur féidir le hoibreoirí sna limistéir sin seirbhísí atá ar chaighdeán sásúil a thairiscint do thomhaltóirí.

Comhdháil Raidíochumarsáide Dhomhanda 2007:

Bíonn Comhdháil Raidíochumarsáide ann gach ceithre bliana le go n-athrófaí agus go leasófaí na Rialacháin Raidió idirnáisiúnta, doiciméad de chuid an chonradh faoi choimirce an Aontais Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU), a bhunaíonn na rialacha maidir le speictream raidió a úsáid agus cúrsa na satailítí a bhainistiú. Bhí comhdháil na bliana 2007 ar siúl i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna agus bhí foireann bheag ionadaithe ann thar ceann leasanna na hÉireann ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear comhaltaí foirne de chuid ComReg agus na Roinne Iompair.

Bhí clár oibre na WRC-07 dírithe ar suas le tríocha mír ag baint le cuid mhór de sheirbhísí agus d'fheidhmiúcháin raidió trastíre agus i spás, lena n-áirítear córais aer-loingseoireachta teiliméadrachta agus teilea-ordaithe, seirbhísí satailítí, cumarsáid shoghluaiste, comharthaí sábháilteachta agus guaise muirí, craolachán digiteach, satailítí meitéareolaíochta agus ar tubaistí nádúrtha a thuar agus a bhrath.

Bhí breis agus trí mhíle toscaire i láthair ag an WRC-07 ag déanamh ionadaíochta thar ceann na 191 Ballstát agus seacht gcéad comhalta ón earráil agus páirtithe an ITU. Léirigh an leibhéal rannpháirtíochta seo nach rabhtas ag súil leis an tábhacht bhreiseiúil a bhaineann le raidíochumarsáid sa gheilleagar domhanda agus chomh práinneach agus atá sé úsáid an speictrim a armónú ní amháin ar mhaithe le fadhbanna trasnaíochta a chosc ach chun barainneachtaí an mhórsála a bhaint amach san earráil déantúsaíochta freisin agus chun úsáid na bhfeidhmiúcháin raidíochumarsáide a éascú thar fud na cruinne.

An Plean Raidió-Mhinicíochta Náisiúnta Cothrom le Dáta

Thug ComReg an Plean Raidió-mhinicíochta Náisiúnta⁸ cothrom le dáta i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus arís i mí Aibreáin 2008.

Tá sé de dhualgas ar ComReg de réir dlí⁹ Plean Raidió-mhinicíochta Náisiúnta a fhoilsiú ina shonraítear na leithroinntí raidió-mhinicíochtaí agus feictear an foilseachán seo mar fhoinse eolais riachtanach do thomhaltóirí, do cheadúnaithe, do dhéantóirí agus d'oibreoirí.

⁸ Féach Doiciméad ComReg 07/81R1 "Plean Raidió-mhinicíochta d'Éire"

⁹ Alt 35 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, Acht 20 de 2002

Tá roinnt athruithe ann maidir le húsáid an speictrim raidió ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus léiríonn an leagan is déanaí den phlean na hathruithe seo agus sonraítear ann úsáid na mbandaí minicíochta éagsúla mar aon le húsáid na mbandaí céanna san Eoraip. Déantar tagairt ann freisin do reachtaíocht náisiúnta agus do reachtaíocht Eorpach agus do Chinntí agus Moltaí an CEPT a bhaineann leis na bandaí minicíochta éagsúla.

Clár Tomhais na nAstuithe Radaíochta Neamhianaíoch

De bhrí go bhfuil úsáid na raidióchumarsáide ag méadú, tá feacht an phobail ardaithe toisc an tairbhe dhearfach atá ag teacht chuig daoine ar chúiseanna pearsanta, tionscail agus tráchtála trí raidió soghluaiste agus feidhmiúcháin raidió-bhunaithe eile a úsáid. Tá imní léirithe ag daoine den phobal freisin maidir le radaíocht neamhianaíoch ag teacht ó na crainn chumarsáide.

Cé go bhfuil an Roinn Comhshaoil freagrach as cúrsaí a bhaineann le sláinte agus le haon chineál radaíochta, tá freagracht ag ComReg, mar údarás ceadúnaithe na raidióchumarsáide in Éirinn, as a chinntiú go gcomhlíonann na hoibreoirí cumarsáide leis na coinníollacha ceadúnaithe go hiomlán. Baineann ceann de na coinníollacha ceadúnaithe le hastuithe radaíochta neamhianaíoch. Caitear na hastuithe radaíochta ó láithreáin raidióchumarsáide ceadúnaithe a choinneáil laistigh de na leibhéil a leagadh síos sna treoirlínte is déanaí a d'eisigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht Neamhianaíoch (ICNIRP), comhlacht saineolaithe eolaíochta neamhspleácha. Déanann ComReg iniúchadh bliantúil ar oibreoirí le seiceáil go bhfuil teorainneacha astuithe an ICNIRP á gcomhlíonadh acu.

Le linn na tréimhse tuairiscithe seo, chuir ComReg trí iniúchadh, a chlédaigh ochtú a cúig láithreán, i gcrích agus rinne tuairisciú orthu:

Deireadh Fómhair 2007 – An Tríú Tuarascáil Eatramhach – Doiciméad ComReg 07/87
Feabhra 2008 – An Ceathrú Tuarascáil Eatramhach – Doiciméad ComReg 08/14
Aibreán 2008 – An Chéad Tuarascáil Eatramhach – Doiciméad ComReg 08/30

Fuarthas go raibh leibhéal na n-astuithe go maith faoi teorainneacha threoirlínte an ICNIRP i gcás gach ceann de na láithreáin a ndearnadh tomhas air sa tréimhse tuairiscithe seo.

Naisc ar Chumas An-Ard – speictream nua curtha ar an margadh

Go hidéalach, oireann speictream de bhreis is 60 GHz sna bandaí micreathoinne do naisc ar chumas an-ard le gur féidir seirbhísí leathanbhanda a leathadh amach go tapa éifeachtúil agus le gur féidir rogha inmharthana seachas naisc

snáthoptacha a chur ar fáil, go háirithe más fachtóir lárnach é luas agus éascaíocht na suiteála chun naisc a imscaradh.

Tar éis na comhchomhairle, d'oscail ComReg na Bandaí Speictrim 71-76 GHz agus 81-86 GHz ar mhaithe le himscaradh na nasc raidió fosaithe ar ardchumas ó-phointe-go-pointe. Tá na naisc raidió a imscarar sna bandaí seo á gceadúnú anois faoin scéim ceadúnaithe reatha do naisc ó-phointe-go-pointe de bhreis is 1 GHz agus tagann na coinníollacha teicniúla maidir le socruithe, trealaimh agus sonraíochtaí aeróige na gcaineál raidió-mhnicíochta leis na coinníollacha atá leagtha síos sna moltaí agus sna caighdeáin infheidhmithe idirnáisiúnta.

I gcomparáid le nascbhandaí raidió-mhnicíochta eile in Éireann, cuireann na bandaí seo bandaleithead ar fiú suas le 2 x 4.75 GHz¹⁰ ar fáil. Is féidir le himscaradh an nasctrealaimh raidió cumas tarchuir an-ard a iompair sna bandaí seo mar gheall ar an mbandaleithead fóir-leathan seo.

Maidir le speictream is féidir a chur ar fáil ar ócáidí speisialta agus go sealadach in Éirinn

D'fhoilsigh ComReg treoirlínte¹¹ agus riachtanais cheadúnaithe sa tréimhse seo maidir le trealamh raidió a úsáid ar bhonn sealadach ar ócáidí speisialta mar shampla ceolchoirmeacha, imeachtaí spóirt, paráidí agus féilte. Is é seo an chéad uair don tionscal treoirlínte poiblí soiléire a chur ar fáil maidir le speictream a bheadh ar fáil ar ócáidí speisialta agus go sealadach in Éirinn.

Speictream a saoradh ar mhaithe le seirbhísí Teilifíse Soghluaiste

Tuigeann ComReg an ríthábhacht a bhaineann le bainistiú éifeachtúil an speictrim raidió agus le rochtain ar speictream a chur ar fáil le gur féidir le tomhaltóirí, an tionscal agus an geilleagar tairbhe a bhaint as coinbhéirseacht agus digitiú na seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonaí. D'fhógair ComReg comhchomhairle maidir le speictream UHF is féidir a dhámhachtain i gceantair uirbeacha agus na roghanna ceadúnaithe¹² a bhaineann leis, roimh dheireadh na tréimhse tuairiscithe seo.

Féachann ComReg ar cheadúnas do chainéal speictrim UHF singil de 8MHz a chur ar fáil i gceantair uirbeacha Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge sa chomhchomhairle seo. D'fhéadfadh go mbeadh spéis ag an earnáil chraolacháin sa cheadúnas seo toisc go n-éascaíonn sé soláthar seirbhísí Teilifíse Soghluaiste ilchathrach. Ina mhalairt de chás, d'fhéadfadh go mbeadh spéis ag úsáideoirí speictrim eile ann ar bhonn neodrach ó thaobh na teicneolaíochta agus na seirbhíse. Agus é ag tairiscint dhá rogha dámhachtana féideartha, tá rogha a chur ar fáil aige do pháirtithe leasmhara a chruthóidh na deiseanna is fearr is féidir sa mhargadh amach anseo.

Beidh tuairisc ar thoradh na comhchomhairle seo sa chéad tréimhse eile.

¹⁰ Is ionann an bandaleithead is airde is féidir a fháil ina dhiaidh sin agus 2 x 100 MHz sa bhanda 58 GHz agus 2 x 55 MHz sa bhanda 18 GHz.

¹¹ Féach Doiciméad ComReg 08/08 "Nótaí Treoracha: Ceadúnú Raidió d'Ócáidí Speisialta agus Go Sealadach in Éirinn"

¹² Féach Doiciméad Comhchomhairleach ComReg 08/44: "Dámhadh an speictrim UHF atá ar fáil agus na roghanna ceadúnaithe a bhaineann leis maidir le ceantair uirbeacha Chorcaí, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge"



RÍOIRTOMHÁLTÓIRÍ

“ Ina pholasaí tomhaltóra féachann ComReg lena chinntiú go dtugtar an t-eolas agus an chosaint cheart do na tomhaltóirí go léir agus go bhfuil teacht éasca acu ar raon leathan táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar phraghas iomaíoch réasúnta. ”

Cuirtear soláthar eolais agus fiosrú gearáin maidir le soláthar agus rochtain ar sheirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonacha agus ar na saoráidí a bhaineann leo, chomh maith le leasanna na n-úsáideoirí, san áireamh le feidhmeanna agus cuspóirí reachtúla ComReg de réir an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002. Féachann polasaí tomhaltóra ComReg lena chinntiú go dtugtar an t-eolas agus an chosaint cheart do na tomhaltóirí go léir agus go bhfuil teacht éasca acu ar raon leathan táirgí agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar phraghas iomaíoch réasúnta.

Léirítear na cuspóirí ar leith a bhaineann le tomhaltóirí, mar a leagadh amach iad i Ráiteas Straitéise ComReg (2008-2010), anseo mar a leanas:

- Eolas inrochtaine cuí a chur ar fáil ar mhaithe le tomhaltóirí na cumarsáide leictreonacha.
- Tá sé mar aidhm a chinntiú go bhfuil eolas maidir le roghanna agus cearta na dtomhaltóirí seo, atá deacair a fháil nó a thuiscint, á chur ar fáil do thomhaltóirí i mbealach is cuí don té a bhíonn a iarraidh.
- A chinntiú go bhfuil tomhaltóirí ábalta seirbhísí cumarsáide leictreonacha bunúsacha a rochtain go caoithiúil ar phraghas réasúnta (Seirbhís Uilíoch).
- Tá sé mar aidhm bearta feidhmíochta a chuir i bhfeidhm faoi chóras na Seirbhíse Uilíche, le go mbeidh spriocanna maidir le seachadadh na seirbhíse uilíche, lena n-áireofar soláthar na línte fosaithe agus minicíocht agus deisiú na lochtanna.
- Feabhsúcháin ar chaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí agus i dtailí an tomhaltóra san earnáil chumarsáide go foriomlán a spreagadh agus tacú leo.
- Tá sé mar aidhm faireachán a dhéanamh ar shástacht chustaiméirí, na saincheisteanna lárnacha maidir leis an earnáil chumarsáide a aithint agus na riachtanais agus na tionscnaimh chuí chun dul i ngleic leis na saincheisteanna aitheanta sin a chur i bhfeidhm.
- Neamhchomhlíonadh ó thaobh na n-oibreoirí a láimhseáil go héifeachtúil.

- Tá sé mar aidhm teagmháil na dtomhaltóirí le Líne ComReg do Thomhaltóirí a bhainistiú go héifeachtúil agus dul i ngleic le saincheisteanna dáiríre maidir le cumarsáid a thuairiscíonn tomhaltóirí le ComReg ar bhonn comhlíonta agus forfheidhmithe.

Eolas do Thomhaltóirí

Lena chinntiú go dtugtar an t-eolas ceart do thomhaltóirí le gur féidir leo cinneadh a dhéanamh maidir le seirbhísí cumarsáide agus gníomhú dá réir, tá sé tábhachtach go mbíonn ComReg forghníomhach agus eolas a chur ar fáil aige do thomhaltóirí. Bainfeadh é seo amach i roinnt bealaí a shonrófar thíos.

Treoirleabhair do Thomhaltóirí

Tá na treoirleabhair seo, atá ar fáil i gcrúachóip nó i mbogchóip, ann mar phointe tagartha ag tomhaltóirí na cumarsáide agus ar na cúiseanna seo a leanas freisin:-

- Lena chinntiú go gcoinneofar tomhaltóirí ar an eolas i dtaobh réimse leasanna éagsúil a bhaineann le cúrsaí cumarsáide;
- Lena chinntiú go bhfuil an t-eolas iomchuí go léir ar ábhar sainiúil ar fáil san áit amháin do thomhaltóirí;
- Lena chinntiú go mbíonn an t-eolas tugtha easca a thuiscint. Ar an ábhar seo, lean ComReg ag obair leis an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta do Aosaigh (NALA) agus tá á an marc cáilíochta 'Plain English' bainte amach ag na treoirleabhair.

I rith na tréimhse athbhreithnithe, forbraíodh trí treoirleabhar nua do thomhaltóirí. Is iad seo a leanas na treoirleabhair a forbraíodh:

- Maidir le Teileafóin agus Leathanbhanda – treoir do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta. Tá an treoirleabhar seo foilsithe i gcló mór atá éasca a léamh, i mBraille, i bhformaid inchloiste agus i bhformaid PDF.
- Treoir maidir le Seirbhísí Leathanbhanda
- Treoir maidir le Táillí Glaonna – comhairle do thomhaltóirí conas an leas is fearr a bhaint as láithreán gréasáin de chuid ComReg a dhéanamh comparáid idir táillí na soláthraithe agus a bhfuil gradaim bainte amach aige.

Tomhaltóirí ar lean

Le linn na tréimhse céanna, tugadh na treoirleabhair do thomhaltóirí seo a leanas de chuid ComReg cothrom le dáta:

- Treoirleabhar maidir le Seirbhís Fiosraithe Eolaire
- Ag aistriú – Teileafónaíocht Fhosaithe (Línte) – Is fút atá sé Rogha a dhéanamh
- Maidir le Camscéimeanna Fuadaithe Móideimí ag úsáid cláir dhiailithe
- Cátaí Teileafóin Réamhíochta
- Glaonna Gan Choinne – Gearrthreoir maidir le glaonna nach mian leat a fháil ó chuideachtaí margaíochta díri a chosc
- Ag glao ar Thuaisceart Éireann – Cuir an cód '048' roimh an uimhir chun glao ar línte Teileafóin fosaithe
- Maidir le Seirbhísí Soghluaiste agus Fánaíocht
- Maidir le Fánaíocht de Thaisme
- Conas Gearán a dhéanamh faoi do Sholáthróir seirbhíse
- Treoirleabhar maidir le USO – Seirbhís Uilíoch
- Treoirleabhar maidir le VOIP – Prótagal Idirlín don Ghuthú
- Treoirleabhar do Thomhaltóirí maidir le Seirbhísí Poist
- Treoirleabhar maidir le Conarthaí Teileachumarsáide

Láithreáin Gréasáin do Thomhaltóirí

Tá ComReg tiomanta do chinntiú go mbíonn tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas maidir leis an raon roghanna cumarsáide atá ar fáil agus tá ról ríthábhachtach ag na láithreáin ghréasáin www.callcosts.ie agus www.askcomreg.ie atá creidiúnaithe ag W-Mart, chun na críche sin a bhaint amach.

www.askcomreg.ie

Lean ComReg ag cur lena láithreán gréasáin, ina dtugtar raon leathan eolais iomchuí ar chúrsaí Teileachumarsáide agus poist do thomhaltóirí, lena fheabhsú agus a thabhairt cothrom le dáta. Foilsíodh na cinnlínte seo a leanas i rannán 'na Nuachta is Déanaí' le linn na tréimhse athbhreithnithe:-

- Treoir eisithe ag ASAI maidir le Fógraíocht Seirbhísí Leathanbhanda
- Rátaí fánaíochta laghdaithe i gcomhair teachtaireachtaí téacs
- Fógra Eolais do Thomhaltóirí – Maidir le Lochtanna a Dheisiú ar Línte Teileafóin
- Athruithe maidir le hUimhreacha
- Maidir le bradaíl ar chórais PABX agus Teileafónaíocht chalaíseach

Foilsíodh na ceisteanna seo a leanas i rannán 'Cheisteanna na Seachtaine' le linn na tréimhse athbhreithnithe:-

- Tá fógraíocht á dhéanamh mo sholáthróir ar 'phacáiste oscailte', cad is brí leis?
- An bhfuil sé de cheart ag mo sholáthróir seirbhíse téarmaí agus coinníollacha mo chonartha a athrú?
- An bhfuil sé de cheart ag Eircom lochtanna ar línte a chustaiméirí féin a dheisiú sula ndeisiúnn sé lochtanna

ar línte custaiméirí oibreoirí eile?

- Conas is féidir liom cosc a chur ar ghlaonna ó chuideachtaí margaíochta díri?

Tá tuilleadh eolais maidir leis na cinnlínte agus na ceisteanna seo ar fáil ar an láithreán gréasáin www.askcomreg.ie.

Trédhearcacht maidir le Praghsáil

Treoirphraghas Idirghníomhach

Lean www.callcosts.ie ag soiléiriú praghsála do thomhaltóirí na hearnála cumarsáide in Éirinn trí chomparáid a dhéanamh le praghsanna agus eolas eile bunaithe ar úsáid tomhaltóirí príobháideacha.

Cuireadh colún nua leis an rannán leathanbhanda ar an láithreán, le linn na tréimhse athbhreithnithe, inar léiríodh na táill breise a ghearrtar ar chustaiméirí nuair a sháraítear an méid eolais is féidir a íoslódáil. Cuireadh scagaire bunaithe ar an gcineál rochtain a bheadh i gceist san áireamh le go mbeadh tomhaltóirí ábalta na pleananna leathanbhanda éagsúla a scagadh ó chéile agus idirdhealú a dhéanamh orthu de réir an mhodh rochtana. Rinneadh tuilleadh scagadh trí luas na dtáirgí leathanbhanda a leathadh i gcatagóirí bunaithe ar na luasanna rochtana grúpáilte agus trí mhionsonrú a dhéanamh ar cad is brí le 'luas ceannlíne' le cúnaimh deilbhín eolais ar mhaithe le tomhaltóirí.

Lena chinntiú go bhfuil fáil ag tomhaltóirí ar na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le gach uile pacáiste go héasca, tá sé mar dhualgas ag oibreoirí nasc díreach a chuir ar fáil chuig téarmaí agus coinníollacha gach aon phlean atá ar an ríomhaire seo. Cuireadh isteach mionathruithe eile i leibhéal na bpleananna chun coigeartú maidir le pleananna na n-oibreoirí a éascú nuair is gá agus cuireadh gné isteach maidir le taraifí chun cinn lena chinntiú go mbainfear den láithreán gréasáin iad nuair a théann siad in éag.

Maidir le Seirbhísí Soghluaiste agus Fánaíocht

Is cúis imní leanúnach de chuid na dtomhaltóirí iad na táill fánaíochta arda a ghearrtar orthu.

Chuir na hÚdaráis Rialála Náisiúnta (NRAnna) béim air seo, trí mheán Ghrúpa Rialtóirí na hEorpa, ag tabhairt le fios go raibh Creat Rialála 2002 ag cur coisc ar Rialtóirí dul i ngleic leis an tsaincheist seo. Tugadh éifeacht don Rialachán (AE) Uimh. 717/2007 maidir le Fánaíocht an 30 Meitheamh 2007 chun an fhadhb seo a réiteach. Éilíonn an Rialachán ar Sholáthraithe seirbhísí Teileafónaíochta soghluaiste san AE 'Eurataráif', a thagann leis na huasteorainneacha praghais sa Rialachán, a thairiscint dá gcustaiméirí maidir le guthghlaonna amach is isteach.

Cuireadh uasteorainn praghais freisin ar an bpraghas mórdhíola is féidir le hoibreoirí soghluaiste amháin a ghearradh ar oibreoirí eile chun glaonna fánaíochta a sholáthar ag leibhéal mórdhíola.

Tá na rátaí miondíola faoi réir ag na teorainneacha seo a leanas:

| CBL excl. | 30 Lúnasa 2007 | | 30 Lúnasa 2008 | | 30 Lúnasa 2009 | |
|---|---------------------|----------------------|---------------------|----------------------|---------------------|----------------------|
| | gan CBL san áireamh | CBL @21% san áireamh | gan CBL san áireamh | CBL @21% san áireamh | gan CBL san áireamh | CBL @21% san áireamh |
| An 'Eurataráif uasta sa nóiméad ar ghlaonna a dhéanamh san AE | 49 cent | 59 cent | 46 cent | 56 cent | 43 cent | 52 cent |
| An 'Eurataráif uasta sa nóiméad ar ghlaonna a fháil san AE | 24 cent | 29 cent | 22 cent | 27 cent | 19 cent | 23 cent |

Chuir na hoibreoírí soghluaiste go léir in Éirinn an 'Eurataráif' i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair, 2007 nó roimhe, mar a bhí leagtha síos sa Rialachán maidir le Fánaíocht.

Laghdóidh an praghas uasta go bliantúil de réir na sonraí atá sa tábla ar an gcéad leathanach eile. Tá leathanaigh an AE maidir le cúrsaí fánaíochta athbhreithnithe ag oibreoírí soghluaiste na hÉireann ar a gcuid láithreáin ghréasáin féin le go mbeidh costas ghlaonna fánaíochta amach is isteach ar fud an AE soiléir do thomhaltóirí, de réir Airteagal 6 den Rialachán maidir le Fánaíocht.

Éilíonn an Rialachán maidir le Fánaíocht freisin ar Sholáthraithe seirbhísí soghluaiste, teachtaireacht téacs phearsanaithe (SMS) maidir le praghas a chur saor in aisce chuig teileafón soghluaiste duine atá ar fhánaíocht san AE. Ina theannta sin, éilítear ar Sholáthraithe seirbhíse uimhir saorghlao a thabhairt nuair is féidir eolas mionsonraithe maidir le praghas a fháil.

Clár For-Rochtana

Lean Foireann Thomhaltóra ComReg lena chlár for-rochtana, le linn na tréimhse athbhreithnithe, agus bhí seastán acu do thomhaltóirí ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta Treafa i mí Mheán Fómhair 2007. Mheall an ócáid seo breis is 150.000 thomhaltóir thar na dtírlá.

Chomh maith leis sin, chuir ComReg clár dhá lá ar siúl i dTithe an Oireachtais i mí Bealtaine 2008, le go bhféadfaí www.callcosts.ie a thaispeáint agus a mhíniú do chomhaltáí agus don fhoireann conas a gcostais chumarsáide a mheasúnú agus idirdhealú idir phacáistí ar mhaithe leo féin.

Seirbhís Uilíoch

Is é soláthar seirbhíse uilíoch an ghné is lárnaí i dtaobh leas na dtomhaltóirí. Is é Eircom a ainmníodh mar Soláthraí Seirbhíse Uilíoch (USP) maidir leis na seirbhísí iomchuí go léir don tréimhse a thiocfaidh chun críche ag deireadh mhí Meithimh 2010. D'eagraigh ComReg comhchomhairle le go n-athbhreithneofaí na treoirlínte feidhmíochta a bhí ag Eircom an tráth sin agus go dtabharfaí na spriocanna cothrom le dáta, i ráithe dheimhneach na bliana 2007.

Foilsíodh Freagra na Comhchomhairle ar Cháilíocht Fheidhmíochta na Spriocanna Seirbhíse i dtaobh USO, (Cinneadh ComReg Uimh. D02/08, Doiciméad ComReg Uimh. 08/37), an 28 Bealtaine 2008, inar leagadh amach spriocanna feidhmíochta lena mbaineann ceangal dlí,

i ndáil le soláthar na nasc, lochtrátaí agus rátaí ama ó thaobh lochtanna a dheisiú.

Lean ComReg ag foilsiú eolais ar fheidhmíocht Eircom i dtaobh USO ar bhonn ráithiúil, le linn na tréimhse athbhreithnithe. Bunaithe ar na treoirlínte feidhmíochta i dtaobh USO a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2005 agus a d'fhan i bhfeidhm le linn na tréimhse athbhreithnithe, seo a leanas treochtaí feidhmíochta Eircom a thóg ComReg ó na sonraí tuairiscithe suas go Ráithe 1, 2008. Tá ComReg den tuairim ar an iomlán, go gcuireann na torthaí seo béim ar an ngá atá leis na spriocanna feidhmíochta éigeantacha a socraíodh i mí Bealtaine 2008.

Luas an phróisis suiteála

Bhí breis is 90% de na horduithe suiteála curtha i gcrích ag Eircom laistigh de cheithre seachtaine ón uair a fuarthas iad, i gcomhair gach ráithe tuairiscithe ón bhliain 2006. Is ráta feidhmíochta an-dearfach é sin i gcomparáid leis an sprioc threorach de 60% laistigh de cheithre seachtaine. Ní mór a thabhairt ar aird, áfach, go mbíonn formhór na suiteálacha in situ (cumasaithe go leictreonach), de bhrí sin ní bhíonn gá le líne a shuiteáil.

Lochtanna agus deisiú na lochtanna ar línte

Tháinig ardú seasta ar lochtráta línte Eircom ó thús na bliana 2006. D'ardaigh an ráta a bhaineann le tithe príobháideacha ó 4.5 locht in aghaidh 100 líne i mí Márta 2006 go 7.5 locht in aghaidh 100 líne i mí Márta 2007, mar shampla. Cé gur tháinig feabhas ar na figiúirí sin ó thus an dara ráithe den bhliain 2007, léiríonn na figiúirí tuairiscithe reatha go bhfuil sé laghdaithe a thuilleadh. Is treocht nach inghlactha í seo, ní amháin ar mhaithe le custaiméirí miondíola Eircom féin ach ar mhaithe freisin leis na hoibreoírí eile a bhíonn ag braith ar línte Eircom lena seirbhísí féin a chur ar fáil.

Tá an t-am a ghlactar le lochtanna ar línte a dheisiú ardaite ar aon chéim leis an ardú sa lochtráta, in aghaidh gach ráithe. Bhí an ráta ama ardaite go 74.5 uair oibre maidir le lochtanna a bhaineann le tithe príobháideacha a dheisiú, amháin mí Márta 2007. Léirigh na figiúirí feidhmíochta ó chéad ráithe na bliana 2008, áfach, gur chosúil go raibh feabhas ag teacht ar an ráta seo i gcás an sciar de 95% a bhfuil an tseirbhís is sciobtha acu, sna hearnálacha gnó agus príobháideacha araon.

Tomhaltóirí ar lean

An Fheidhmíocht sna Réimsí Eile

De réir na treoirlíne atá leagtha amach maidir le Rochtain Fheidhmiúil ar an Idirlíon, ní mór go mbeadh sé ar chumas ar a laghad 94% de na línte feidhmiú ar luas 28kbps nó thairis. Baineann Eircom an treoirlíne seo amach ar bhonn leanúnach.

Bhí 3,555 táillefón den chineál USO ar fáil agus breis agus 92% díobh ag obair i gceart i mí Márta 2008. Laghdaigh Eircom an líon táillefón a bhí ann, faoi réir ag modhanna oibre a bunaíodh sa bhliain 2006, toisc an laghdú san úsáid a mbaintí astu. Baineadh a bhformhór as an áit ina raibh siad idir an ráithe dheiridh sa bhliain 2006 agus an céad ráithe sa bhliain 2007.

Inrochtaineacht

Déanann ComReg bearta speisialta, faoin Acht um Rialáil Cumarsáide 2002, lena cinntiú go mbaianeann na húsáideoirí go léir, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, an méid tairbhe is féidir i dtaobh rogha, praghas agus caighdeán na seirbhísí.

Anuas ar an méid a rinne ComReg maidir leis an Acht um Rialáil Cumarsáide, chuir sé le Plean Earnála 2006 – 2009 na Roinne Cumarsáide faoin Acht um Míchumas 2005, trí na pointí seo a leanas a leagan amach:

1. Obair i gcomhar leis an lucht tionscail agus leo siúd nach gcuimsítear faoin USO ina measc, chun soláthraithe seirbhísí a chur ar an eolas agus a spreagadh maidir le seirbhísí inrochtaine a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas;
2. A chinntiú go mbeidh eolas maidir le hinfhaighteacht na seirbhísí inrochtaine ar fáil go forleathan;
3. Obair i gcomhar le soláthraithe seirbhíse chun socruithe éifeachtacha a fhorbairt maidir le billí i gcás daoine faoi mhíchumas.

Fóram ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

I bhfianaise na pointí gnímh a bhí leagtha amach ag ComReg, bunaíodh fóram ar 'Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas' i mí Deireadh Fómhair 2006. Áirítear ionadaithe ó na hollchuideachtaí teileachumarsáide agus na heagraíochtaí míchumas ar fud na tíre ar bhallraíocht reatha an fhóraithe.

Chuir ComReg suirbhé le chéile i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus leis na grúpaí míchumais éagsúla ón bhfóram sa bhliain 2007, inar fiosraíodh na seirbhísí ar mhian le daoine faoi mhíchumas a bheith acu agus cé na seirbhísí a bhí úsáidte cheana acu mar shampla teileafóin shoghluaiste, teileafóin líne fosaithe agus seirbhísí leathanbhanda. Foilsíodh an suirbhé an 7 Deireadh Fómhair 2007.

Seoladh Treoirleabhar do Thomhaltóirí a d'fhorbair an fhóraithe go poiblí an 2 Deireadh Fómhair 2007. Cuimsíonn sé an raon seirbhísí atá á thairiscint ag soláthraithe seirbhíse i láthair na huaire agus is é an aidhm atá leis cuidiú le húsáideoirí an tseirbhís is fearr a oireann dóibh

féin a roghnú. Daoine faoi mhíchumas mar aon le daoine scothaosta atá mar spriocphobal aige. Tá an treoirleabhar seo foilsithe i gcló mór atá éasca a léamh, i mBraille, i bhformaid inchloiste agus i bhformaid PDF.

Lena chinntiú go ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le hinrochtaineacht a gcuid táirgí agus seirbhísí, bunaíodh foghrúpa ón bhfóram chun ócáid a eagrú i gcomhair oibreoirí, lena gcuirfí ar a gcumas a thuiscint níos fearr conas táirgí agus seirbhísí inrochtaineacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Pleanáladh go gcuirfí an ócáid seo ar súil níos déanaí sa bhliain 2008.

Chuir soláthraithe seirbhíse tionscnamh eile i bhfeidhm ar a láithreáin ghréasáin, is é sin rannán míchumais ina bhfuil naisc aon-chlic-amháin le heolas eile. Ba chóir go n-ardódh an dá thionscnamh leibhéal dea-chleachtais agus inrochtaineachta na seirbhísí do thomhaltóirí na cumarsáide.

Glaonna Margaíochta Gan Choinne

Tá liosta de na huimhreacha teileafóin go léir atá foilsithe in eolairí poiblí nó atá ar fáil tríd an eolaire teileafóin a fhiosrú, i mBunachar Sonraí Náisiúnta an Eolaire (NDD) agus is ann a shonraítear cibé an mian nó nach mian le síntiúsóirí glaonna nó facsanna margaíochta gan choinne. Is seirbhís saor in aisce í seo atá ar fáil do shíntiúsóirí teileafóin phríobháideacha agus ghnó araon. D'eisigh ComReg treoir chuig oibreoirí VoIP faoina ndualgais rialála maidir le seirbhísí eolaire agus an clár do rogha an diúltaithe, i mí na Nollag 2007.

B'ionann an líon iomlán síntiúsóirí ar an mbunachar sonraí do rogha an diúltaithe maidir le margaíocht dhíreach agus thart ar 948,000 duine ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe.

Caighdeán maidir le Billí a Leagan Amach

Bhain thart ar 25% den Teagmháil a rinneadh le Líne ComReg do Thomhaltóirí le linn tréimhse na tuarascála le ceisteanna faoi bhíllí agus má dhéantar a thuilleadh anailíse, is mar gheall ar na táillí a gearradh orthu ina mbillí a bhí tomhaltóirí trína chéile i gcás cuid mhór de na glaonna sin. Cuireadh tús le tionscadal le linn na tréimhse seo le go bhforbrófaí caighdeán cáilíochta maidir le leagan amach billí, le go mbeadh caighdeán creidiúnaithe inghlactha socraithe in úsáid ag na soláthraithe seirbhíse go léir agus an t-eolas seo a leanas san áireamh ann:

- Eolas faoi bhíllí;
- Eolas faoi ábhar an bhille;
- Eolas faoi leagan amach agus formáid an bhille;
- Eolas faoi tháillí sa bhille; agus
- Eolas faoi inrochtaineacht.

Tá sé mar chuspóir ag an gcaighdeán seo féachaint le cumas an tomhaltóra rogha fíoraithe a dhéanamh a chur chun cinn agus féachaint le Soláthraithe seirbhísí a spreagadh chun billí

a eisiúint ina mbíonn na táillí soiléir sothuigthe agus leagtha amach i dteanga agus i bhformáid atá éasca a thuiscint.

Tá Cumann Barr Feabhais Cáilíochta na hÉireann (EIQA) faoi chonradh caighdeán a fhorbairt i gcomhar le ComReg, tar éis próiseas tairisceana. Cuirfidh an Cumann seirbhís iniúchta ar bun maidir leis an gcaighdeán freisin. Beartaíodh go seolfaí an caighdeán i Ráithe 4 na bliana 2008 agus go dtosófaí ag déanamh iniúchadh ar bhíllí na n-oibreoirí an tráth céanna.

Na Leasuithe Molta maidir le hÚdarú Ginearálta

Tá sé mar straitéis ag ComReg íosriachtanais chúí a chur i bhfeidhm maidir le hoibreoírí údaraithe agus a chinntiú go bhfuil an chosaint chúí ag tomhaltóirí sa chás go n-imeodh oibreoír as an margadh. Ar an ábhar sin, chuir ComReg tús le sraith de chomhchomhairlí ar na leasuithe a moladh maidir le hÚdarú Ginearálta.

Ag plé le neamhchomhlíonadh ó thaobh oibreoirí

Láimhseáil na ngearán in aghaidh na Ráithe

Taifeadadh líon de 16,627 saincheist le linn na tréimhse athbhreithnithe. Tugtar na sonraí in aghaidh na ráithe thíos:-

- Idir Iúil agus Meán Fómhair 2007 – 4,000 saincheist
- Idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2007 – 3,621 saincheist
- Idir Eanáir agus Márta 2008 - 4,371 saincheist
- Idir Aibreán agus Iúil 2008 - 4,635 saincheist

Is é 16% in aghaidh 84% cóimheas na ngearán in aghaidh na bhfiosrúchán.

Is leis na nithe seo a leanas a bhain na príomh-shaincheisteanna a tuairiscíodh:-

- Billí & Táillí – bhain siad le heaspa tuisceana na gcustaiméirí maidir lena mbillí agus na táillí a gearradh orthu sna billí sin;
- Saincheisteanna maidir le seirbhísí deisithe agus suiteála; agus
- Saincheisteanna maidir leis an gconradh agus Téarmaí agus Coinníollacha an Chonartha a thuiscint.

Leanann ComReg ag déanamh dlúthfhaireachán ar chleachtais mhídhíolacháin agus ar chleachtais eile a d'fhéadfadh go mbeadh drochthionchar acu ar thomhaltóirí agus ar an tionscal trí shúil a choinneáil ar na staitisticí agus treochoirí a bhaineann le cúraimí tomhaltóra agus ar ghlaonna chuig an líne chabhrach. Tá modhanna oibre curtha i bhfeidhm ag ComReg le go ndéanfar athbhreithniú míosúil ar threochoirí, ar chruinnithe le hoibreoírí agus ar phróisis fhorhéadaithe i dtaobh forfheidhmithe, mar is iomchúí, chun dul i ngleic le haon saincheist nua nó leanúnach.

Maidir le Comhlíonadh agus Forfheidhmiú

Déantar imscrúdú agus forfheidhmiú ar oibreoirí maidir le comhlíonadh dualgais na rialacháin teileachumarsáide agus freisin maidir le comhlíonadh dualgais na dtreoracha ó ComReg, a bhaineann den chuid is mó le hoibreoír a

aithnítear toisc an chumhacht shuntasach atá acu sa mhargadh.

Stiúrann feidhmeannas ar leithligh de chuid an Rannáin Mhórdhíola gníomhaíochtaí lárnaíthe ComReg maidir le comhlíonadh na ndualgas teileachumarsáide.

Tugadh 54 imscrúdú maidir le comhlíonadh chun críche, le linn tréimhse athbhreithnithe na tuarascála. Áiríodh orthu sin imscrúduithe maidir le sárú dualgas líomhainte mar aon le faireachán ar chomhlíonadh dualgas. I gcás naoi gcinn de na himscrúduithe, eisíodh fógra maidir le neamhchomhlíonadh. I gcás deich gcinn de na himscrúduithe, bhí comhlíonadh na ndualgas mar thoradh díreach an imscrúdaithe.

An Painéal Comhairleach Tomhaltóirí


Bhunaigh an Coimisiún an Painéal Comhairleach Tomhaltóirí (CAP) le go bhféadfadh sé léargas a fháil ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn ó phríomhionadaithe an tionscail agus ó phríomhionadaithe na dtomhaltóirí. Chruinnigh an CAP trí huaire i rith na bliana chun raon leathan agus éagsúil de thopaicí a bhaineann le tomhaltóirí a scrúdú agus a phlé. Ina measc bhí leathanbhanda den chéad ghlúin eile, seirbhísí i gcomhair daoine faoi mhíchumas a fheabhsú agus úsáid an leathanbhanda a mhéadú, mar shampla.

Ag Obair le Gníomhaireachtaí Eile

Lean ComReg dá chuid oibre i gcomhar le raon gníomhaireachtaí rialtais agus gníomhaireachtaí nach de chuid an rialtais iad, go háirithe leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA), an Údarás Caighdeán Fógaraíochta d'Éirinn (ASAI), an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (DPC), RegTeil: (rialtóir na seirbhísí ar phríomhráta) agus le Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CAI).

Leanfaidh ComReg agus an NCA ag obair go dlúth le chéile maidir leis na himpleachtaí a bheidh ag an Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007, ar an earnáil chumarsáide agus maidir lena chur i bhfeidhm. Rinne ComReg obair i gcomhar leis an ASAI chomh maith, ag déanamh faireacháin ar úsáid théarmaí conartha áirithe, ar ráitis maidir le trédhearcacht agus comparáid ar phraghas agus ar fhógaraíocht bunaithe ar luas an leathanbhanda freisin.

Fuair ComReg, an NCA agus an ASAI gearáin ó thomhaltóirí ag deireadh na bliana 2007 agus tús 2008, inar tuairiscíodh nach raibh an luas ceannlíne a d'fhógair na gnóthais á shroicheadh acu. Thug ComReg, an NCA agus an ASAI faoi na saincheisteanna a imscrúdú agus eagraíodh roinnt Fóraim leis na gnóthais agus lena gcuid eagraíochtaí trádála faoi seach. Tugadh amach Cód Cleachtais i dtaobh Fógaraíocht luas an leathanbhanda i mí Aibreán 2008 ag deireadh na hoibre seo. Bíonn ComReg ag obair go leanúnach leis na gnóthais éagsúla agus iad ag tomhas luas an leathanbhanda agus ag bainistiú an méid a bhíonn na tomhaltóirí ag súil leis.



CEADÚNU MAIDIR LE SPEICTREAM AN RAIDIÓ

“ Tagann 4,000 iarratas ar an meán in aghaidh na bliana chuig Brainse na gCeadúnas in ComReg mar a ndéantar próiseáil orthu i ndáil le ceadúnas nua a eisiúint nó leasú a dhéanamh mar gheall ar athrú a thagann ar chórais atá ann cheana féin. ”

I rith dheireadh na bliana 2007 agus tús na bliana 2008, tháinig gearáin ó thomhaltóirí ag ComReg, NCA agus ASAI arna agairt nach raibh an luas a luaitear i gcinnlínte fógraíochta na ngnólachtaí á mbaint amach. Shocraigh ComReg, NCA agus ASAI scrúdú a dhéanamh mar gheall ar an gceist agus eagraíodh roinnt fóram le cuid de na ngnólachtaí agus lena gcuid eagraíochtaí trádála. Tugadh an bheartaíocht chun críche i mí Aibreán 2008 nuair a cuireadh Cód Cleachtas leasaithe don Lucht Fógraíochta ar fáil i ndáil le luas leathanbhanda. Tá ComReg ag leanacht den obair leis na ngnólachtaí éagsúla sa tomhas ar luas leathanbhanda agus sa mbainistíocht i ndáil leis an tomhaltóir agus a mbeadh sé ag núth leis.

Tá speictream raidió ar fáil le húsáid d'fhonn réimse ilghnéitheach seirbhísí agus líonraí cumarsáide a chur ar fáil. Ní amháin go n-áirítear orthu sin líonraí raidió, mar a bhíonn in úsáid mar shampla ag soláthraithe líonraí soghluaiste nó líonraí leathanbhanda gan sreang, ach áirítear orthu chomh maith seirbhísí de leithéid na gcóras treo-aimsitheach raidió, raidió gnó, craoltóireacht, raidió loingis agus trealamh a úsáidtear i gcúrsaí tionsclaíochta, leighis agus tráchtála.

Ní mór údarú chuige a fháil ó ComReg le trealamh raidió a úsáid in Éirinn. D'fhéadfadh go mbeadh údarú dá shórt i bhfoirm ceadúnais nó i bhfoirm díolúine ceadúnais. Is féidir ceadúnas a eisiúint faoin Acht Raidió-Theileagraíochta 1926 nó faoin Ordú faoin Acht um Údarás Craolacháin 1960, arna leasú (i gcás Údarás RTÉ), nó faoin Acht Raidió agus Teilifíse, 1988 (i gcás Choimisiún Craolacháin na hÉireann) nó faoin Acht Craolacháin (Leasú) 2007 i ndáil le Craolachán Digiteach.

Déanann an Brainse Ceadúnaithe taobh istigh de Rannóg Chreat an Mhargaidh gach iarratas ar cheadúnas dá shórt a phróiseáil agus is é an Brainse sin a chinntíonn go gcoinnítear ceadúnais i réim ar bhealach lena mbaintear an úsáid is éifeachtaí is féidir as an speictream atá ar fáil agus lena gcinntítear seirbhís ardchaighdeáin ar fáil do gach Ceadúnaí. Ar an 30 Meitheamh 2008, b'ionann líon iomlán na gceadúnas reatha raidió ar an mbunachar sonraí agus 16,033. B'ionann sin agus ardú 8% i gcomórtas leis an mbliain roimhe. Tugtar chun suntais leis an ardú sin go bhfuil daoine aonair, ngnólachtaí agus soláthraithe chórais cumarsáide leictreonaice ag baint níos mó úsáide as

teicneolaíocht raidió. Baineann an méadú seo go háirithe le cineálacha ar leith ceadúnas raidió, mar shampla, naisc raidió, F agus raidió aerárthaí. Lean an Brainse Oibriúcháin Ceadúnaithe, i rith na bliana faoi chaibidil, ag cur feabhas ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do lucht na gceadúnas agus tugadh isteach roinnt cineálacha nua ceadúnas raidió d'fhonn freastal ar an éileamh, ar géire arís i gcónaí é, ar speictream an raidió.

Scrúduithe do Lucht Turgnamh Raidió

Socraíodh seacht mbabhta scrúduithe do lucht turgnamh ó síníodh an conradh maidir le scrúduithe lucht turgnamh le Cumann Tarchuradóirí Raidió na hÉireann (IRTS) i mí na Bealtaine 2005. Tá an scrúdú seasta ag 125 iarrthóir agus d'éirigh le 88 marc pas a ghnóthú ann.

Ábhar misnigh do ComReg an oiread suime atá léirithe ag lucht raidió amaitéarach dul faoin scrúdú seo. Leanfaidh ComReg ag obair leis an IRTS d'fhonn cinntiú go leantar d'eagrú na scrúduithe ar bhonn rialta san am atá ag teacht agus táthar ag tabhairt na hoibre ar chonradh nua trí bliana leis an IRTS chun críche faoi láthair faoina leanfar ag reáchtáil na scrúduithe.

FWALA

Tá bonn níos treise bliain i ndiaidh bliana le tamall anois faoin scéim don Teach ar Chórais Leathanbhanda gan Sreang i Réimsí Logánta (FWALA). Tá géarú ar an éileamh ar bheith istigh maidir leis an speictream áirithe sin ó lucht oibriúcháin FWALA agus ligeann ComReg gálaí nua den speictream amach ionas go bhféadann an lucht oibriúcháin cur lena gcuid líonraí. Fágtar dá réir sin teacht i bhfad níos fairsinge ag an bpobal ar chórais leathanbhanda gan sreang. Eisíodh 57 ceadúnas, idir ceadúnais nua agus ceadúnais leasaithe, i mbliana.

An Eisiúint Leanúnach ar Cheadúnais Raidió

Tagann 4,000 iarratas ar an meán in aghaidh na bliana chuig Brainse na gCeadúnas in ComReg mar a ndéantar próiseáil orthu i ndáil le ceadúnas nua a eisiúint nó leasú a dhéanamh mar gheall ar athrú a thagann ar chórais atá ann cheana féin.

Leagtar amach go hachomair anseo síos na cineálacha éagsúla ceadúnas raidió a eisiúint ComReg agus tugtar líon na gceadúnas nua a eisíodh i rith na bliana faoi chaibidil:

Ceadúnú maidir le Speictream an Raidió ar lean

Raidió Gnó

Eisítear ceadúnais do raidió gnó le cuideachtaí nuair a bhíonn córas cumarsáide soghluaiste príobháideach de dhíth, e.g. nuair a bhíonn raidíonna de dhíth le haghaidh cumarsáid dhíreach dhá bhealach a dhéanamh idir ceanncheathrú agus baili foirne gluaisite. Bheadh a leithéid de chóras in úsáid go hiondúil ag comhlachtaí tacsaithe agus ag comhlachtaí iompair, chomh maith le heagraíochtaí rialtais agus eagraíochtaí stáit agus na seirbhísí éigeandála. Eisíodh 384 ceadúnas nua nó ceadúnas leasaithe i rith na bliana i gcomparáid le 321 i rith na bliana 2006-2007.

Athsheoltóir Pobail

Is é a bhíonn i gceist le seirbhísí Athsheoltóir Pobail go mbíonn stáisiún athsheoltóra i suíomhanna crochta agus iad á n-úsáid i gcomhar idir roinnt úsáideoirí. Is é an Ceadúnaí a dhéanann an stáisiún athsheoltóra a chur ar fáil, a fheistiú agus a chothabháil ionas go ligean sé d'úsáideoirí eile ina dhiaidh sin áis a bhaint as an stáisiún athsheoltóra ar bhonn tráchtála. Níor eisíodh ach ceadúnas nua amháin i rith na bliana an líon céanna díreach a eisíodh i rith na bliana roimhe seo.

Raidió Aerárthaí

Tagann an úsáid as trealamh trasghlacadóra raidió suite ar bord aerárthaí agus á oibriú taobh istigh de bhandaí minicíochta aerloingseoirachta d'fhonn cumarsáid le túir rialaithe aerfoirt (nuair atá an t-aerárthach ar dhroim talún nó san aer) faoi scáth an cheadúnais seo. Eisíodh 247 ceadúnas nua i rith na bliana i gcomparáid le 252 i rith na bliana 2006-2007.

Raidió Loingis

Aistríodh an cúram maidir le ceadúnais do threalamh cumarsáide raidió ar Longa de chuid na hÉireann, agus maidir leis na Teastais Inniúlachta a bhaineann leo, go dtí an tAonad Gnóthaí Raidió Mara sa Roinn Iompair agus Mara ón 15 Bealtaine 2007 ar aghaidh.

Ní eisíonn ComReg ceadúnais maidir le Raidió Loinge ná Teastais Inniúlachta níos mó.

Córais Raidió Shoghluaiste

Tugadh isteach reachtaíocht i mí Lúnasa 2002 (I.R. Uimh. 435 den bhliain 2002), lena réitíodh an bealach le córas nua ceadúnais a thabhairt isteach maidir le córais raidió shoghluaiste i réimse logánta nó ar láthair áirithe, cineálacha nach raibh soláthar sonrath á dhéanamh maidir leo faoin reachtaíocht go dtí sin. Tagann córais ar nós córas raidió truncaithe (córas raidió a fheidhmíonn trí chainéil mhinicíocht raidió as grúpa sainiúil cainéal a shaináilleadh ar bhonn dinimice). Eisíodh trí cheadúnas nua maidir le raidió soghluaiste i rith na tréimhse faoi chaibidil, ba córais raidió TETRA (Raidió Truncaithe ar dhroim na Talún) a bhain leo ar fad. Is modh cumarsáide TETRA a bhfuil an-éifeachtacht ag baint leis ó thaobh an speictream i ndáil le cumarsáide gutha agus sonraí.

Lucht Turgnamh le Raidió

Eisítear ceadúnas do Lucht Turgnamh Raidió le díograiseoirí raidió amaitéaracha ar mian leo an raidió a úsáid i mbun staidéar chaitheamh aimsire mar gheall ar thionchar forleathúcháin an raidió. Eisíodh 59 ceadúnas nua le dhá mhí dhéag anuas i gcomparáid le 45 ceadúnas i rith na bliana roimhe sin. Baineann an tsuim leanúnach seo go díreach lena fheabhas atá ag éirí leis na scrúduithe do lucht turgnamh raidió a eagraíonn Cumann Tarchuradóirí Raidió na hÉireann (IRTS).

Naisc Raidió

Nuair a bhíonn conair tarchuradóireachta raidió sainúsáide de dhíth idir suímh bhuaana, ní mór ceadúnas naisc raidió lena aghaidh. Baineann go leor oibreoirí teileachumarsáide úsáid as raidió micreathoinne le ceangal a dhéanamh idir a gcuid láithreáin tarchuradóireachta maidir leis an bhfón póca. Le linn tréimhse na tuarascála seo, eisíodh 1,826 ceadúnas nua nó ceadúnas leasaithe maidir le naisc raidió agus sin i gcomparáid le 1,962 i rith na tréimhse roimhe seo. An fairsingiú leanúnach ar chórais agus craobhchórais 2G agus 3G a thabhairt i bhfeidhm ag oibreoirí na gcóras soghluaiste, chomh maith le soláthraithe seirbhísí leathanbhanda gan sreang a thabhairt isteach sa mhargadh, na príomhchúiseanna atá leis an éileamh ar cheadúnais naisc raidió a bheith chomh mór sin ar feadh tréimhse fada.

Tástáil agus Triail Seirbhísí gan Sreang

Sheol ComReg an scéim maidir le ceadúnais don tástáil agus don triail ar sheirbhísí gan sreang i rith na bliana 2005 d'fhonn ligean don lucht taighde agus forbartha tástáil a dhéanamh agus triail a bhaint as an teicneolaíocht gan sreang i dtimpeallacht dáiríre. Eisíodh 28 ceadúnas den chineál sin i rith na bliana. Réitíodh an bealach leis na ceadúnais sin don tástáil agus don triail maidir le réimse leathan teicneolaíochta, Teilifís Dhigiteach Trastíre, Raidió Digiteach, Teilifís Shoghluaiste, Leathanbhanda Soghluaiste, seirbhís saithilíte agus trastíre don fhón póca san áireamh chomh maith le cineálacha eile.

An Teachnt ar Chórais Leathanbhanda gan Sreang i Réimsí Logánta

Sheol ComReg scéim cheadúnais réimsí logánta i rith na bliana 2003 maidir leis an teachnt ar chórais leathanbhanda gan sreang faoin gcóras ceadúnais don Teachnt ar Chórais Leathanbhanda gan Sreang i Réimsí Logánta (FWALA). Faoi Mheitheamh na bliana 2008, bhí 224 ceadúnas réimse logánta ar fad eisithe ag ComReg, ardú ón bhfigiúr 185 ceadúnas an bhliain roimhe sin.

Satailít

Bíonn satailít in úsáid le haghaidh roinnt mhaith beartaíochta, craoltóireacht teilifíse, meitéareolaíocht, suirbhéireacht agus teileachumarsáid san áireamh. Tá modh oibre sochóirithe ar fáil le córas saithilíte mar mhalairt ar chóras línte feistithe ar dhroim talún nó ar chóras naisc seasta raidió. Éilítear ceadúnais maidir le trí chatagóir de na stáisiúin dhomhanda saithilíte:

Achoimre maidir leis na Gairis Raidió atá díolmhaithe ó Cheadúnú

| Cineál Raidió | Trácht | Ordú Díolúine | Faisnéis Eile |
|--------------------------|---|--|--|
| Gaireas Gearr-Raon (SRD) | Gairis éagsúla ísealchumhachta mar shampla, gaireas feidhmiúcháin ionduchtúcháin, aláraim, cianrialú mionsamhla/riochtáin, siúlscéalaithe, micreafóin gan sreang agus closchórais, raidió LANS, Teileamataic Iompair ar Bhóthar agus Tráchtá (RTTT), Córais Aitheantais Minicíochta Raidió (RFID). | I.R. 160 den bhliain 2006 I.R. 405 den bhliain 2002 | ERC/REC/70-03 Cáipéisí: 02/71 |
| Banda an tSaoránaigh | Banda AM an tsaoránaigh (CB) agus trealamh raidió PR 27AM | I.R. 436 den bhliain 1998 | Caighdeán: ETS 300 433, ETS 300 135 Cáipéisí: 00/62R |
| Satailít | Stáisiúin Domhanda Soghluaiste Talún áirithe agus Stáisiúin Inmarsat, Eutelsat, Italsat, Arcanet agus Thuraya san áireamh. | I.R. 398 den bhliain 2001 | Caighdeán: TBR 026, TBR 044, TBR 027, EN 301 681 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Domhanda Fosaithe Glactha Satailíte agus glacadóirí VSAT agus SNG san áireamh | I.R. 273 den bhliain 2000 | Caighdeán: TBR 28, TBR 30, TBR 43 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Soghluaiste Domhanda do Chórais Cumarsáide Pearsanta le Satailít <1GHz (S-PCS<1GHz) | I.R. 173 den bhliain 2000 | Aguisín a 2 de ERC/DEC/(199)06 Cáipéisí: 00/62R |
| | Stáisiúin Shaitilíteacha Domhanda do Chórais Cumarsáide Pearsanta le Satailít <1GHz (An tSeirbhís Dhomhanda don Chumarsáid Phearsanta Soghluaiste, GMPCS) Díolúine maidir le Stáisiúin Aerarthaí ar Ísealchumhacht | I.R. 214 den bhliain 1998 I.R. 007 den bhliain 2004 | ERC/DEC/(197)03 Cáipéisí: 00/68, 00/62R |
| | Teirminéil d'Úsáideoir Satailíte ar Ísealchumhacht | I.R. 505 den bhliain 2003 | Caighdeán: EN 301-459 TBR 28 ERC/DEC/(100) 03 ERC/DEC/(100) 04 ERC/DEC/(100) 05 |
| | Teirminéil Satailíte ar bord Aerarthaí | I.R. 007 den bhliain 2004 | Caighdeán: EN 301-473; EN 302-186 |
| | Teirminéil d'Úsáideoir Satailíte Soghluaiste | I.R. 128 den bhliain 2005 | Caighdeán: ECC/DEC/(102) 11 EN 301-444 EN 301-681 |
| PMR 446 | Raidiúnna gnó gearr-réimseacha á n-úsáid sa bhanda 446MHz | I.R. 93 den bhliain 1998 | Cáipéisí: 00/62R |
| GSM | Teileafóin GSM á n-úsáid sa bhanda 900MHz | I.R. 409 den bhliain 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| DCS 1800 | Teileafóin GSM á n-úsáid sa bhanda 1800MHz | I.R. 107 den bhliain 1999 | Caighdeán: TBR 31, TBR 32 Cáipéisí: 00/62R |
| Teileafón gan Sreang | Teileafóin analóige gan sreang á n-oibriú ag 31.025 - 31.325MHz (don chuid fhosaithe) agus 31.925 - 40.225MHz (don chuid soghluaiste) Teileafóin DECT gan sreang á n-oibriú ag 1800 - 1810MHz Córas cumarsáide raidió digiteach gan sreang CT2-CAL á oibriú sa bhanda 864.1 - 868.1MHz a thagann le coinníollacha ETS 300 131 | S.I. 410 of 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| Craoltóireacht | Stáisiúin athsheolta craolacháin áirithe le sreang Glacadóirí craolacháin fuaimne | I.R. 200 den bhliain 1976 I.R. 211 den bhliain 1972 | Cáipéisí: 00/62R |
| Glacadóirí Raidió | Glacadóirí Raidió go Ginearálta (gan teilifíseáin a áireamh) | I.R. 197 den bhliain 2005 I.R. 292 den bhliain 2005 | |

Radio spectrum licensing continued

Stáisiún Mhóra Dhomhanda (LES), Stáisiún Dhomhanda Iniompraithe (TES) agus Teirminéil Chró An-Mhion (VSAT). Eisíodh 68 ceadúnas nua i rith na bliana faoi chaibidil, i gcomparáid le 49 ceadúnas nua an bhliain roimhe sin. Is í an chúis a bheadh leis an leibhéal íseal sin maidir le ceadúnais sailtilíte gur thug ComReg rialacháin maidir le díolúine ó cheadúnas i gcás sailtilíte isteach le roinnt blianta anuas. D'fhoilsigh ComReg cáipéisíocht leasaithe maidir le cúrsaí Sailtilíte níos luaithe i mbliana, mar shampla, Treoirilínte nua agus foirmeacha iarratais.

TETRA

Tá dréachtadh déanta ag ComReg, mar chuid de thairiscint na Roinne Airgeadais i ndáil le Scéim Raidió Digitigh Bhainistithe (MRDS), ar reachtaíocht nua d'fhonn foráil do cheadúnas náisiúnta TETRA a thabhairt isteach. Ligfidh sin d'oibríteoir an chóras TETRA córas cumarsáide nua digiteach a thabhairt isteach do na seirbhísí éigeandála ar fud na tíre. Bhíothas amach go mór san obair maidir leis an bpróiseas tairisceana faoi mhí Mheitheamh 2008 agus ba chosúil go mbeadh socrú á dhéanamh i rith na tríú ráithe den bhliain 2008.

Díolúine maidir le Ceadúnas

Tá roinnt mhaith córas raidió in Éirinn atá díolmhaithe ó cheadúnú. Is iondúil gur nuair nach bhfuil aon ghá bainistíocht a dhéanamh ar speictream faoi leith, mar shampla bandaí ISM (Tionsclaíocht, Eolaíocht agus Leigheas), agus sa chás gur fánach an baol ó thrasnaíocht, a shocraítear díolúine maidir le ceadúnas. I gcásanna go leor, ní mór trealamh raidió atá díolmhaithe ó choinníoll ceadúnais a oibriú i speictream "i gcomhar" le gairis eile. Lena chois sin, is ar bhonn 'neamhthrasnaíochta, neamhchosanta' a oibrítear trealamh atá díolmhaithe ó choinníoll ceadúnais, is é sin le rá nach mbeidh an trealamh ina shiocair trasnaíochta ar ghairis eile agus nach n-éileofar cosaint ó thrasnaíocht ar bith a thiocfadh. Bíonn ceadúnas dlite i gcás gach trealamh raidió nach bhfuil díolúine ó cheadúnas ina leith. Tugtar achoimre sa tábla seo thíos maidir leis na gairis raidió a bhfuil díolúine ó cheadúnas ina leith:

World Rally Championship

I ndeireadh mhí na Samhna 2007, eagraíodh an chéad pháirt riamh de rás de chuid an World Rally Championship (WRC) a reáchtáladh in Éirinn in iarthuaisceart na tíre, arna bhun i Sligeach agus páirteanna den rás á rith sna contaetha máguaird agus i dTuaisceart Éireann chomh maith. Bhí ComReg forbheartach ag cothú caidrimh agus cumarsáide le daoine sna heagraíochtaí rialála agus rialachais a bhaineann leis an WRC d'fhonn cinntiú go mbeadh ceadúnais faighte i ndáil le gach cuid den chumarsáid raidió agus rialacháin na hÉireann á gcomhlíonadh.

Baineann an gnáthchumarsáid débhealaigh raidió a bhíonn ag na foirne leis sin, chomh maith le cumarsáid raidió i ndáil le maoirseacht sábháilteachta ar na cúrsaí, rialáil maidir le tomhas ama, cúrsaí oibriúcháin agus sábháilteacht an phobail. Ba ghá chomh maith na seirbhísí éigeandála a chosaint ar aon trasnaíocht a d'eascródh ó threalamh cumarsáide de chuid na bhfoirne ón iasacht.

Ó thaobh na craoltóireachta de, bhí freastal le déanamh ar lucht nuachta agus seirbhísí sailtilíte le ceadúnú. Tugadh ceadúnais chomh maith i ndáil le micreafóin raidió agus deiseanna monatóireachta sa chluas mar a bhí in úsáid ag tuairisceoirí. Ó tharla go raibh i gceist leis an úsáid a bhainfeadh na foirne agus na haonaid taca as an raidió go mbeifí ag dul trasna na teorann idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann go minic, bhí gá le comhordú a dhéanamh ó thús na pleanála le Ofcom, an rialóir teileachumarsáide sa Ríocht Aontaithe. Cuireadh go leor minicíochtaí ar fáil ar bhonn aontais agus comhair le Ofcom ionas go raibh na foirne WRC in ann oibriú gan deacracht ina leith sin.


Níor tháinig aon ghearán maidir le trasnaíocht ná fadhb maidir le cúrsaí raidió ó aon cheann de na foirne WRC, ó aon cheann d'fhoirne taca an WRC ná ó sheirbhísí éigeandála ná seirbhísí taca in Éirinn.

Tábla maidir leis na Ceadúnais Reatha agus na Ceadúnais Nua/Leasaithe a Eísíodh i rith na Bliana faoi Chaibidil

| Cineál an Cheadúnais | Líon na gCeadúnas Reatha | | | Líon na gCeadúnas Nua/Leasaithe a Eísíodh | | |
|---|--------------------------|--------------|-----------|---|-----------------------|-----------|
| | 30-Meith-08 | 30-Meith-07 | % d'Athrú | Meith 07~ Meith 08 | Meith 06~ Meith 07 | % d'Athrú |
| 2G | 3 | 3 | 0 | 0 | 0 | n/a |
| 3G | 4 | 4 | 0 | 0 | 1 | -100 |
| Raidió Aerárthaí | 1562 | 1429 | 9 | 247 | 252 | -2 |
| Raidió Gnó | 2885 | 2954 | -2 | 384 | 321 | 20 |
| Athsheoltóir Pobail | 82 | 102 | -20 | 1 | 1 | 0 |
| Lucht Turgnamh | 1495 | 1494 | 0 | 59 | 45 | 31 |
| FWALA | 224 | 185 | 21 | 57 | 63 | -10 |
| FWPMA | 2 | 2 | 0 | 0 | 0 | n/a |
| Blotheadúnais Náisiúnta – Ó Phointe go hIlphointí - 26 Ghz | 2 | 0 | n/a | 2 | 0 | n/a |
| Blotheadúnais Náisiúnta – Ó Phointe go Pointe - 26 Ghz | 4 | 0 | n/a | 4 | 0 | n/a |
| Raidió Soghluaiste (Réimse Logánta) | 11 | 10 | 10 | 3 | 3 | 0 |
| Glaoireacht (Réimse Logánta) | 75 | 37 | 103 | 20 | 23 | -13 |
| Naisc Raidió – Ó Phointe go hIlphointí | 126 | 124 | 2 | 2 | 2 | 0 |
| Naisc Raidió – Ó Phointe go Pointe | 9335 | 8402 | 11 | 1826 | 1962 | -7 |
| Raidió Saitilíte | 98 | 54 | 81 | 68 | 49 | 39 |
| Raidió Gnó - Sealadach | 19 | 1 | n/a | 132 | 133 | -1 |
| Raidió Gnó – Tríú Páirtí | 23 | 23 | 0 | 0 | 4 | n/a |
| Seirbhís Sonraí Soghluaiste Digiteach Banda Leathan (WDMDS) | 3 | 3 | 0 | 0 | 1 | n/a |
| Ardán Rochtana gan Sreang maidir le Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaice (WAPECS) | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | n/a |
| Córas Fógartha Poiblí gan Sreang | 58 | 32 | 81 | 26 | 32 | -19 |
| Tástáil ar Chóras gan Sreang | 13 | 14 | -7 | 16 | 18 | -11 |
| Triail maidir le Córas gan Sreang | 8 | 6 | 33 | 12 | 9 | 33 |
| Iomlán na gCeadúnas Raidió | 16033 | 14880 | 8 | 2859 | 2920 | -2 |

Tá mionsonraí maidir leis na cineálacha ceadúnais sin thuas, maille le foirmeacha iarratais, ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg www.comreg.ie

UIMHREACHA



“ Is ar ComReg a leagtar an fhreagracht chomh maith as an scéim náisiúnta uimhriúcháin maidir le cúrsaí teileafóin a riar go héifeachtach. Baineann leis sin dóthain uimhreacha teileafóin agus gearrchóid a chur ar fáil. ”

Uimhreacha, Ainmneacha agus Seoltaí

Is ar ComReg a leagtar an fhreagracht chomh maith as an scéim náisiúnta uimhriúcháin maidir le cúrsaí teileafóin a riar go héifeachtach. Baineann leis sin dóthain uimhreacha teileafóin agus gearrchóid a chur ar fáil, straitéis a chur i bhfeidhm lena gcinntítear nach dtarlódh ídiú iomlán ar fhoinse uimhreacha ar bith, soláthar uimhreacha agus cód a chur ar fáil do sheirbhísí nua agus do sheirbhísí leanúnacha de gach cineál agus cinntiú go n-osclaítear uimhreacha teileafóin go pras ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Athruithe maidir le hUimhreacha ar fud na Tíre

Tar éis iniúchadh agus anailís forleiththeadach a dhéanamh ar chúrsaí úsáide i rith samhradh na bliana 2007, ba é tuairim ComReg go raibh roinnt limistéir ar fud na gcúigí ag teannadh le géarchéim maidir le huimhreacha a raibh dáileadh de réir réimse tíre orthu. Cuireadh sin in iúl do Phainéal Comhairle ComReg maidir le cúrsaí Uimhriúcháin i mí Meán Fómhair 2007 agus thángthas ar an gcomhairle gur cheart athruithe maidir le huimhreacha a chur i bhfeidhm i gceithre phríomhlimistéar. Ba iad sin Droichead na Bandan, an Longfort, Cluain Meala agus Cill Airne chomh maith leis na folimistéir, an Granárd, An Chathair, Coill an Áill agus an Ráth Mór.

Tugadh fógra poiblí maidir leis na hathruithe trí na príomhnuachtáin náisiúnta i mí na Samhna 2007 agus cuirfead tús le hoibriú an dá chórais i ndáil le huimhreacha nua 7 bhfigiúr agus na seanuimhreacha 5 fhigiúr i mí na Samhna 2008. Leanfar d'oiibriú an dá chóras go dtí mí Bealtaine 2009 agus beidh tréimhse bliana ina dhiaidh sin a mbeidh fógra taifeadta le cloisteáil nuair a ghlaoithe ar na huimhreacha atá á gcur as úsáid.

I measc na gceisteanna eile a raibh gá dul i ngleic leo i gcomhthéacs na n-athruithe seo, bhí na heolairí teileafóin agus Bunachar Náisiúnta an Eolaire a leasú, modh oibre eadramhach maidir le Sonrú Líne an Ghlaio, ábhar a fhoilsiú ar an láithreán gréasáin agus in áiteanna eile - lena n-áirítear deiseanna aistrithe uimhreacha, freagraí ar cheisteanna coitianta agus meabhrúcháin do na daoine a bhfuil athrú ar a gcuid uimhreacha.

Athchóiriúchán maidir leis an nGnáthnós Uimhriúcháin agus modhanna nua maidir le hiarratais

Tá an cháipéis maidir leis an nGnáthnósanna Náisiúnta Uimhriúcháin ar fáil go poiblí agus tugtar cuntas ann ar na rialacha maidir leis na modhanna bainistíochta atá ag ComReg i ndáil leis an acmhainn náisiúnta uimhreacha a riar go críochnúil agus go héifeachtach, mar atá leagtha síos faoin reachtaíocht. Leagtar amach go soiléir freisin cearta agus dualgaisí gach duine a bhfuil uimhir acu i ndáil leis na huimhreacha a tugadh dóibh.

Foilsíodh an chéad eagrán den cháipéis maidir leis an nGnáthnós Náisiúnta Uimhriúcháin i mí Feabhra na bliana 2000 agus cuireadh leaganacha leasaithe ar fáil ó shin. Foilsíodh dréacht den eagrán leasaithe is deireanaí ar an 24 Iúil 2007 d'fhonn comhairleachán poiblí agus, tar éis anailís mhion a dhéanamh ar an gcomhairle, foilsíodh leagan leasaithe a 6 den Ghnáthnós ar an 2 Eanáir 2008 mar Cháipéis ComReg 08/02. Rinneadh comhairleachán chomh maith faoi cháipéis a théann leis maidir leis na nósanna i ndáil le hiarratais ar uimhreacha agus foilsíodh sin an tráth céanna mar Cháipéis ComReg 08/03. Cinntítear leis na cáipéisí lánsonraithe soiléirithe sin a chur ar fáil go mbíonn follasacht iomlán ag baint leis an scéim uimhriúcháin náisiúnta.

Seirbhís Comhchuibhithe le Luach Sóisialta

Tá Cinneadh 2007/116/CE (arna leasú) ó Choimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le Seirbhís Comhchuibhithe Luach Sóisialta á chur i bhfeidhm anois ar fud an Chomhphobail Éirípaigh. Is é an coincheap is bonn don Chinneadh sin gur chóir go gcuirfí an uimhir theleafóin chéanna sé fhigiúr (dar tús '116' in áirithe don tseirbhís chéanna a bhfuil tábhacht shóisialta léi i ngach Ballstáit, agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach ag cinntiú go gcuirtear chuige ar mhodh comhordaithe.

Is iad na huimhreacha a bhaineann le hábhar faoi láthair, de réir mar a shonraítear san Aguisín leis an gCinneadh arna leasú: -

- (a) 116000 – Líne eolais maidir le leanaí atá iarraidh
- (b) 116111 – Línte cabhrach do leanaí; agus
- (c) 116123 – Línte cabhrach maidir le taca mothúcháinach.

Tá réimse iomlán na n-uimhreacha a thosaíonn le '116' curtha in áirithe ag ComReg do sheirbhísí den chineál sin agus iarratais ó sholáthraithe seirbhíse ionchais iarrtha i ndáil leis na trí uimhir thuas. Rinneadh sin trí fhógraí sonracha a fhoilsiú sna príomhnuachtáin náisiúnta agus ar láithreán gréasáin ComReg.

Dá thoradh sin, agus tar éis cruinnithe leis na páirtithe a raibh suim acu san ábhar, chuir ComReg an uimhir 116111 i leith "Childline", seirbhís arna riar ag Cumann na hÉireann um Chosaint Leanaí (ISPCC) agus an uimhir 116123 i leith na Samaritans. Táthar ag tnúth go mbeidh seirbhís na Samaritans á cur ar fáil faoi mhí Mheán Fómhair 2008 agus seirbhís an ISPCC tamall ina dhiaidh sin. Rinneadh fiosrúchán lán dáiríre maidir leis an uimhir 116000 ach níor cuireadh aon iarratas foirmeálta isteach go fóill.

Rialáil maidir le hAinmneacha Fearainn le '.ie'

Tar éis an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007 a rith, tagann an fhreagracht maidir le rialáil ar ainmneacha fearainn idirlín leis an acmhainn '.ie' faoi réimsí freagrachta ComReg. Ó tharla gur cosúil an réimse sin á oibriú go breá faoi láthair, le híslíú leanúnach ar phraghasanna agus feabhas ó thaobh cúlchistí airgid, tá ComReg faoi láthair ag díriú go mór ar chur leis an mbonn eolais ina leith. Is é cuspóir atá i gceist, (sa chás, ar ndóigh, nach dtarlaíonn aon chor nua nach raibh súil leis) creat rialacháin éadrom a chur ar bun nach mbeadh i gceist leis ach an beagán idirghabhála.

Ba é an chéad bheart a rinneadh staidéar cuimsitheach neamhspleách a dhéanamh ar riocht an fhearainn '.ie' agus ar an eagraíocht IE Domain Registry (IEDR) go háirithe a riarann an clárann maidir le Fearann Ardleibhéal (ccTLD) an chóid náisiúnta '.ie'. Rinneadh comhairleoirí a bhfuil saineolas acu ar an réimse an staidéar sin. Chomh maith le cáipéisí agus modhanna oibre a thabhairt faoi athbhreithniú, agus cruinnithe agus agallaimh a reáchtáil le Bord IEDR, lucht na bainistíochta agus daoine den fhoireann, bhí na comhairleoirí ag caint freisin le réimse leathan geallsealbhóirí eile. Cuireadh tuairisc ar fáil do ComReg de thoradh na hoibre sin i mí na Nollag 2007 ina bhfuil léargas bonnlíne ar IEDR. Chuir ComReg eolas as an tuairisc sin a bhain le hábhar ar fáil do IEDR ó shin agus bhí cruinnithe i ndiaidh a chéile ann faoi cheisteanna mionsonraithe teicneolaíochta agus riaracháin a mb'fhiú iad a phlé. Tá comhairliúchán poiblí faoin bhfearann '.ie' foilsithe anois ag ComReg freisin (Cáipéis ComReg 08/48 ar an 27 Meitheamh 2008) atá bunaithe ar eolas a chuirtear ar fáil i dtuairisc na gcomhairleoirí. Ba cheart go mbeadh toradh an chomhairliúcháin sin, a bheidh mar threoir maidir leis na chéad bhearta eile, ar fáil faoi mhí Deireadh Fómhair 2008.

Mar bheart scoir, tá ComReg, d'fhonn cinntiú go ndéantar anailís chuimsitheach ar gach réimse baol, ag coimisiúnú tuairisc den stuaim chuí maidir le IEDR trína scrúdófar go mion roinnt ceisteanna buntábhachta maidir le cúrsaí airgeadais agus rialachas corparáide. Táthar ag súil go mbeidh tús á chur leis an staidéar sin i dtús mí Lúnasa 2008.

Líonraí den Chéad Ghlúin Eile

Tar éis plépháipéar maidir le táirgí mórdhíolacháin a fhoilsiú i mí Iúil 2007 (Cáipéis ComReg 07/40), thug ComReg faoi bhreis taighde ar na príomhréimsí éiginnteachta maidir le Líonraí den Chéad Ghlúin Eile (NGN). I measc na réimsí ábhair a bhí i gceist, bhí an cás gnó i bhfabhar Díchuachadh Fo-lúibe agus anailís ar an riachtanas a bhainfidh le táirgí sruth giotaí den chéad ghlúin eile. An tráth céanna, bhí (agus bíonn i gcónaí) cruinnithe dépháirt ag ComReg le Eircom d'fhonn teacht ar shoiléire maidir le roinnt ceisteanna a bhaineann leis an líonra den chéad ghlúin eile a thabhairt i bhfeidhm.

Tar éis fhoilsiú na bhfoilseachán sin, tháinig na hOibritheoirí Údaraithe Eile (OÚE) le chéile gur chuir Ráiteas Riachtanais (RR) ar fáil i gcomhar ina leagadh amach go mionsonraithe an riachtanas ba dhóigh leosan orthu i ndáil le táirgí mórdhíolacháin den chéad ghlúin eile. Thug Eircom freagra mar gheall ar an RR sin i mí Feabhra 2008 cé gur fágadh roinnt ceisteanna gan réiteach agus tá na OÚE agus ComReg ag féachaint le soiléiriú a fháil faoi láthair.

Tá scrúdú déanta ag ComReg chomh maith ar cheisteanna maidir le troscán sráide agus cúrsaí aisiompair, ina measc comhráit le roinnt comhairlí contae agus comhairlí cathrach maidir le ceisteanna a bhaineann le cófraí comhshuite. Tá plé ar bun ag ComReg le Eircom faoi láthair maidir le réiteach a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm maidir le Díchuachadh Fo-lúibe i gcomhthéacs líonraí den chéad ghlúin eile.

Chomh maith leis sin, bhí páirt ghníomhach ag ComReg ar leibhéal na hEorpa leis an nGrúpa Rialaitheoirí Eorpacha i ndáil le ceisteanna a bhaineann leis an gcéad ghlúin eile, mar shampla idirnascadh IP.

Clár Féachaint Chun Cinn


Déantar monatóireacht trí Chlár Féachaint Chun Cinn ComReg ar chora nua agus ar nuáil in earnáil na teileachumarsáide a bhféadfadh tionchar a bheith uathu ar fhorbairt an mhargaidh in Éirinn. Is é is cuspóir leis an fhorbairt ar an tionscail a mbeadh tábhacht straitéiseach leis a shonrú ionas go dtugtar sin san áireamh i bpróisis straitéise ComReg féin ionas gur féidir a mheas cé na bearta is gá d'fhonn ligean d'fhorbairt bhreise ar an margadh.

Painéal Comhairle Saineolais maidir le Cumarsáid Leictreonaice (ECEAP)

Painéal comhairle nua atá in ECEAP arna thionól ag ComReg d'fhonn comhairle a chur ar fáil maidir le cora nua in earnáil na teileachumarsáide. Tá feidhm mórhábhachta ag an bpainéal ss Chlár Féachaint Chun Cinn. Comhairleoirí neamhspleácha de chuid an tionscail ar leibhéal sinsearach atá i gcomhaltaí an Phainéil.

Bíonn trí chruinniú den phainéal ann i n-aghaidh na bliana. Tharla an chéad chruinniú acu sin i dtús mí Mheitheamh 2008 agus bhí John Doherty, Cathaoirleach ComReg, sa chathaoir. An chéad ghlúin eile den leathanbhanda a bhí mar ábhar ag an gcéad chruinniú agus i measc na n-ábhar a pléadh, bhí réiteach an bhealaigh don iomaíocht agus don nuáil idir ardáin, ceisteanna maidir leis an mbunúsáideoir agus modhanna chun éileamh breise a chothú.

RIALÁIL POIST



“Díríonn ComReg ar chinntiú go mbíonn seirbhísí poist ar ardchaighdeán ar fáil atá dírithe ar an gcustaiméir, lena gcinntítear bailiúchán agus seachadadh go laethúil ar litreacha agus ar bheartáin, ar a laghad cúig lá in aghaidh na seachtaine, chuig gach seoladh sa tír.”

An Creat Rialála

Is é ComReg an tÚdarás Rialála Náisiúnta maidir le hearnáil an Phoist in Éirinn. Is é aidhm a leagtar síos do ComReg faoin reachtaíocht an fhorbairt ar earnáil an poist a chur chun cinn agus, go háirithe, Seirbhís Poist Uilíoch a bheith ar fáil taobh istigh den Stát, isteach don Stát agus amach as an Stát ar phraghas réasúnta chun leasa na n-úsáideoirí ar fad.

D’fhonn an cuspóir sin a thabhairt i gcrích, díríonn ComReg ar chinntiú go mbíonn seirbhísí poist ar ardchaighdeán ar fáil atá dírithe ar an gcustaiméir, lena gcinntítear bailiúchán agus seachadadh go laethúil ar litreacha agus ar bheartáin, ar a laghad cúig lá in aghaidh na seachtaine, chuig gach seoladh sa tír, agus ag an am céanna cinntítear an tsaoirse ar fáil le seirbhísí iomaíocha a chur ar fáil san earnáil seo trí léirscaoileadh de réir a chéile ar mhargadh an phoist.


Tá ar fheidhmeanna sonracha ComReg, faoi Rialacháin an Phoist, treoir a thabhairt do An Post - An Soláthraí Seirbhíse Uilíoch (USP) - maidir leis an nós imeachta cuntasaíochta le glacadh i ndáil leis na cuntais rialála a ullmhú, monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh i ndáil le Prionsabail Taraifí, caighdeán maidir le cáilíocht na seirbhíse a leagan síos do An Post, monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmiúchán i gcomórtas leis an sprioc sin, agus cinntiú go ndéanann An Post de réir an dualgais a leagtar air seirbhís uilíoch a chur ar fáil (dlús pointí poist, seachadadh laethúil, etc.)

Faoi chumhacht eile ar leithligh, ní féidir le An Post praghsanna maidir le seirbhísí uilíocha coimeádta a ardú gan aontú ComReg leis sin.

Lucht Soláthair Seirbhíse Poist

Ó Eanáir 2006 i leith, rinneadh cúngú maidir leis na seirbhísí sin atá “coimeádta” ag An Post, ina Soláthraí Seirbhíse Uilíoch dó, ionas nach bhfuil i gceist ach míreanna comhfhreagrais intíre agus comhfhreagras thar teorainn isteach a bhfuil 50g meáchain ar a mhéid iontu, ar choinníoll gur ísle an praghas ná dhá oiread go leith an táille poiblí intíre maidir le mír comhfhreagrais sa chéad sraith meáchain den chatagóir chaighdeánach is

Figiúr 1: An gaol idir Seirbhísí Poist Uilíocha, Coimeádta agus Neamhrialaithe bunaithe ar an bpraghas intíre 55c



mó luais i.e. €1.375 (bunaithe ar phraghsanna mar a bhí ar an 1 Márta 2007). Tá margadh an phoist maidir le post trasteorann oscailte go hiomlán maidir le hiomaíocht ón 1 Eanáir 2004.

Is féidir seirbhís iomaíochta a chur ar bun in Éirinn (taobh amuigh den réimse atá ar coimeád) gan mórán foirmeáltachta, ní hionann agus an cás i roinnt tíortha eile inar gá ceadúnas a fháil chun seirbhísí a chur ar fáil in iomaíocht go díreach leis an soláthraí seirbhíse ainmnithe. Ón 1 Eanáir 2004 i leith, ní mór do sholáthraithe seirbhíse poist (taobh amuigh de An Post) le láimhdeachas bliantúil is airde ná €500,000 i ndáil le seirbhísí poist (gan CBL a áireamh), cur isteach ar “údarú seirbhíse poist” agus nós imeachta simplí maidir le gearáin agus cúiteamh a chur ar bun atá leagtha amach d’fhonn an custaiméir a chosaint.

Ar an 30 Meitheamh 2008, bhí 36 soláthraí Seirbhíse Poist údaraithe ar fad sa tír. Tugadh údarú do sheacht soláthraí acu sin i rith na bliana faoi athbheithniú.

Is féidir clár reatha na soláthraithe údaraithe seirbhíse poist a fheiceáil ar láithreán gréasáin ComReg, www.comreg.ie, chomh maith leis na seirbhísí a chuireann gach soláthraí acu ar fáil faoi láthair.

Rialáil Poist ar lean

An Tríú Treoir maidir leis an bPost

I mí Deireadh Fómhair 2006, d'fhoilsigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh togra do Threoir nua maidir leis an bPost. Tar éis a mheas i bParlaimint na hEorpa agus i gComhairle na nAirí, thángthas ar aontú polaitiúil mar gheall ar an togra leasaithe i mí Deireadh Fómhair 2007.

Ar an 27 Feabhra 2008, foilsíodh an tríú Treoir de chuid na gComhphobal Eorpach maidir le cúrsaí Poist, lenar bhain sainordú d'oscailt na margáí poist ó thaobh iomaíochta tráth nach deireanaí ná an 31 Nollaig 2010. D'fhonn teacht roimh na gcor nuas sin, d'fhoilsigh ComReg an Ráiteas Straitéise faoi Chúrsaí Poist (Cáipéis ComReg 08/17) maidir leis na trí bliana amach romhainn ar an 14 Feabhra 2008.

Ag deireadh mí Aibreán 2008, sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha beart comhairliúcháin maidir le roinnt de na ceisteanna nach mór aird orthu agus an Treoir á trasúiomh i nDlí na hÉireann. Tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán ar an 9 Iúil 2008. Tá an aighneacht a chuir ComReg faoi bhráid an chomhairliúcháin ar fáil ag www.comreg.ie i gcáipéis ComReg 08/47.

Is é tuairim ComReg go bhfuil trí cheist buntábhachta ar dá réir a shocrófar cén tairbhe a bheidh ag an tomhaltóir in Éirinn as an iomaíocht a thabhairt isteach i margadh poist na hÉireann:

Rialú Praghsanna

Éilítear faoin Treoir go mbeadh na seirbhísí ar cuid iad den tseirbhís "uilíoch" a chinntítear leis an Treoir ar fáil ar phraghas atá "iníoctha", "bunaithe ar an gcostas", "follasach" agus "neamh-idirdhealaitheach". Is féidir leis na Ballstáit an choinníoll sin a chur i bhfeidhm de réir a dtogra féin. Is é tuairim ComReg, ar mhaithe leis an tomhaltóir seirbhísí poist, gur chóir do An Post leanacht ag iarraidh aontú leis sula n-ardaítear na praghsanna - is deacair athrú ar ais ó ardaítear praghsanna.

Caighdeán

Éilítear ar An Post faoin Treoir seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil. D'fhonn cur le héifeachtacht an fhorfheidhmiúcháin ag ComReg maidir leis an dualgas sin, d'eisigh an tAire Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2008 (I.R. 135/2008) i mí Bealtaine 2008.

Rinneadh leasú leis na rialacháin sin ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seirbhísí Poist) 2002 (I.R. 616/2002) agus tugadh cumhacht breise do ComReg d'fhonn cinntiú go gcomhlíonann An Post an Treoir a thugtar maidir le cáilíocht chaighdeán an seirbhíse agus ceisteanna eile maidir le cúrsaí poist.

Seirbhís 'Uilíoch' a chur ar fáil

Tá gá le sainmhíniú beacht gan débhríos ar na seirbhísí a chinntítear don tomhaltóir in Éirinn. Tá An Post ainmnithe ag an Aire faoi láithair mar "Sholáthraí Seirbhíse Uilíoch" d'fhonn na seirbhísí sin a chur ar fáil. Tugtar le tuiscint faoin Treoir nua nach ga gurb é sin an bealach is fearr le cur chuig margadh iomaíochta. I measc na roghanna eile a mholann Coimisiún na gComhphobal Eorpach, tá soláthar an mhargaidh agus an soláthar poiblí. Ciallaíonn Soláthar an Mhargaidh gur faoi na soláthraithe seirbhíse poist socrú mar gheall ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus go dtiocfadh an rialtóir i mbun gnímh sa chás go raibh aon easnamh dá thoradh sin maidir leis an tseirbhís a bhí á cur ar fáil.

D'fhonn teacht roimh an athrú seo, leag ComReg amach an teideal Seirbhísí Poist don Aonú Aois is Fiche don Chomhdháil Náisiúnta Bhliantúil sa bhliain 2007. Díródh le linn na comhdhála ar na seirbhísí poist a mbeidh gá ag tomhaltóirí, mar shampla, gnólachtaí, comhlachtaí riaracháin agus an duine aonair, leo san am atá ag teacht agus ar an gcaoi is fearr a gcuirfí na seirbhísí sin ar fáil ó thaobh praghas, cáilíochta agus seirbhíse.

D'fhonn bonn a chur faoin bplé ag an gComhdháil Náisiúnta, chuir ComReg na comhairleoirí LECG Ltd ar coimisiún maidir le tuarascáil mhionsonraithe a chur ar fáil inar pléadh an mhórchéist ghinearálta maidir leis an gcaoi is fearr a gcinnteofar go mbíonn tairbhe ag an tomhaltóir as margadh poist na hÉireann a léirscaoileadh ó thaobh iomaíochta. Tá leagan iomlán na tuarascála sin a chuir LECG le chéile ar fáil ag www.comreg.ie sa cháipéis ComReg CP45e.

Ráiteas Straitéise

Tá dlíte ar ComReg, faoin Acht um Rialú Cumarsáide 2002, Ráiteas Straitéise a chur ar fáil gach re bliain. Ní mór na haidhmeanna a leagtar síos in alt 12 an Aichta a thabhairt san áireamh sa Ráiteas Straitéise chomh maith le haon treoir a thugtar faoi alt 13 an Aichta.

D'eisigh ComReg an Ráiteas Straitéise maidir le hEarnáil an Phoist in Éirinn i rith na tréimhse 2008 – 2010 (Cáipéis ComReg 08/17) i mí Feabhra 2008.

Leagtar amach sa ráiteas an plean atá ag ComReg maidir le bearta sonraithe mórtábhachta tús áite a thabhairt i gcrích go sásúil agus cuirtear bonn daingean faoi le Plean Gníomhaíochta bliantúil ina leagtar amach go mionsonraithe na bearta tús áite agus na creata ama. Tuigtear do ComReg, agus an plean á thabhairt chun cinn, gur chóir feidhm agus dualgais na heagraíochta faoin reachtaíocht le sonrú ar an Ráiteas Straitéise agus gur chóir chomh maith go gcaomhnofaí an acmhainn sochóiriúcháin d'fhonn freastal do chora dúshláin i dtimpeallacht oibre lán brí.

Ní mór don oibreoir poist, má tá rath le bheith air i margadh iomaíochta, bheith nuálach, éifeachtach agus dírithe ar an gcustaiméir. Is é ról atá ag ComReg, mar a leagtar amach sa ráiteas, déanamh mar a bheadh aighne ann ar son an tomhaltóra agus iad siúd ar fad ar suim leo seirbhísí poist éifeachtacha atá dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil. Tá tábhacht ar leith leis an leibhéal rialála is cuí d'fhonn iomaíocht inbhuanaithe a bhaint amach, praghas, rogha agus caighdeán a chur ar fáil don tomhaltóir agus an nuáil a chothú, ó thaobh rath eacnamaíochta na hÉireann san am atá ag teacht.


Caighdeán na Seirbhíse

Intíre - An Post

Tá de phríomhchuspóir ag baint le geilleagar nua-aimseartha iomaíoch mar atá in Éirinn go mbeadh seirbhís poist ar fáil atá éifeachtach agus ar ardchaighdeán ar aon dul leis an gcuid is fearr san Eoraip. Dá bhrí sin, tá an-tábhacht ag ComReg le caighdeán na seirbhíse maidir leis an bpost. Tá feabhas a bhaint amach maidir le Caighdeán na Seirbhíse ar cheann de na príomhaidhmeanna atá leis na Treoracha Poist ón Eoraip agus tá dlite ar ComReg de réir an dlí sprioc maidir le Caighdeán na Seirbhíse a leagan síos do An Post.

Tá TNS mrobi ar conradh ag ComReg le caighdeán seirbhíse An Post a mheas i ndáil le píosa aonair poist¹³ tús áite (an gnáthchomhfhreagras, mór agus beag, a sheolann daoine aonair agus gnólachtaí sa phost gach lá). Le linn na bliana faoi chaibidil, d'fhoilsigh ComReg tuascáil bhliantúil TNS mrobi maidir leis an mbliain 2007, na torthaí feidhmiúcháin maidir leis na trí ráithe deireanacha den bhliain 2007 agus na torthaí feidhmiúcháin maidir leis an gcéad ráithe den bhliain 2008¹⁴.

An Post - Seachadadh an Lá dar gCionn (L+1)



Léiríonn na torthaí, i ndáil le post a postáladh sa Stát d'fhonn a sheachadadh taobh istigh den Stát i rith na bliana 2007, go ndearnadh seachadadh ar 77% den ghnáthchomhfhreagras (post aon mhíre) an chéad lá oibre tar éis a phostála (gan deireadh seachtaine ná lá saoire baine a áireamh). B'ionann sin agus feabhas 5% ar chaighdeán na seirbhíse i gcomórtas le toradh na bliana 2006 (72%)¹⁵. Ba chóir, ina ainneoin sin, a thabhairt faoi deara nach bhfuil ach 6% d'fheabhas bainte amach maidir le seachadadh an lá tar éis na postála le cúig bhliana anuas, nuair a tosaíodh ar mhionatáireacht neamhspleách a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse.

Rinneadh seachadadh ar 97% den ghnáthchomhfhreagras taobh istigh de thrí lá oibre ó lá na postála, ráta is ionann le ráta na bliana roimhe seo agus atá faoi bhun an sprioc 99.5% atá leagtha síos ag ComReg¹⁶.

| An Post - Seachadadh Intíre an Lá dar gCionn | Feidhmiúchán Poist - Comparáid de réir na Bliana | | | | |
|--|--|------|------|------|------|
| | 2005 | 2006 | 2007 | 2006 | 2007 |
| As Áit ar bith go hÁit ar Bith | 71% | 72% | 73% | 72% | 77% |
| As Áit ar bith go hÁit Logánta (Seachadadh taobh istigh den chontae inar postáladh) | 75% | 75% | 76% | 75% | 78% |
| As Áit ar bith go Contae Bhaile Átha Cliath | 71% | 73% | 73% | 72% | 77% |
| As Contae Bhaile Átha Cliath go hÁit ar Bith eile | 70% | 69% | 73% | 70% | 77% |
| As Contae Bhaile Átha Cliath go Contae Bhaile Átha Cliath (Logánta) | 72% | 75% | 76% | 73% | 78% |
| Ón taobh amuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath go hÁit ar Bith eile | 73% | 73% | 73% | 75% | 77% |
| Ón taobh amuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath go hÁit Logánta (Seachadadh taobh istigh den chontae inar postáladh) | 78% | 76% | 76% | 77% | 79% |
| Ón taobh amuigh de Chontae Bhaile Átha Cliath go Contae Bhaile Átha Cliath (Logánta) | 68% | 70% | 68% | 70% | 75% |

¹³ De réir na bprinsabal atá leagtha síos sa Chaighdeán Eorpach agus Éireannach I.S. EN 13850: 2002 'Seirbhísí Poist - Caighdeán Seirbhíse - Tomhas ar an tréimhse iompair maidir le seirbhísí ó cheann postála go ceann scribe maidir le mír aonair poist tús áite agus post den chéad ghrád'

¹⁴ Cáipéis ComReg Uimh. 08/42 (R1 2008, a foilsíodh an 13 Meitheamh 2008); 08/24 (Tuarascáil Bhliantúil 2007 agus R4 2007, a foilsíodh an 28 Márta 2008), 07/96 (R3 2007, a foilsíodh an 29 Samhain 2007), 07/63 (R2 2007, - a foilsíodh an 29 Lúnasa 2007)

¹⁵ Tá seo taobh istigh den lámháil earráide (+/- 1.0%)

¹⁶ Is é cuspóir atá leis an mbeart seo a chinntiú, sa chás go dtarlaíonn teip i ndáil leis an leibhéal inmhianaithe maidir le seachadadh an lá dar gCionn, go gcuirtear sin ina cheart chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin

Rialáil Poist ar lean

Idirnáisiúnta - Torthaí Trasteorann san Eoraip

Léirítear le torthaí UNEX (Córas Monatóireachta Seachtrach Unipost) maidir leis an mbliain 2007, arna bhfoilsíú ag International Post Corporation (IPC), i ndáil le caighdeán na seirbhíse maidir le post trasteorann san Eoraip gur seachadadh 94.1% den phost litreach tús áite taobh istigh de thrí lá dá phostáil (táscaire luais) agus 98.7% taobh istigh de cúig lá (táscaire iontaofachta). Tá tortha uile an Aontais Eorpaigh (taobh amuigh den Bhulgáir a ndéanfar monatóireacht ina leith ón mbliain 2008 ar aghaidh), mar aon leis an Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis sa chatagóir UNEX-29.

Ní fhoilsítear meánfhigiúirí maidir le post a seoladh as Éirinn agus a seachadadh in Éirinn, ach tá sonraí mar seo a leanas ar fáil maidir le roinnt bealaí faoi leith (seachadadh taobh istigh de thrí lá):

| An Tír | Seoladh in Éirinn | | Seachadadh in Éirinn | |
|---------------------|-------------------|-------|----------------------|-------|
| | 2006 | 2007 | 2006 | 2007 |
| An Ríocht Aontaithe | 93.0% | 91.3% | 94.4% | 94.4% |
| An Bheilg | 93.3% | 94.0% | 91.7% | 93.7% |
| An Fhrainc | 90.6% | 94.8% | 88.1% | 92.0% |
| An Ghearmáin | 94.6% | 93.8% | 93.4% | 95.4% |
| An Laitvia | 78.6% | 86.1% | 83.7% | 88.0% |
| An Liotuáin* | | 77.3% | | 82.9% |
| An Pholainn | 82.3% | 87.5% | 81.3% | 80.3% |
| An Spáinn | 71.1% | 81.3% | 89.6% | 89.4% |
| An Ísiltír | 94.0% | 93.9% | 85.7% | 91.8% |

* Ní dheanadh torthaí maidir le seirbhísí go dtí an Liotuáin agus ón Liotuáin a thomhas i rith na bliana 2006.

Suirbhéanna maidir le Post chuig Árais Chónaithe agus chuig Gnólachtaí

D'fhoilsigh ComReg torthaí na Suirbhéanna na bliana 2007 maidir le post chuig árais chónaithe agus chuig gnólachtaí (Cáipéisí ComReg Uimh. 08/13a agus 08/13b) i mí Eanáir 2008.

Léirítear mar seo a leanas leis na príomhthorthaí ón Suirbhé Gnó arna bhunú ar agallaimh a rinneadh ar an teileafón le sampla lenar bhain 802 gnólacht:

- Tá ardú de réir a chéile go dtí 24% anois ar líon na gcomhlachtaí a roghnaíonn úsáid a bhaint as malairt soláthraithe seirbhíse poist cé nach mór an tuiscint atá go fóill i measc lucht gnó ar mhálairt soláthraithe a bheith ar fáil.
- Bhí ardú beag maidir leis an toirt poist a sheolann na gnólachtaí a cuireadh faoin suirbhé.
- Tharla ardú maidir leis an leibhéal ginearálta sástachta leis an tSeirbhís Poist in Éirinn ó 48% go dtí 61% i rith na bliana 2007

- Tharla ar a laghad eachtra mhíshásúil amháin maidir le gné éigin den tSeirbhís Poist le dhá mhí dhéag anuas i gcás 40% den lucht freagartha
- I measc na scóranna sástachta ab ísle, bhí an scór maidir le líon na soláthraithe seirbhíse poist atá ar fáil agus an scór maidir le costas na seirbhísí poist leis an Post go ginearálta
- Sonraíodh praghasáil d'fhonn iomaíocht níos géire agus seirbhísí níos luaithe agus níos iontaofa ar na tosca mórtábhachta a chothódh úsáid níos forleithne as na seirbhísí poist

Léirítear mar seo a leanas leis na príomhthorthaí ón Suirbhé maidir le hÁrais Chónaithe arna bhunú ar cheistiúchán struchtúrtha a cuireadh ar shampla ionadaíochta díreach faoi bhun míle duine idir 18 agus 74 bliain d'aois ar fud na tíre:

- Ardú maidir leis an méid a sheolann teaghlach tríd an bpost ó 3.06 mír in aghaidh na seachtaine ar an meán sa bhliain 2006 go dtí 4.50 mír sa bhliain 2007, maille le hardú ar líon na míreanna postais a seachadadh ag gach seoladh baile ó 8.11 sa bhliain 2006 go dtí 9.02 sa bhliain 2007.
- Bhí beagnach leath na bhfreagróirí in árais chónaithe sa bhliain 2007 ar an eolas faoi mhálairt Soláthraithe Seirbhíse Poist
- Luaigh freagróirí amháin as gach deichniúr freagróirí míshástacht le gné éigin de na seirbhísí poist sa bhliain 2007 agus ba cúrsaí seachadta ba mhó ba chúis leis an míshástacht
- Astu sin a rinne gearán foirmeálta, bhí ceathrar as gach deichniúr an-mhíshásta leis an gcaoi ar pléadh leis an ngearán
- I gás an tseisir as gach deichniúr ar dóigh leo go bhfuil tosca a bheadh ina siocair le méadú ar úsáid na seirbhísí poist, tá an praghas ar an toisc is tábhachtaí acusan agus tagann iontaofacht agus caighdeán na seirbhíse agus i gceist go mór chomh maith.
- Arna bhunú ar anailís ar Mhúnla Íogaire Praghais, is ionann an pointe praghais is fearr maidir le gnáthlitir a sheoladh agus 49c, cuid mhaith níos ísle ná an pointe praghais atá i bhfeidhm faoi láthair, 55 cent.

Nós Imeachta na Soláthraithe Seirbhíse Poist maidir le Gearáin agus Cúiteamh

Foráiltear faoi Rialachán 15 (1) de I.R. Uimh. 616 den bhliain 2002 nach foláir do An Post agus aon soláthraí seirbhíse poist eile lena mbaineann láimhdeachas bliantúil de €500,000, gan CBL a áireamh nós imeachta follasach, simplí agus saor a leagan amach chun plé le gearáin ón lucht úsáide, go háirithe sa chás go bhfuil caillteanas, goid, damáiste nó neamhchomhlíonadh seirbhíse ó thaobh caighdeáin agus cáilíochta i gceist (nós imeachta san áireamh lena ndeimhnítear cén soláthraí ar a bhfuil an fhreagracht sa chás go bhfuil níos mó ná oibreoir amháin i gceist). Déanfar freastal leis an nós imeachta seo do réiteach cóir pras ar aighnis agus déanfar soláthar, nuair is cuí sin, do chóras aisíocaíochta nó cúitimh nó don dá rud. Ba chóir an nós imeachta a leagan amach de réir na dtreoirlínte a leagadh síos idir an Rialtóir síos agus an soláthraí seirbhíse poist.

I mí na Nollag 2007, d'eisigh ComReg treoirlínte atá infheidhme faoin dlí le An Post agus leis na hOibreoirí eile ar fad a bhfuil tugtha le fios acu go bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil acu a thagann faoi scáth na seirbhíse uilíche (Cáipéis ComReg 07/105).

Is é príomhchuspóir atá leis na treoirlínte sin atá infheidhme faoin dlí cuidiú leis na soláthraithe seirbhíse poist a chuireann seirbhísí poist ar fáil taobh istigh de scóp na seirbhíse uilíche nós imeachta follasach, simplí agus saor a leagan amach i ndáil le gearáin ón lucht úsáide¹⁷ agus cinntiú go bhfuil cúiteamh i bhfoirm chuí ar fáil don lucht úsáide sa chás go dtarlaíonn caillteanas nó moill shuntasach¹⁸ nó gadaíocht nó damáiste nó neamhchomhlíonadh maidir le caighdeán cáilíochta na seirbhíse.

Beidh modh cuí cúitimh ar fáil anois don tomhaltóir seirbhísí poist, gan bheann ar an soláthraí seirbhíse faoi scóp na seirbhíse uilíche, agus rathaíocht bhreise i gceist mar gheall ar mhodh cuí cúitimh a bheith ar fáil. Is féidir an scéim chúitimh i gcásanna den chineál seo a bheith i bhfoirm líon áirithe stampaí agus/nó suim airgid, ar choinníoll go mbíonn an t-éileamh i gcomhréir leis an gcostas a bhain leis an bpostáil.

Beidh "Cód Cleachtais maidir le Gearáin agus Réiteach Aighnis" a fhoilsiú ag gach soláthraí seirbhíse poist a thagann faoi scóp na seirbhíse uilíche ina ábhar muiníne ag an tomhaltóir poist ó thaobh caighdeáin seasmhacha i ndáil le gearáin agus cúiteamh a bheith i réim i dtionscal an phoist in Éirinn. Is é tuairim ComReg gur maith an rud sin do lucht úsáide an phoist in Éirinn agus don tionscal a dhéanann fónamh dóibh.

Leagtar amach na coinníollacha go soiléir sna treoirlínte agus díreann go háirithe ar na nithe seo a leanas:

1. Eolas ábhartha oiriúnach i ndáil leis an Nós Imeachta maidir le Gearáin agus Réiteach Aighnis;
2. Bunchoinníollacha maidir le cumarsáid leis an ngearánaí lena n-áirítear modhanna achomhairc go himheánach agus go seachtrach, an tréimhse freagartha i ndáil le gearán agus an uastréimhse i ndáil le haighneas a réiteach;
3. Na taifid i ndáil le haighneas a choimeád go dtí go mbíonn aon phríoséas achomhairc críochnaithe;
4. Cód Cleachtais a fhoilsiú agus cinntiú go mbíonn an custaiméir ar an eolas faoin gcód sin trí fhógraíocht a dhéanamh mar gheall air trí na gnáthmheáin cumarsáide agus fógraíochta;
5. Soláthar do phrionsabal an chúitimh sa chás go dtarlaíonn teip maidir leis an tseirbhís a chur ar fáil.

Tá dlite ar gach soláthraí seirbhíse poist a chuireann seirbhís ar fáil a thagann faoi scóp na seirbhíse uilíche Cód Cleachtais a chur i bhfeidhm.

¹⁷ Duine nádúrtha nó dlítheánach ar bith a bhfuil tairbhe aige as seirbhís uilíoch a chur ar fáil cibé ina sheoltóir nó ina sheoltáí dó.

¹⁸ Tugtar de shainmhíniú ar mhoill shuntasach i gcás poist intíre aon ní nach dtagann taobh istigh de thréimhse 7 lá agus i gcás poist trasteorann aon ní nach dtagann taobh istigh de thréimhse deich lá.

Gnóthaí Idirnáisiúnta

Grúpa Rialtóirí na hEorpa

Is é Grúpa Rialtóirí na hEorpa (ERG), a bunaíodh de réir Chinneadh de chuid an AE sa bhliain 2002, an comhareagras ag Údarás Rialála Náisiúnta (ÚRN) thíortha na hEorpa. Bíonn trí cinn déag agus fiche de thíortha na hEorpa páirteach in obair an ERG. I dteannta na seacht mball is fiche de Bhallstáit an AE, tá ceithre Stát ó Chumann Saorthrádála na hEorpa (EFTA) (an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin) agus trí Stát Aontachais/Iarrthóra maidir leis an AE (an Tuirc, an Chróit agus iar-Phoblacht na Iúgslavae an Mhacadóin) i gceist.

Cuirtear struchtúr foirmeálta ar fáil leis an ERG trínar féidir le rialtóirí na hEorpa agus leis an gCoimisiún Eorpach idirchaidreamh, díospóireacht agus forbairt a dhéanamh mar gheall ar an gcreat rialála maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaice. Tá sé ina eagrais comhairleach don Choimisiún Eorpach agus dá réir sin ina dheis machnaimh agus plé agus, ar ghlacadh lena mbíonn á mholadh ag an nGrúpa, bíonn sé ina shiocair le cur chuige i gcoitinne maidir le beartaíocht rialála. Is rannpháirtí gníomhach é ComReg i gclár oibre an ERG.

An Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG)

Tugann an Grúpa Rialtóirí Neamhspleácha (IRG) deis do na húdaráis rialála náisiúnta cruinnithe a bheith acu nach mbeidh i láthair acu ach údarás rialála eile d'fhonn ceisteanna a phlé a bhaineann leis an bhforfheidhmiúchán. Tá ballraíocht choitianta i gceist leis an ngrúpa, ar aon dul leis an ERG, agus is fiúntach an fóram atá ann maidir le plé agus díospóireacht ar chur i bhfeidhm an chreat rialála nó mar áis malartaíthe eolais. Ceapadh John Doherty, Cathaoirleach ComReg, ina chomhalta den Bhord i mí Feabhra 2008.

Ba é ba mhó a bhain le hobair an ERG arís i rith an dara leath den bhliain 2007 an t-ullmhúchán don athbhreithniú ar an gCreat Rialála agus an Moladh ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le Margáí Táirgí agus Seirbhísí Cuí. ComReg a rinne an chathaoirleacht ar an Meitheal Tionscadail a scrúdaigh a raibh molta i leith na réimsí sin. D'fhoilsigh an Coimisiún moltaí maidir le leasú reachtaíochta i ndáil leis an gcreat Rialála i mí na Samhna 2007 chomh maith le Moladh Leasaithe maidir le Margáí Táirgí agus Seirbhísí Cuí. Déanann an ERG anailís de réir mar a thagann siad chun cinn ar thograí na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa agus cuirtear toradh na hanailíse ar fáil do na húdaráis Náisiúnta Rialála atá ina gcomhaltaí den ERG. Chomh maith leis sin bhí páirt ag an ERG in éisteachtaí arna réachtáil i bParlaimint na hEorpa agus i gcuinnithe le hUachtaránacht na Comhairle faoi ghnéithe sonracha faoi leith de na tograí.

I rith na tréimhse ó mhí Iúil 2007 go mí Mheitheamh 2008, d'aontaigh an ERG roinnt cáipéisí a chuireann leis an gcur chuige rialála ó thaobh soiléire de agus féachadh le beartaíocht rialála aontaithe a leagan amach don tréimhse atá ag teacht. I measc na gcáipéisí tábhachtacha a foilsíodh, bhí siad seo a leanas:

Comhsheasamh maidir le VoIP

Baineann an tuarascáil seo le gné na tomhaltóireachta den rialúchán maidir le VoIP agus trácht faoi leith ann ar an teacht ar sheirbhísí éigeandála, cúrsaí uimhriúcháin agus iompraíocht uimhreacha.

Comhsheasamh maidir le Siméadracht idir rátaí foirceanta línte feistithe agus fóin phóca

Pléitear sa tuarascáil leis an gceist maidir le rátaí siméadracha foirceanta i margadh na línte feistithe agus i margadh an fhóin phóca agus le straitéisí na nÚdarás Rialála Náisiúnta d'fhonn an tsiméadracht sin a bhaint amach.

Treoir maidir le tástáil na dtrí chritéar a chur i bhfeidhm

Foilsíodh Moladh leasaithe i mí na Nollag 2007 maidir le margaí táirgí agus seirbhísí cuí ar dhóigh rialúchán ex ante ina leith. Tagraítear sa mholadh do thrí cinn de chritéir d'fhonn deimhniú an bhfuil margaí náisiúnta eile oiriúnach maidir le rialúchán ex ante agus baineadh leas as tairbhí na nÚdarás Rialála Náisiúnta nuair a bhí lón comhairle an pháipéir sin á shocrú.

Fánaíocht Idirnáisiúnta

Tháinig an Rialachán Fánaíochta i bhfeidhm ag deireadh mhí Mheitheamh 2007. Chuir an ERG treoirlínte ar fáil d'oibreoírí fón póca maidir le forfheidhmiú an Rialacháin. Cuidíonn an ERG leis an gCoimisiún sa mhonatóireacht ar chora nua sa mhargadh agus cuirtear tuarascáil ar fáil faoi dhó sa bhliain. Cuirfidh Coimisiún an AE togra maidir le hoibriú an rialacháin ar fáil agus thug an Coimisinéir Reding le tuiscint i mí Iúil 2008 go raibh sise i bhfábhair seirbhísí SMS a thabhairt isteach faoina scáth.

An Coiste Cumarsáide (COCOM)

Bunaíodh an Coiste Cumarsáide mar Choiste Comhairleach ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus tá i gceist go mbeadh an Coiste ina fhóram inar féidir leis na Ballstáit idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún, plé a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le forbairt na ngníomhaíochtaí rialála i ndáil le cumarsáid leictreonaice, líonraí agus seirbhísí. Bíonn ComReg páirteach ann mar chuid de thoscaireacht na hÉireann chomh maith le hionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Athbheithniú ar an gCreat Rialála

Mar a luaitear thuas, d'fhoilsigh Coimisiún an AE togra maidir le leasú ar an gCreat Rialála i mí na Samhna 2007. Cuireann ComReg comhairle faoi chúrsaí teicniúla ar fáil don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha maidir le páirt na Roinne sa phlé a tharlaíonn sna fóraim éagsúla a bhfuil plé iontu ar an togra. Bhí páirt ag ComReg freisin in éisteacht de chuid Chomhchoiste an Oireachtais um Ghrinnscrúdú Eorpach.

An Grúpa Polasaí Speictrim Raidió

Bunaíodh an Grúpa Polasaí Speictrim Raidió (RSPG) faoi Chinneadh ón gCoimisiún sa bhliain 2002 maidir le Speictream Raidió. Leagtar de chúram ar an RSPG lón tuairimíocht a thabhairt chun cinn d'fhonn cúnaimh agus comhairle a chur ar fáil don Choimisiún faoi shaincheisteanna maidir leis an speictream raidió, le comhordú ar an gcur chuige i ndáil le polasaí agus, nuair is cuí sin, ar choinníollacha comhchuibhithe i ndáil le teacht a bheith ar speictream raidió agus úsáid éifeachtach a bheith as mar is gá chun an margadh inmheánach a chur ar bun agus a chur i bhfeidhm.

Ionadaithe thar ceann na mBallstát agus thar ceann an Choimisiúin atá ina gcomhaltaí den Ghrúpa. Thug an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha cuireadh do ComReg páirt a ghlacadh san obair agus cuidíodh i rith na bliana faoi chaibidil leis na nithe seo a leanas a thabhairt i gcrích:

- Tuairim faoi cheisteanna maidir le Speictream agus teorainneacha seachtracha an AE – Meitheamh 08
- Comhairleachán poiblí maidir leis an dréacht-tuairim de chuid an RSPG faoi "Ghnéithe de Chur Chuige Eorpach maidir le hÚsáid Comhchoiteann as an Speictream

CEPT

Rinneadh togra maidir le hathchóiriú ar an gComhdháil Eorpach maidir le Riarachán Poist agus Teileachumarsáide a thabhairt chun cinn arís le linn na tréimhse faoi chaibidil ag cruinniú i Málta i mí an Mheithimh 2008.

Seirbhísí Corparáideacha

Déanann an Rannóg Gnóthaí Corparáide straitéisí agus polasaithe ceannródaíocha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá leagtha amach chun feabhas a chur ar an bhfeidhmiúchán oibre. Tá an Rannóg freagrach as an mbainistíocht i ndáil leis na feidhmeanna seo a leanas san eagraíocht:

Acmhainní Daonna

Córais Faisnéise

Cúrsaí Cumarsáide

Áiseanna

Ardcheapacháin Bhainistíochta

D'fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go raibh ComReg á chur ar bun i mí na Nollag 2002. Le linn na tréimhse faoi chaibidil, ceapadh John Doherty ina Chathaoirleach ar an gCoimisiún ar an 1 Nollaig 2007. Tá an Coimisiún, i dteannta leis an gCoiste Polasáí Bainistíochta (MPC), freagrach as an mbainistíocht straitéiseach agus oibríochtúil ar an eagraíocht.

Ráiteas Straitéise i leith earnáil na cumarsáide leictreonaice

D'fhoilsigh ComReg, i rith na tréimhse faoi chaibidil, Ráiteas Straitéise i leith earnáil na cumarsáide leictreonaice maidir leis an tréimhse 2008-2010, faoi mar a éilítear faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002. Tá an ráiteas ar fáil ar an láithreán gréasáin ag ComReg ar www.comreg.ie.

Leagtar amach sa straitéis an plean atá ag ComReg maidir le bearta áirithe buntábhachtacha a thabhairt i gcrích i rith na tréimhse trí bliana sin agus cuirtear bonn faoin straitéis le Plean Gníomhaíochta ComReg ina leagtar amach go mionsonraithe na bearta buntábhachta agus an creat ama ina leith.

Tuigtear do ComReg gur tréimhse í seo a bhfuil ináirithe go dtarlódh athrú mór ar fud na hearnála agus go mb'ábhar dúshláin na cora nua a tharlódh, mar shampla, cora i ndáil le Líonraí den Chéad Ghlúin eile (NGN); coinbhéirseacht; comhdhlús breise maidir leis an earnáil ar fud na hEorpa; tograí don deighilt maidir le córais teileachumarsáide ar leibhéal an AE agus ag Eircom; leasú maidir le líon agus réimsí na margaí a ndéantar rialúchán ina leith agus leasú i ndáil leis an gcreat rialúcháin Eorpach atá de bhonn faoin earnáil.

Gradaim Fhorbartha Acmhainní Daonna

Tuigtear do ComReg gur gné buntábhachtach i ndáil le rath leanúnach a bheith ar an oifig san am atá ag teacht an fhorbairt ar acmhainní pearsanra agus nach féidir feidhmiúchán den scoth a thabhairt i gcrích gan infheistíocht leanúnach a dhéanamh i ndáil leis an bhfoireann agus dúthracht leanúnach ina leith sin. Ba chúis áthais dúinn, dá bhrí sin, aitheantas seachtrach do na polasaithe agus do na córais atá i bhfeidhm nuair a baineadh amach athchreidiúnú le FÁS - Feabhas trí Dhaoine (Caighdeán an Óir) i mí na Samhna 2007 agus le Comhlachas na gCúntasóirí Deimhniúithe Cairte i mí an Mheithimh 2008. Bronnadh gradaim speisialta ar ComReg freisin faoi ghradaim Innealtóirí na hÉireann - Cuideachta na Bliana maidir le Forbairt Leanúnach Ghairme (CPD) i mí Deireadh Fómhair 2007 agus Cuideachta na Bliana maidir le Nuáil i mí Eanáir 2008 - agus faoi na gradaim náisiúnta maidir le Forbairt Leanúnach Ghairme arna n-eagrú ag an Institiúid um Oiliúint agus Forbairt. Is aitheantas an creidiúnú agus na gradaim sin ar na caighdeáin arda gairmiúlachta a bhaineann le cúrsaí oiliúna agus forbartha don fhoireann in ComReg.

Teicneolaíocht an Eolais

Tá feidhm theicneolaíocht an eolais in ComReg mar bhonn taca faoin eagraíocht ar an leibhéal oibríocháin; déantar córais TE agus faisnéise i bhfeidhm ar bhonn straitéise agus tugtar bearta straitéiseacha maidir le TE i gcrích.

Leanann ComReg den infheistíocht maidir le bogearraí ar ardchaighdeán agus tá roinnt córais tugtha chun cinn mar chúnamh don lucht oibre. Rinneadh, go háirithe, líon mór modúl a chur le córas na gCeadúnas in ComReg a chuireann go mór leis an riarachán agus leis an anailís theicniúil i ndáil le hiarratais ar cheadúnais speictream.

Déanann an fheidhm maidir le Teicneolaíocht an Eolais fónamh chomh maith mar sholáthraí acmhainní gnó do ComReg agus cuirtear leis an bhfeidhmiúchán i ndáil leis an ngeallsealbhoir. Baintear sin amach trí sheirbhísí agus deiseanna ar-líne a chur ar fáil agus a thabhairt chun cinn chomh maith le córais agus seirbhísí cúloifige .

Lean ComReg, i rith na tréimhse seo, ag cur leis an láithreán ar-líne agus á fheabhsú i ndáil leis an lucht úsáide. Sheol ComReg www.comstat.ie, i mí na Nollag 2007, láithreán a leagadh amach mar thairseach lárnach maidir le sonraí staitistice agus taighde anailíseach ar mhargadh na cumarsáide leictreonaice a chur ar fáil. Tá gné faoi leith ag baint leis an suíomh trínar féidir leis an úsáideoir tuairisc a iarraidh taobh istigh de rúbriic a leagann an t-úsáideoir féin amach; fágann sin gur féidir leis an úsáideoir teacht ar an eolas de réir mar atá tábhacht acu leis. Leanadh den fhorbairt ar Comstat agus cuireadh sonraí ó shuirbhé leis an gcóras go gairid tar éis é a sheoladh an chéad uair. Tá roinnt foinsí breise sonraí atá le cur leis an gcóras go ríghairid.

Cuireadh feabhas freisin ar an láithreán gréasáin de chuid ComReg a bhaineann le ceadúnais ar líne, www.eLicensing.comreg.ie, d'fhonn é bheith mar mhodh cumarsáide breise idir lucht na gceadúnas agus rannóg na gceadúnas agus an rannóg airgeadais in ComReg. Tá an córas sin leagtha amach anois ionas go bhfuil leas ag lucht na gceadúnas as maidir le táillí athnuachana a íoc, sonraí cuntais a leasú nó cur isteach ar cheadúnais.

Ag leanacht arís den bhéim a chuirtear ar fheabhsúchán ó thaobh an úsáideora de, chuir ComReg le roinnt de na gnéithe a bhaineann le www.callcosts.ie agus www.askcomreg.ie. Tagann an leathanbhanda soghluaiste isteach faoin ríomhaireán leathanbhanda ar www.callcosts.ie anois chomh maith le briseadh síos níos mine a bheith ar fáil sa chomparáid idir pacáistí don fón póca. Cuireadh feabhas ar an inneall cuardaigh ar www.askcomreg.ie d'fhonn deis a thabhairt don úsáideoir an t-eolas a bhfuil tábhacht aigesean leis a thiomsú.

Bhí nuachóiriú maidir le freastalaithe agus bogearraí agus treisiú leis an gcóras ar fad d'fhonn cinntiú go mbítear i riocht freastal don riachtanas TE san am atá ag teacht ar chuid de na tioncnaimh eile oibre a tugadh i gcrích.

Teacht ar Fhaisnéis

Tá ComReg lán dúthachtacha maidir leis an reachtaíocht faoi Shaoráil Faisnéise agus tháinig 12 iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise le linn na tréimhse faoi chaibidil. D'fhonn freastal don chumarsáid éifeachtach, agus ag teacht leis an reachtaíocht faoi chúrsaí míchumais agus le reachtaíocht na dTeangacha Oifigiúla, lean ComReg de na bearta atá leagtha amach maidir le teacht ar fhaisnéis a chur i bhfeidhm:

Gach Treoir don Tomhaltóirí a chur ar fáil 'i ngnáth-Bhéarla' agus sin á bhaint amach i ndáil leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Litearthacht d'Aosaigh (NALA);

Bearta maidir leis an nGaeilge, mar shampla, na cáipéisí buntábhachtacha ar fad a aistriú (gach Treoir don Tomhaltóirí san áireamh) agus cúrsaí tuisceana agus oiliúna don fhoireann; Cáipéisí agus comhfhreagras de chuid ComReg a chur ar fáil i leagan Braille agus i leaganacha eile nuair a iarrtar sin.

Chomh maith leis sin, coinníodh an gradam W-Mark i ndáil leis an dá láithreán do thomhaltóirí, www.askcomreg.ie agus www.callcosts.ie, agus baineadh an caighdeán sin amach i ndáil le www.comreg.ie freisin, rud a léiríonn dúthacht ComReg i ndáil le háisiúlacht agus faisnéis á cur ar fáil.

Lean an Coiste Cosanta Sonraí in ComReg ag cinntiú go raibh forálacha na nAchtanna Cosanta Sonraí (1988 agus 2003) á gcomhlíonadh ag an eagraíocht. Is é Oifigeach Rochtana ComReg atá ina chathaoirleach ar an gCoiste. Cuireadh tionscnaimh éagsúla chun cinn, mar shampla, athbhreithniú ar na modhanna oibre inmheánacha in ComReg i ndáil le sonraí a chosaint.

Cumarsáid agus Foilseacháin

Is ón Aonad Cumarsáide, atá ina chuid den Rannóg Gnóthaí Corparáide, a eisítear preasráitis agus a chuirtear teachtaireachtaí agus ráitis thar ceann ComReg amach chuig na meáin agus chuig an bpobal. Déantar bainistíocht san Aonad freisin maidir leis an ábhar ár láithreán ghréasáin na heagraíochta, déileáiltear le fiosrúcháin ó na meáin agus eagraítear comhdhálacha agus seimineáir. Ina theannta sin, is ar an Aonad atá an fhreagracht as an Tuarascáil Bhliantúil agus Nuachtlitr ComReg a fhoilsiú.

Tionólann ComReg Comhdháil Náisiúnta gach bliain ar ábhar faoi leith. Tugtar cuireadh do phríomhchainteoirí as Éirinn agus thar lear a gcuid saineolais a roinnt lenár gcuid geallsealbhóirí. Cuirtear deis bhreá ar fáil leis na himeachtaí sin le heolas a mhalartú, tuairim a nochtadh agus plé a dhéanamh i measc na ngeallsealbhóirí ar fad in earnálacha na rialála agus na teicneolaíochta.

D'eagraigh ComReg an Chomhdháil Bhliantúil ar an 18 Deireadh Fómhair 2007 in Óstán Morrison, Baile Átha Cliath. Seirbhísí Poist don Aonú Céad is Fiche téama na Comhdhála. Thug an Fóram sin deis do dhaoine mórhábhachta an tionscail bualadh le chéile agus plé a dhéanamh ar straitéisí agus ar chora nua ó thaobh an rialúcháin. D'fhreastail os cionn 100 ionadaí ón tionscail teileachumarsáide ar an gcomhdháil. Ba é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an tUasal Éamon Ryan, T.D., a d'oscail an chomhdháil.

Rialachas Corparáide

Tá de chuspóir ag an gCoimisiún an comhlíonadh a chinntiú maidir leis an sárchleachtas i gcúrsaí Rialachais Corparáide. D'aontaigh an Rialtas an Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Dheireadh Fómhair 2001. Leagtar amach sa Chód na prionsabail maidir le Rialachas Corparáide a bhfuil dlite ar chomhlachtaí Stáit iad a ghlacadh ar láimh.

Luaitear sa Chód freisin gur faoin reachtaíocht a bhaineann le hábhar a dhéantar rialú sa chás go bhfuil forálacha maidir leis na cúrsaí a thagann faoin gCód Cleachtas mar chuid den reachtaíocht a bhaineann le comhlacht Stáit. I gcás ComReg, foráiltear le hAlt 33 an Achta um Rialáil Cumarsáide go nglacfaidh an Coimisiún, arna aontú ag an Aire agus an Aire Airgeadais, le Cód Bainistíochta Airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtas maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit) agus go ndéanfar socrú maidir lena fhoilsiú i ndiaidh a cheadaithe. D'aontaigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Airgeadais an cód bainistíochta airgeadais agus foilsítear an cód ar an láithreán gréasáin.

D'fhonn cuidiú leis an bhfreagracht a chomhlíonadh, chuir an Coimisiún Coiste Iniúchta ar bun ar a bhfuil cúigear comhalta, d'fhonn maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuairiscíochta airgeadais agus ar chórais rialaithe inmhéanacha ComReg. Comhaltaí seachtracha triúr comhaltaí de chuid an Choiste Iniúchta, Cathaoirleach an Choiste, an tUasal Dan Flinter, san áireamh. Feidhmíonn an Coiste Iniúchta faoi théarmaí tagartha foirmeálta agus eagraíodh ceithre chruinniú den Choiste i rith na bliana. Tá de pholasaf ag ComReg teacht leis an gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá tuairisc tugtha ar a chomhlíonadh maidir le míreanna ábhartha den chód, sa Tuarascáil Bhliantúil seo nó trí thuairisc faoi leith i litir chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Ráitis Airgeadais

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2008

| | |
|---|-------|
| TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH | 50 |
| RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN | 51 |
| RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH | 52 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 53 |
| AN RÁITEAS AR PHOLASAITHE CUNTASAÍOCHTA | 54-55 |
| AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 56 |
| CUNTAS LEITHREASA | 57 |
| RÁITEAS MAIDIR LE GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA | 58 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 59 |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID THIRIM | 60 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 61-67 |

Tuarascáil an Chathaoirligh

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2008

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don Choimisiún um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar críoch Meitheamh, 2008 a chur faoi bhráid.

Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Choimisiún um Rialáil Cumarsáide an 1 Nollaig 2002. Sonraítear feidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 agus san Acht um Rialáil Cumarsáide (Leasú), 2007. Baineann na feidhmeanna sin le rialáil agus ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí (lena n-áirítear tarchur raidió agus craoltóireachta), rialáil seirbhísí poist agus rialáil an ainm fearainn .ie. Tá an Coimisiún á mhaoiniú go hiomlán as ioncam a fuarthas ó na tionscail chumarsáide leictreonaí agus phoist. Bhí sé de thionchar ag an gCoimisiún Oifig an Stiúrthóra um Rialú Teileachumarsáide a dhíscaoileadh ar 1 Nollaig 2002 agus aistríodh feidhmeanna an Stiúrthóra go dtí an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide.

Torthaí Airgeadais

Leagtar sonraí maidir le torthaí airgeadais an Choimisiúin amach sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leis na Ráitis Airgeadais. Léiríonn na torthaí don bhliain nach raibh fuilleach nó easnamh ann.

Iniúcháirí agus Cuntais

Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, coinneoidh an Coimisiún i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha é, le cead ón Aire Airgeadais, gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas ar an airgead uile a fhaigheann sé nó a chaitheann sé. Cuirfidh an Coimisiún cuntais isteach chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste maidir le gach bliain. Laistigh de 42 lá ó na cuntais a iniúchadh, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún cóip de na cuntais seo in éineacht le tuarascáil iniúchta an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a choinneáil. Is é Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais an bonn ar a mbunaítear ár bpolasaithe ar rialachas corparáideach.

Éilíonn Alt 33 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 ar an gCoimisiún, cód bainistíochta airgeadais a ghlacadh, le ceadú ón Aire agus ón Aire Airgeadais agus eagróidh sé a fhoilseachán i ndiaidh dó a leithéid de cheadú a fháil. Lena chois sin, éilítear ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a chód bainistíochta airgeadais agus an cód a athbhreithniú agus a athfhoilsiú más cuí. Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún fosta trácht a dhéanamh faoi chomhlíonadh leis an gcód sa tuarascáil bhliantúil.

Rinne an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Airgeadais ár gcód bainistíochta airgeadais (atá bunaithe ar an gCód Cleachtas le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais) a cheadú. Tá an cód foilsithe ar ár láithreán gréasáin agus is é polasaí Choimisiúin comhlíonadh leis an gcód a chinntiú.

Gnóthas Leantach

Creideann na Coimisinéirí, i ndiaidh dóibh fiosruithe a dhéanamh, go bhfuil go leor acmhainní ag an gCoimisiún le leanúint de bheith i mbun gnó go gceann i bhfad agus gur cuí glacadh leis gur gnóthas leantach atá ann agus é ag ullmhú na ráiteas airgeadais.

Cuntais a Íoc go Pras

Tugann an Coimisiún aitheantas dá fhreagracht maidir le comhlíonadh a chinntiú, maidir le gach ábhar, le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach i mBeartaíochtaí Tráchtála) 2002 ("na Rialacháin"). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm d'fhonn na dátaí ar a mbíonn sonraisc dlite le haghaidh íocaíochta a shainaithint agus d'fhonn a chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí seo. Soláthraíonn nósanna imeachta cosúil leis seo dearbhú réasúnta i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha leis na Rialacháin. Ba é an polasaí íocaíochta le linn na bliana faoi athbhreithniú ná riachtanais na Rialachán a chomhlíonadh.

John Doherty

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

24 Feabhra 2009

Ráiteas maidir le freagrachtaí an choimisiúin

Éilíonn Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, ar an gCoimisiún gach cuntas cuí agus gach gnáthchuntas d'airgead a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe i gcibé foirm a cheadódh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ag déanamh idirdhealaithe idir :

(a) a fheidhmeanna maidir le cumarsáid leictreonach agus

(b) a fheidhmeanna maidir le cúrsaí poist.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún

- polasaithe oiriúnacha cuntasáochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- caighdeáin chuntasáochta infheidhme a leanúint, faoi réir ag aon imeacht ábharthach a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí a mheas go leanfaidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide de bheith i mbun gnó.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntasáochta chuif a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Choimisiúin a chuireann ar chumas an Choimisiúin a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le ceanglais an Achta. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a ghlacadh maidir le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

John Doherty
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
24 Feabhra 2009

Ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánaigh

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2008

Freagracht maidir le Rialú Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide tugaim aitheantas d'fhreagracht an Choimisiúin maidir lena chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, beartaíochtaí a údarú agus a thaifeadh mar is ceart, agus go ndéanfaí earráidí nó mírialtachtaí ábhartha ar bith a chosc nó a aimsiú i dtréimhse thráthúil.

Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an gCoimisiún le timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú trí na nithe seo a leanas

- freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le haghaidh cliseadh suntasach rialaithe a thuairisciú agus gníomh cuí ceartúcháin a chinntiú.

Tá próisis bunaithe ag an gCoimisiún d'fhonn rioscaí gnó a shainathint agus a mheas trí na nithe seo a leanas

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair an chomhlachta a shainathint lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a cheapann sé a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dochúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainathníodh;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta déileáil leis na rioscaí a tharlaíonn agus iad a mhaolú.
- measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rialúcháin áirithe a fheidhmiú i gcoibhneas leis an tairbhe a ghnóthaítear.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus freagrachta. Go sonrach cuimsíonn sé:

- córas cuimsithe buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Coimisiún;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an Coimisiún ar thuarascálacha airgeadais bhliantúla agus thréimhsíúla léiríonn feidhmíocht airgeadais I gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagan síos le feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte maidir le rialú ar infheistíocht chaipitil a shainiú go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún, a fheidhmíonn de réir an Chreatoibre Sárchleachtais a leagtar amach sa Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Úsáidtear an anailís ar an riosca atá os comhair an Choimisiúin mar bhonn eolais d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúchta an anailís ar riosca a athbhreithniú agus déanann an Coiste Iniúchta agus an Coimisiún na pleananna iniúchta inmheánaigh a cheadú. Soláthraíonn an tIniúchtóir Inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht an iniúchta inmheánaigh don Choiste Iniúchta agus don Choimisiún gach bliain ar a laghad. Cuimsíonn an tuarascáil tuairim an Iniúcháin ar leorgacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is é a bhíonn mar bhonn eolais do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais ná obair an iniúcháin inmheánaigh, an Coiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúcháin inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Choimisiún ag a bhfuil freagracht as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus tráchtanna a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Dearbhaím go gcuireadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais i gcrích sa bhliain dar chríoch 30 Meitheamh 2008.

John Doherty

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

24 Feabhra 2009

Tuarascáil an ard-reachtair cuntas agus ciste

LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide don bhliain dar chríoch 30 Meitheamh 2008 faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002.

Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na polasaithe cuntasáochta a leagtar amach ann, an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasáochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, An Cuntas Leithreasa, an Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Raiteas ar Shreabhach Airgid Thirim agus na nótaí lena mbaineann.

Freagrachtaí faoi Seach an Choimisiúin agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Rialáil Cumarsáide, 2002, agus as rialtacht na mbeartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn an Coimisiún na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasáochta Choitianta in Éirinn. Leagtar freagrachtaí cuntasáochta Chomhaltaí an Choimisiúin amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin.

Tá sé d'fhreagracht ormsa iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir riachtanas ábhartha dlíthiúil agus rialála agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim faoi cé acu an dtugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom nó nach dtugann, de réir an Chleachtais Chuntasáochta Choitianta in Éirinn. Tuairiscím mo thuairim fosta faoi cé acu an gcoinnítear leabhair chuí chuntasáochta nó nach gcoinnítear. Lena chois sin, maím má bhíonn na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím cás ábhartha ar bith nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm chun na críche a bhí beartaíthe nó nuair nach gclóíonn beartaíochtaí leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím chomh maith mura bhfuil an fhaisnéis nó na míniúcháin uile a theastaíonn chun críocha m'iniúchta faighte agam.

Déanann athbhreithniú ar cé acu an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Choimisiúin leis an gCód Cleachtais le haghaidh Rialachas na gComhlachtaí Stáit nó nach léiríonn agus tuairiscím cás ábhartha ar bith nuair nach ndéanann sé amhlaidh, nó má bhíonn an ráiteas míthreorach nó neamh-chomhsheasmhach le faisnéis eile faoina bhfuil eolas agam ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Níl sé de cheangal orm bhreithniú ar cé acu an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais na rioscaí agus rialúcháin uile nó nach gclúdaíonn, nó níl sé de cheangal orm tuairim a cheapadh ar éifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus breithním cibé an bhfuil sí ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta nó nach bhfuil. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagam ar an eolas faoi aon mhír áiteas d'healraitheacha nó aon neamhréireachtaí leis na ráitis airgeadais.

Bunús na Tuairime Iniúchta

I bhfeidhmíú mo fheidhmeanna mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus trí thagairt ar na breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmíú. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh agus rialtacht na mbeartaíochtaí airgeadais a chuimsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn sé measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus faoi cé acu an bhfuil na polasaithe cuntasáochta oiriúnach do thosca an Choimisiúin nó nach bhfuil, an gcuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach iad nó nach gcuirtear agus an ndéantar iad a nochtadh go leor nó nach ndéantar.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmíú sa dóigh is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a cheapaim riachtanach d'fhonn go leor fianaise a chur ar fáil dom le dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhír áiteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide nó mírialachta eile. Agus mo thuairim á ceapadh agam, rinne mé leorgacht fhoriomlán an chuir i láthair agus na faisnéise sna ráitis airgeadais a luacháil.

Tuairim

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasáochta Choitianta in Éirinn, maidir le staid ghnóthaí an Choimisiúin mar a bhí ar an 30 Meitheamh 2008 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don bliain dar chríoch sin.

I mo thuairimse, choinnigh an Coimisiún leabhair chuí chuntais. Tagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

John Buckley

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
27 Feabhra 2009

Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta

1. COINBHINSIÚN CUNTASAÍOCHTA

Déantar na ráitis airgeadais don Choimisiún, atá san fhoirm a cheadaigh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le cead ón Aire Airgeadais, a ullmhú ar bhonn fabhrúithe ach amháin mar a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir an chleachtas chuntasaíochta choitianta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais arna moladh ag comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a éiríonn siad infheidhme. Is é an Euro aonad airgeadra na Ráiteas Airgeadais.

2. AITHEANTAS IONCAIM

Cruthaítear ioncam ó thobhaigh a bhailítear ar sholáthraí áirithe cumarsáide leictreonaí i agus seirbhísí poist. Úsáidtear na tobhaigh chun an costas rialála a mhaoiniú.

Ina theannta sin, tá ComReg freagrach chomh maith as an speictream raidió a bhainistiú agus eisiúint agus athnuann sé líon mór ceadúnas Raidió-Teileagrafaíochta chuig oibrítheoirí éagsúla, comhlachtaí poiblí, comhlachtaí príobháideacha agus daoine aonair. Gineann na ceadúnais seo formhór an ioncaim táillí a thuilleann ComReg. Bíonn ceanglas ag baint le ceadúnais áirithe go gcaithfear Ioncam Speictrim a íoc le ComReg chun ceart a fháil speictream raidió a úsáid.

Cuirtear an t-ioncam ó thobhach riaracháin na Cumarsáide Leictreonaí i gcuntas thar an tréimhse lena mbaineann sé agus déantar farasbarr ar bith thar na costais riaracháin ábhartha, lena n-áirítear soláthairtí, a aisíoc.

Cuirtear ioncam ó thobhach riaracháin an Phoist i gcuntas thar an tréimhse lena mbaineann sé agus déantar déantar farasbarr ar bith thar na costais riaracháin ábhartha, lena n-áirítear soláthairtí, a aisíoc.

Cuirtear ioncam ó cheadúnas Cábla, MMDS agus Cumarsáide Raidió i gcuntas thar an tréimhse lena mbaineann an cheadúnas.

Is ionann Ioncam Speictrim agus ioncam muirir a íoctar leis an gCoimisiún as an gceart speictream raidió a úsáid. Cuirtear an t-ioncam sin i gcuntas sa tréimhse ina mbíonn sé dlite. Sa bhliain go dtí 30 Meitheamh 2007, is ó speictream raidió 3G a d'eascair an t-ioncam.

Cuirtear ioncam eile i gcuntas thar an tréimhse lena mbaineann sé.

3. LEITHREASÚ BARRACHAIS OIBRÍOCHTA

Tá dáileadh an bharrachais a thagann chun cinn i rith na bliana leagtha amach i gCuntas Leithreasa. Faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002, féadfaidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ordú a thabhairt don Choimisiún cibé suim a íoc isteach sa Státhchiste a shonraíonn sé nó sí a léiríonn an méid a sháraíonn an tsuim chomhiomlán a fuair an Coimisiún i ngach bliain airgeadais na costais chomhiomlána a tabhú maidir le riarachán a oifig sa bhliain sin. Caitear le suimeanna den chineál seo mar dháileadh ón mbarrachas coimeáda a ghineadh ó oibríochtaí.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Glacann an Coimisiún le híostairseach chaipitil de €1,000. Sonraítear sócmhainní seasta ag costas lúide dímhneas carntha. Déantar dímhneas a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní seasta ar bhonn dronlíne a dhíscríobh thar a saolréanna úsáideacha measta ag na rátaí a leanas:

| | |
|-----------------------------------|----------|
| Trealamh teicniúil | -15% |
| Trealamh ríomhairí | -33 1/3% |
| Fearas, feistis & trealamh Oifige | -15% |
| Mótarfheithicil | -20% |

5. CÚLCHISTE CAIPITIL

Léiríonn an cúlchiste caipitil méid an ioncaim gan amúchadh a úsáideadh le sócmhainní seasta a cheannach.

6. AIRGEADRAÍ COIGCRÍCHE

Déantar beartaíochtaí a ainmnítear in airgeadraí coigcríche a bhaineann le hioncam agus costais a aistriú go dtí an Euro ag na rátaí malairte i réim ar na dátaí ar ar tharla na beartaíochtaí.

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigcríche a aistriú go dtí an Euro ag na rátaí malairte i réim ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

Ráiteas ar pholasaithe cuntasáochta

AR LEAN

7. PINSIN

Is iad Coimisinéirí agus fostaithe a earcaítear go díreach foireann an Choimisiúin. Tá scéim phinsin shochair shainithe (a bhunaigh an ODTR ar dtús) i bhfeidhm do Choimisinéirí agus d'fhostaithe an Choimisiúin. Maoinítear an scéim trí ranníocaíochtaí ó Choimisinéirí, ó fhostaithe agus ón gCoimisiún agus aistrítear iad chuig ciste ar leithligh arna riaradh ag iontaobhaithe.

Ghlac an Coimisiún le foráil iomlán shochair scoir FRS 17. Déantar sócmhainní scéime pinsin a thomhas ag luach cothrom. Tomhastar dliteanas scéime pinsin ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as an modh aonaid teilgte. Léirítear breis ar dhliteanas scéime thar shócmhainní scéime ar an gClár Comhardaithe mar dhliteanas.

Cuimsíonn an muirear pinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an costas seirbhíse reatha móide an difear idir an toradh tuartha ar shócmhainní scéime agus costas úis na ndlitéanas scéime.

Aithnítear ghnóthachain agus cailteanas achtúireacha a eascraíonn as athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha agus ó fhuílligh agus easnaimh sa ráiteas maidir le gnóthachain agus cailteanas aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

8. CÁNACHAS

Níl Cáin Chorparáide faoi dhliteanas an Choimisiúin. Níl ioncam a bhailíonn an Coimisiún faoi réir ag CBL. Déantar foráil do chánachas ar ús taisce a fhaightear.

9. LEITHDHÁILEADH COSTAS

Tá sé de cheangal ar an gCoimisiún faoi Alt 32 den Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002 idirdhealú a dhéanamh idir a fheidhmeanna a bhaineann le cumarsáid leictreonach agus a fheidhmeanna a bhaineann le cúrsaí poist. Déantar ioncam agus caiteachas a bhaineann go díreach le gach feidhm a thairfeadh i gcuntais na feidhme sin. Déantar forchostais roinnte a leithdháileadh ar gach feidhm i gcomhréir le líonta na foirne atá páirteach i ngach feidhm.

An cuntas ioncaim agus caiteachais

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2008

| Nótaí | 2008 | | 2008 Post | An Bhliain go 30 Meitheamh 2008 | | An Bhliain go 30 Meitheamh 2007 |
|--|------------------|--|--------------|---------------------------------------|---------------|---------------------------------------|
| | Tobhach €'000 | Cumarsáid Leictreonach Eile €'000 | | Tobhach €'000 | Eile €'000 | lomlán €'000 |
| IONCAM | | | | | | |
| Tobhach | 9,848 | | 1,409 | 11,257 | 11,075 | |
| Táillí Ceadúnaithe | 1 | 25,660 | | 25,660 | 23,696 | |
| Ioncam Speictrim | 1 | 7,600 | | 7,600 | 52,000 | |
| Ioncam Eile | 1 | 1,902 | | 1,902 | 1,890 | |
| IONCAM COMHLÁN | | | | | | |
| Aistriú (chuig) cúlchiste caipitil | 7 | | 1,409 | 46,419 | 88,661 | |
| | | (83) | | (83) | (1,203) | |
| GLAN-IONCAM | | | | | | |
| | 9,848 | 35,079 | 1,409 | 46,336 | 87,458 | |
| CAITEACHAS | | | | | | |
| Costais Foirne | 2 | 5,675 | 3,218 | 569 | 9,462 | 8,694 |
| Costais Phinsean | 12(b) | 631 | 359 | 64 | 1,054 | 1,125 |
| Comhairle Theicniúil | | 4,839 | 773 | 531 | 6,143 | 4,126 |
| Costais Dhlíthiúla | | 62 | 130 | 1 | 193 | 169 |
| Fógraíocht | | 145 | 61 | 8 | 214 | 307 |
| Costais Riaracháin | | 1,789 | 1,121 | 129 | 3,039 | 2,770 |
| Luach Saothair Iniúcháirí | | 14 | 10 | 1 | 25 | 25 |
| Costais Áitribh agus Costais Bhainteacha | | 801 | 560 | 76 | 1,437 | 1,336 |
| Dímheas | | 318 | 219 | 30 | 567 | 390 |
| Síntiúis ar Eagraíochtaí Idirnáisiúnta | 10 | 318 | | 318 | 213 | |
| | | 14,592 | 6,451 | 1,409 | 22,452 | 19,155 |
| BARRACHAS / (EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN | | | | | | |
| | | (4,744) | 28,628 | 0 | 23,884 | 68,303 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 15.

John Doherty

Cathaoirleach

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Cuntas Leithreasa

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2008

| | | An bhliain go 30 Meitheamh 2008 lomlán €'000 | An bhliain go 30 Meitheamh 2007 lomlán €'000 |
|---|---|--|--|
| BARRACHAS OIBRÍOCHTA | | 23,884 | 68,303 |
| Lúide: Leithreasaí | | | |
| Iníochta leis an bPríomhchiste | 8 | (21,499) | (68,303) |
| Ranníocaíochtaí breise do Chiste Pinsin | 8 | (2,500) | - |
| Coigeartú Chúlchiste Pinsin | 8 | 115 | - |
| BARRACHAS TUGTHA CHUN CINN | | 0 | 0 |

Is cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go dtí 15.

John Doherty
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

Ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEITHEAMH 2008

| | | An bhliain go 30 Meitheamh 2008 Iomlán €'000 | An bhliain go 30 Meitheamh 2007 Iomlán €'000 |
|--|----------|--|--|
| | Nótaí | | |
| BARRACHAS | | 0 | 0 |
| Toradh Iarbhír lúide toradh tuartha ar shócmhainní scéime | 12(ciii) | (3,795) | 737 |
| Gnóthachain / (cailteanais) taithí ar dhliteanais scéime pinsin | 12(cii) | (99) | (1,880) |
| Athruithe i mboinn tuisceana mar bhun le luach reatha na dliteanas scéime pinsin | 12(cii) | (669) | 962 |
| Aistriú isteach do réamh-sheirbhís | 12(ciii) | 921 | 1,129 |
| Gnóthachan / (Cailteanas) Aitheanta Iomlán a bhaineann leis an mBliain Airgeadais | | (3,642) | 948 |

